An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission




# ATHBHREITHNIÚ I nDIAIDH IMEACHT TOGHCHÁIN

An tOlltoghchán | 29 Samhain 2024

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Bealtaine 2025
ISBN: 978-1-911722-12-0

**An Coimisiún Toghcháin,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2,
D02 X8X8.**

@ElecCommIRL

# An Clár Ábhar


1. An Brollach 2
2. Achoimre Fheidhmeach 4
3. Raon Feidhme PEERanna 12
4. Freastal agus Breathnóireacht na nImeachtaí Toghcháin 13
5. Seicliosta PEER 14
6. Stáisiúin Vótála – Critéir Roghnúcháin 23
7. Bealaí PEER 24
8. Anailís 28
9. Dea-chleachtais a Chonacthas 35
10. Sonraí Vótála Toghchán: Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais 37
11. Taithí Breathnóirí PEER 38
12. Taithí Vótálaithe 40
13. Cás-staidéir 44
14. Na Chéad Chéimeanna Eile 65
15. Iarnótaí 67
16. Aguisíní 69

Aguisín 1 – Feachtas Eolais d'Olltoghchán an 29 Samhain 69
Aguisín 2 – Innéacs na Stáisiún Vótála ar Tugadh Cuairt Orthu 72
Aguisín 3 – Anailís Staitistiúil ar Sheicliosta PEER 79
Aguisín 4 – Comhfhreagras leis an Aire James Browne 81
Aguisín 5 – Tuarascáil Toghcháin Shamplach – Toghchán Dála an 29 Samhain 2024 82

# 1. An Brollach



Vótáil muintir na hÉireann in olltoghchán le haghaidh Dháil Éireann ar an 29 Samhain 2024, agus toghadh 174 Teachta Dála i 43 dáilcheantar: an Dáil is mó riamh i stair an stáit.

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí reachtúla a dhílsítear dó le halt 68 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, d'ullmhaigh an Coimisiún Toghcháin (an Coimisiún) an tuarascáil seo ar riarachán an olltoghcháin agus foilsítear anois é. Cuireadh é sin in iúl don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus do na cinn chomhairimh a ceapadh le haghaidh an toghcháin sin.


Is é seo an tríú tuarascáil ar Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin (PEER) a d'fhoilsigh an Coimisiún ó bunaíodh muid ar an 9 Feabhra 2023. De réir na bhforálacha reachtacha a rialaíonn PEERanna, leagtar béim sa tuarascáil seo ar an gcúnamh a tugadh do thoghthóirí agus iad ag caitheamh vóta, toghthóirí faoi mhíchumas go háirithe. Tá an uilechuimsitheacht agus an chothroime ina bprionsabail treorach dár gcuid oibre, agus tá an inrochtaineacht ríthábhachtach d'fholláine agus do shláine ár gcórais toghcháin.

Mar a tharla lenár PEERanna i mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2024, thug comhaltaí agus foireann an Choimisiúin faoi bhreathnóireacht ar vótáil ag stáisiúin vótála le haghaidh na tuarascála seo. Cloíodh le príomhphrionsabail na breathnóireachta toghcháin idirnáisiúnta i rith na gcuairteanna sin. Roghnaíodh stáisiúin vótála bunaithe ar raon critéar: aiseolas ó vótálaithe, ionadaíocht gheografach, agus ár gcúram mar eagraíocht rannpháirteachas a spreagadh agus a mhéadú i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht agus imeallaithe. Thugamar cuairt ar 87 stáisiún vótála san iomlán ar fud gach contae.

Ó Árainn Mhór amach ó chósta Dhún na nGall, go hInis Arcáin ó dheas de Chorcaigh, b'ardú meanman d'ionadaithe an Choimisiúin gairmiúlacht agus díograis na foirne toghcháin. Tá eagrú agus reáchtáil olltoghcháin in imeacht cúpla seachtain ghairid ina thasc ollmhór, de réir anailís ar bith, ach ceann ar a mbíonn daonlathas ionadaíoch na hÉireann ag brath. Chinntigh dúthracht agus saineolas na gceann comhairimh agus a n-oifigeach go bhféadfaí an t-olltoghchán a reáchtáil ar lá fliuch geimhridh, agus molaimid iad as a n-ábaltacht agus a ngairmiúlacht.

B'ábhar mór spreagtha dúinn go háirithe iarrachtaí na bhfoirne toghcháin a fheiceáil agus iad ag éascú vótálaithe a raibh sé deacair orthu vóta a chaitheamh, daoine aosta agus breoite agus iad siúd a chónaíonn i dtithe altranais ina measc. Den chéad uair, chuamar chuig an vótáil in éineacht le toghthóirí faoi mhíchumais éagsúla agus iad ag dul go stáisiúin vótála ar fud Leithinis Bhéal an Mhuirthead i dtuaisceart Mhaigh Eo chun vóta a chaitheamh. Chonaiceamar na deacrachtaí a bhí ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí i roinnt de na stáisiúin vótála, cé gur thuigeamar gur chruthaigh an drochaimsir dúshláin faoi leith maidin lá na vótála. Síos trí na trí thuarascáil PEER dár gcuid, d'fhoghlaimíomar go leor faoi na constaicí sin. Cé gurbh údar áthais dúinn dul chun cinn a fheiceáil ar inrochtaineacht fhisiciúil i roinnt suíomhanna ar an 29 Samhain, tá obair mhór le déanamh fós.


Thugamar deacrachtaí a bhí ag roinnt vótálaithe faoi deara, nach ndearnadh anailís orthu cheana, a bhain le hiarratas a dhéanamh ar vóta poist i bhfianaise chomh gearr is a bhí an tréimhse chun cur isteach air don toghchán seo.



| Eochair | |
|---|---|
| | Dáileadh Tíreolaíoch |
| | Innéacs Pobal do Bhaile Átha Cliath |
| | Innéacs Pobal don Chuid Eile d'Éirinn |
| | Céatadán Íseal Toghthóirí a Vótáil i gCathair Bhaile Átha Cliath |
| | Rannpháirtíocht an Phobail |
| | Toghthóirí idir 18–24 Bliain d'Aois |
| | Cás-staidéar IWA |

Tapaímid an deis anseo roinnt athchóirithe reachtacha agus riaracháin a mholadh, a bhfuil d'aidhm leo inrochtaineacht an chórais toghcháin a fheabhsú sa chiall is leithne. Sonraímid freisin nár cuireadh i bhfeidhm go hiomlán go leor de na moltaí a rinne an Coimisiún in PEERanna roimhe seo, agus athshonraímid iad arís anseo dá bharr sin.

Tá súil agam go gcuirfidh an anailís sa tuarascáil seo le feabhsú an chórais toghcháin. Ní bheadh go leor de na moltaí a mholaimid ródheacair le cur i bhfeidhm, ach meastar go gcabhróidís go praiticiúil agus go dearfach leis an taithí vótála agus le méadú a bhaint amach ar an rannpháirteachas in imeachtaí toghcháin amach anseo. Molaim don léitheoir í.



**An Breitheamh Onórach Marie Baker**
Cathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin

# 2. Achoimre Fheidhmeach

Bhí 2024 ar cheann de na blianta ba ghnóthaí riamh i gcás imeachtaí toghcháin ó bunaíodh an stát. Bhí dhá reifreann i mí an Mhárta, toghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus toghcháin áitiúla agus do Mhéara Luimnigh i mí an Mheithimh, agus an t-olltoghchán ag deireadh mhí na Samhna.

Foráiltear in alt 68 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* go bhféadfaidh an Coimisiún Toghcháin tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú i ndiaidh gach imeachta toghcháin ar riarachán an imeachta toghcháin – 'Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin' (PEER) – agus go bhfoilseofar na tuarascálacha PEER sin laistigh de shé mhí den imeacht toghcháin. Go dtí seo, rinne an Coimisiún dhá thuarascáil PEER a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú de réir na bhforálacha sin: le haghaidh reifrinn an Mhárta agus thoghcháin an Mheithimh.

Is í seo an tríú tuarascáil PEER agus baineann sí leis an olltoghchán a bhí ar bun ar an 29 Samhain 2024. Déanann modheolaíocht gach PEER, agus an cur chuige a ghlactar ina leith, machnamh agus forbairt ar an taithí agus na breathnóireachtaí ón gceann roimhe. Go sonrach, léiríonn an cur chuige a ghlactar sa PEER seo forbairt toisc go leathnaítear raon feidhme na hanailíse ó inrochtaineacht stáisiún vótála a fheictear trí chuairteanna ar lá na vótála go cur chuige níos leithne 'feictear agus ansin tuigtear'. An uair seo, d'fhreastail an Coimisiún ar eisiúint vótaí poist; bhreathnaigh ar vótáil speisialta ar bun i dtithe altranais; agus chonaic go pearsanta taithí toghthóirí faoi mhíchumas ag fáil tacaíocht chun taisteal go stáisiúin vótála agus a vóta a chaitheamh.

Mar a tharla sna PEERanna roimhe seo, ba é an mhodheolaíocht a úsáideadh obair allamuigh ag a rabhthas i láthair go pearsanta, sonraí suirbhé ón Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) agus aiseolas ó vótálaithe ar ríomhphost nó trí ghlaoch a chur ar oifigí an Choimisiúin. I gcás an mheasúnaithe ar stáisiúin vótála, thug comhaltaí agus baill foirne ón gCoimisiún cuairt ar 87 stáisiún vótála in 26 contae ar fud an Stáit. Cosúil lenár dtaithí i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh, bhí na foirne toghcháin an-chabhrach agus béasach lenár bhfoirne, agus ba léir a n-obair chrua agus a dtiomantas i gcaitheamh ár gcuairteanna.

As an 87 stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu:

- bhí 56 stáisiún vótála i gceantair a ainmníonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) mar cheantair uirbeacha:[1] bhí 37 díobh siúd i gcathracha, agus 20 díobh siúd i gcathair Bhaile Átha Cliath;
- bhí naoi stáisiún vótála i gceantair Ghaeltachta;
- roghnaíodh cúig stáisiún vótála i gContae Mhaigh Eo mar chuid de chomh-chás-staidéar a rinneadh i gcomhpháirt le húsáideoirí seirbhíse Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA);
- tharraing baill den phobal aird an Choimisiúin ar shé stáisiún vótála toisc go raibh deacrachtaí inrochtaineachta nó príobháideachais ag baint leo;
- bhí dhá stáisiún vótála ar oileáin amach ón gcósta.

Ba é seo an chéad uair dúinn PEER a dhéanamh le haghaidh olltoghcháin. I dteannta na tréimhse gairide idir fógairt agus reáchtáil an olltoghcháin, cruthaíodh amchláir dhúshlánacha mar gheall ar na forálacha reachtúla le haghaidh olltoghcháin (féach Tábla 1 thíos), ar nós an spriocdháta chun clárú le haghaidh vóta poist (dhá lá i ndiaidh lánscor na Dála) agus na spriocdhátaí chun iarrthóirí a ainmniú/a tharraingt siar. Féadfaidh na hamlínte sin deacrachtaí a chruthú le haghaidh gnéithe áirithe de riarachán toghcháin, ar nós daoine a cháilíonn do

vóta poist ach nach bhfuil a fhios acu go dteastóidh sé uathu go dtí go bhfógraítear dáta an toghcháin (daoine a bheidh as láthair ar an dáta sin mar gheall ar chúrsaí oibre, mar shampla). Cruthaíonn sé fadhbanna freisin mar go gcuirtear srian ar an am atá ar fáil chun ballóidí a chur chuig ár n-ambasáidí thar lear agus iad a sheoladh ar ais.

**Tábla 1: Amlínte don olltoghchán ar an 29 Samhain 2024.**

| Príomhdhátaí 2024 | |
|---|---|
| 8 Samhain | Forógra ag lánscor Dháil Éireann |
| 8 Samhain | Eisiúint Eascaire Toghcháin |
| 8 Samhain | Eisiúint Ordaithe maidir leis an Lá Vótaíochta |
| 10 Samhain | Spriocdháta d'iarratais ar vóta poist |
| 11–13 Samhain | Foilsiú Fhógraí an Toghcháin |
| 12 Samhain | Spriocdháta chun clárú le vótáil |
| 14 Samhain | Oscailt Ainmniúchán |
| 16 Samhain | Dúnadh Ainmniúchán |
| 18 Samhain | Tarraingt Siar Ainmniúchán |
| 19 Samhain | Profáil agus ceadú na bpáipéar ballóide |
| 20–21 Samhain | Soláthar tosaigh na bpáipéar ballóide |
| 29 Samhain | Lá na Vótála |

Bíonn tionchair iarmhartacha ag na hamlínte sin freisin do phriontáil na bpáipéar ballóide agus do phriontáil agus seachadadh na gcártaí faisnéise vótaíochta. Tuigtear dúinn



nár eisíodh cártaí faisnéise vótaíochta i roinnt ceantair áitiúla dá bharr. Ag stáisiún vótála amháin i gcathair Luimnigh ar thug foireann breathnóireachta PEER cuairt air, mheas an fhoireann vótála go raibh 80% de na toghthóirí (agus níos mó fós seans) ag teacht gan cártaí faisnéise vótaíochta mar nár seachadadh iad orthu de réir dealraimh.

Fadhb eile a tháinig chun cinn i ndáilcheantar Chathair Luimnigh ná earráid riaracháin a d'fhág nach raibh cuid d'ainmneacha na n-iarrthóirí san olltoghchán in ord aibítre ar an bpáipéar ballóide, mar a cheanglaítear faoi alt 88(1)(a) den *Acht Toghcháin, 1992*. An uair seo, ní dhearnadh agóid in aghaidh thorthaí an toghcháin sa dáilcheantar seo mar gheall ar an earráid sin.

I ndiaidh *Tuarascáil Athbhreithnithe Toghcheantar 2023*[2] a rinne an Coimisiún, tháinig méadú ar líon na ndáilcheantar ó 39 go 43 .i. bhí ceithre dháilcheantar nua sa toghchán seo. Le haghaidh olltoghchán Shamhain 2024, chónaigh thart ar 800,000 duine i ndáilcheantar a bhí nua nó difriúil, i gcomparáid leis an olltoghchán deiridh in 2020. I roinnt cásanna eisceachtúla, de bharr earráidí i scéimeanna vótála i dteannta na n-athruithe ar theorainneacha nua na ndáilcheantar, chaith grúpaí beaga toghthóirí vóta sa dáilcheantar mícheart i mBaile Átha Cliath. Ag eascairt as sin, creidimid gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna vótála i ndiaidh aon athrú ar theorainneacha toghcheantar i ndiaidh athbhreithniú toghcheantar, agus gur cheart treoir bhreise a thabhairt d'oifigigh cheannais faoin gcaoi le haghaidh a thabhairt ar an gcás seo dá dtarlódh sé amach anseo, cé gur cheart tús áite a thabhairt ar ndóigh do cibé gníomh a theastaíonn chun earráidí dá leithéid a sheachaint.

Athraíodh socruithe riaracháin freisin de bharr na n-athruithe ar theorainneacha; i stáisiún vótála amháin ar thug foireann breathnóireachta PEER cuairt air, socraíodh na stáisiúin vótála le haghaidh an dá dháilcheantar Gaillimh Thoir agus Ros Comáin-Gaillimh in aon seomra scoile amháin. Bhí dhá dheasc ag scaradh na mbothán vótála ansin, rud a chuir mearbhall ar thoghthóirí i dtaobh cén bothán vótála a bhain leo.

Bhreathnaíomar ar eisiúint vótaí poist le haghaidh an olltoghcháin le haghaidh dhá dháilcheantar agus chonaiceamar seachadadh vótaí poist thar lear tríd an "mála



taidhleoireachta” mar a riar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála é. De thoradh ar ár mbearta breathnóireachta ar an bpostvótáil, shainaithníomar athruithe nósmhaireachta a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm roimh an taighde ar phostvótáil a gcuirfidh an Coimisiún tús leis níos deireanaí in 2025 mar chuid de *Chlár Taighde 2024–2026* dár gcuid.

D’fhreastalaíomar ar vótáil speisialta i dtithe altranais i ndáilcheantar Thiobraid Árann Thuaidh agus scrúdaíomar na sonraí atá ar fáil fúthu siúd atá cláraithe le haghaidh an vóta speisialta agus an vóta poist ar fud na tíre. Táimid den tuairim go bhfuil an scaradh de shonraí toghcháin ar vótáil speisialta ó shonraí ar phostvótáil (ar na foirmeacha tuairiscithe le haghaidh sonraí toghcháin, mar shampla) riachtanach le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad amach anseo, an toghchán uachtaráin i bhfómhar 2025 ina measc. Déantar na catagóirí sin a comhiomlánú faoi láthair; taifeadtar an líon vótaí a ndiúltaítear dóibh ag an oscailt mar iomlán na vótaí poist agus na vótaí speisialta, agus an líon vótaí a cuireadh agus a aimsíodh sa bhosca ballóide mar iomlán na vótaí poist agus na vótaí speisialta. Toisc nach bhfuil deighilt idir na sonraí le haghaidh vótaí poist agus vótaí speisialta, cuirtear bac ar ár n-acmhainn maoirseachta toisc go dtéann sé i bhfeidhm ar ár gcumas patrúin fhoriomlána postvótála agus vótála speisialta a scrúdú.

B’údar misnigh é gur léirigh ár gcuairteanna ar stáisiúin vótála i mí na Samhna dul chun cinn le hais PEERanna roimhe sin. Bhí fianaise ann gur thug cinn chomhairimh aird ar réimsí a sainaithníodh mar dhúshlánach inár dtuarascálacha roimhe seo faoi reifrinn an Mhárta agus toghcháin an Mheithimh. Bhí fíor-iarracht chun inrochtaineacht stáisiún vótála áirithe a fheabhsú le feiceáil.

I gcomparáid lenár mbreathnóireachtaí ar imeachtaí toghcháin roimhe sin in 2024, chonaiceamar méadú ar thoghthóirí faoi mhíchumas nó aosta ag fáil cúnamh leis an bpróiseas vótála i stáisiúin vótála – ón bhfoireann vótála agus ó chompánaigh vótála araon. Cleachtas dearfach, agus ceann nua dar linn, a tugadh faoi deara ná úsáid comharthaí chun a mheabhrú do thoghthóirí gur cheart dóibh a chinntiú gur stampáladh a bpáipéar ballóide nuair a eisíodh dóibh é. Chonacthas é sin i ndáilcheantair éagsúla arís agus arís eile agus moltar é. Bhí feabhas freisin ar inrochtaineacht na n-urrann vótála; go ginearálta, is cosúil go bhfuil méadú ag stáisiúin vótála ar an úsáid a bhaintear as urranna vótála nua-aimseartha, ina mbíonn urrann íseal-leibhéal d’úsáideoirí cathaoireacha rothaí.

I gcás an phríobháideachais, thuairiscigh foirne breathnóireachta PEER níos lú fadhbanna a bhain leis an bpríobháideachas i stáisiúin vótála ná mar a chonacthas i rith thoghcháin an Mheithimh. Maidir le toghthóirí a bhfuil lagú amhairc orthu, bhí teimpléid páipéir ballóide ar fáil ag 97%[3] de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu, cé nach bhfacthas iad á n-úsáid ach faoi dhó.

Mar a tharla inár mbreathnóireachtaí PEER i mí an Mhárta agus mí an Mheithimh, chonacthas fadhbanna inrochtaineachta ar nós céimeanna, athruithe géara ar leibhéil, ciumhais tairseacha agus easpa rampaí cathaoireacha rothaí agus bhí leibhéal na treochomharthaíochta taobh amuigh de stáisiúin vótála fós sách íseal. Le toghchán uachtaráin ar na bacáin i bhfómhar 2025, ag tógáil ar thuarascálacha PEER go dtí seo, creideann an Coimisiún go bhfuil am agus deis ann aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí rochtana agus an gá atá le níos mó comharthaíochta atá feabhsaithe.

Bhí príomhbhealach isteach a bhí inrochtana do vótálaithe faoi mhíchumas ag 75% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu i mí na Samhna, céatadán atá ag teacht lenár mbreathnóireachtaí in PEERanna roimhe seo: 74% i rith thoghcháin áitiúla agus Eorpacha an Mheithimh, agus an céatadán ceannann céanna, 75%, i rith na reifreann ar an Teaghlach agus Cúram i mí an Mhárta. Cé gur sainaithníodh deacrachtaí rochtana leis na príomhbhealaí isteach

ag 25% de na stáisiúin vótála, nuair a chuirtear socruithe rochtana malartacha san áireamh, bhí thart ar 89% de na stáisiúin vótála ar thug an Coimisiún cuairt orthu inrochtana do vótálaithe faoi mhíchumas. Ba é seo an chéad uair a taifeadadh bealaí isteach malartacha le haghaidh úsáideoirí cathaoireacha rothaí mar chuid den PEER, cé go gcreidimid nach bhfuil aon rogha níos fearr ná rochtain uilíoch do gach toghthóir trí phríomhbhealach isteach amháin.

Ar an drochuair, maidir lenár gcás-staidéar a rinneadh i gcomhar le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA), chonaiceamar úsáideoirí cathaoireacha rothaí nach raibh in ann dul isteach ina stáisiún vótála gan chúnamh i bpéire de na cúig stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu i dToghlimistéar Áitiúil Bhéal an Mhuirthead. Ar lá na vótála, ar fud Bhéal an Mhuirthead, bhuaileamar le húsáideoirí seirbhíse IWA atá faoi raon míchumas agus a thug tuairimí idir mhaith agus olc i dtaobh na vótála. Chuir úsáideoir cathaoireach rothaí leictrí in iúl go raibh sí go hiomlán sásta lena taithí vótála; dúirt toghthóir a bhfuil lagú amhairc air go raibh sé deacair air an teimpléad páipéir ballóide a úsáid agus gur chaith sé vóta le cúnamh ó oifigeach ceannais in áit é a úsáid; thug vótálaí eile a bhfuil lagú amhairc orthu a ngloine formhéadúcháin féin chun an páipéar ballóide a fheiceáil; agus chuir toghthóir faoi mhíchumas intleachta in iúl go raibh an fhoireann vótála an-chabhrach.

Ceacht an-tábhachtach don Choimisiún ón gcás-staidéar seo ab ea an tábhacht a bhaineann le cur chuige leathan a ghlacadh i leith na hinrochtaineachta. Trí dhul in éineacht le IWA agus a úsáideoirí seirbhíse i gContae Mhaigh Eo, fuaireamar léirthuiscint i bhfad níos fearr don chaoi a mbaineann inrochtaineacht stáisiúin vótála le níos mó ná píosaí bonneagair ar leith ar nós rampaí. Baineann sé ag deireadh an lae le dearadh agus gluaiseacht na taithí vótála ó thús deireadh agus an t-idirghníomhú idir gnéithe difriúla den aistear agus bonneagar vótála. Cé gur príomhuirlis í an bhreathnóireacht a úsáidimid chun PEERanna a chur i dtoll a chéile, chinn an Coimisiún cur leis sin le sonraí cainníochtúla ar scála níos mó i dtaobh thaithí na vótálaithe trí cheisteanna ar thaithí na vótálaithe a chur leis an Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS). Bailíodh roinnt sonraí dá leithéid i mí an Mhárta agus cuireadh leis sin agus forbraíodh é i mí an Mheithimh. I ndiaidh an olltoghcháin, dúirt 2,200 freagróir gur chaith siad vóta. Astu siúd, cosúil le mí an Mhárta agus mí an Mheithimh, b'ábhar misnigh go ndúirt 99% go raibh a dtaithí vótála éasca nó sách éasca.

Dúirt 13% de na vótálaithe nach bhfuair siad an cúnamh a theastaigh uathu ó fhoireann an ionaid vótála nuair a chaith siad vóta i mí na Samhna, i gcomparáid le 12% de na freagróirí i mí an Mheithimh. Ar deireadh, dúirt an cúigiú cuid de na vótálaithe (21%) go raibh leagan amach an pháipéir ballóide deacair le leanúint, rud a thugann le fios go bhfuil seans ann go dteastaíonn níos mó oibre air sin in oideachas vótálaithe. Treisíonn sé freisin an gá atá le taighde beartaithe an Choimisiúin ar dhearadh na bpáipéar ballóide.

Tuigimid go bhfuil go leor gnéithe de riarachán imeachta toghcháin a mbeadh fiúntas le breathnóireacht agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Dá bhrí sin, tarraingítear aird sa PEER seo freisin ar athchóirithe nó athruithe breise nós imeachta agus a bhaineann le beartas ba cheart a mheas, chomh maith le roinnt moltaí sonracha a bhaineann le hinrochtaineacht vótála do dhaoine faoi mhíchumas.

Sainaithníomar constaicí breise freisin a bhíonn le sárú ag toghthóirí sa chatagóir 'tinneas/míchumas' agus molaimid go réiteofaí iad sin go práinneach, toisc go bhféadfadh costais bhreise a bheith ar na toghthóirí sin faoi láthair (féach 'Cás-staidéar: Constaicí a chuireann bac ar phostvótáil – costas' ar lch 53). Anuas air sin, bíonn ceanglais bhreise faoin dearbhú aitheantais le comhlíonadh ag toghthóirí atá i dteideal vóta poist faoin gcatagóir 'gairm/mic léinn'




nach mbíonn le comhlíonadh ag daoine eile atá i dteideal vóta poist (féach 'Cás-staidéar: Vóta Poist Gairme/Mic Léinn' ar lch 54). Ba cheart an chumarsáid i dtaobh na gceanglas sin a fheabhsú.

Bunaithe ar ár gcuid breathnóireachtaí i stáisiúin vótála, molaimid freisin go dtabharfaí treoir don fhoireann vótála ar ábhar eile a tháinig chun cinn arís agus arís eile – cártaí faisnéise vótaíochta a d'fhág vótálaithe ar bhord an oifigigh ceannais. Tá impleachtaí cosanta sonraí agus príobháideachais aige sin mura ndéantar iad a dhiúscairt go slán.

Ar deireadh, mar a rinneadh le haghaidh thoghcháin an Mheithimh, chuireamar glaoch tástála ar na huimhreacha saorghlao ina liostaítear na hiarrthóirí san ord ina mbíonn siad ar an bpáipéar ballóide; ceaptar iad seo chun tacú le vótálaithe a bhfuil lagú amhairc orthu den chuid is mó. Bhaineamar de thátal as sin go mbeadh comhaid fuaime ina rogha bhreise úsáideach dá gcuirfí ar fáil iad ar shuíomhanna gréasáin na gceann comhaireamh, chomh maith le www.gov.ie roimh imeacht toghcháin.

Athdhearbhaíonn an Coimisiún an gá atá le tuilleadh dul chun cinn ar inrochtaineacht fhisiciúil na stáisiún vótála le haghaidh toghthóirí faoi mhíchumas, agus aithnítear an obair a rinneadh air seo ó thús 2024. Teastaíonn gníomh leanúnach uathu siúd ar fad atá páirteach i stáisiúin vótála a roghnú nó sna critéir a úsáid chun iad a roghnú a leagan síos, chun inrochtaineacht na stáisiún vótála a mhéadú tuilleadh. Roghnaítear foirgnimh áirithe fós mar stáisiúin vótála cé nach bhfuil siad feiliúnach. Go sonrach, tugann ár mbreathnóireachtaí i mí na Samhna le fios go dteastaíonn athbhreithniú ar chaighdeáin inrochtaineachta agus rátáil inrochtaineachta le haghaidh na stáisiún vótála fós, mar a moladh inár gcéad tuarascáil PEER ar reifrinn an Mhárta.[4]

## Moltaí PEER an Mhárta

| | |
|---|---|
| | Na caighdeáin inrochtaineachta le haghaidh stáisiúin vótála a athbhreithniú agus a leathnú i **Seicliosta Inrochtaineachta** nuashonraithe. |
| | **Rátáil Inrochtaineachta** a shannadh do gach stáisiún vótála atá éasca le seiceáil ag toghthóirí roimh dóibh vóta a chaitheamh. |

Ag teacht leis na moltaí PEER roimhe seo, déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn mar a leagtar amach i dtiomantais an Choimisiúin thíos.

Molaimid an méid seo a leanas bunaithe ar an PEER seo:

## Moltaí PEER na Samhna

| |
|---|
| Deireadh a chur le gach táille a bhaineann le teastas leighis a fháil, a ghearrtar ar dhaoine atá ag cur isteach ar an vóta poist mar gheall ar thinneas nó míchumas. Molann an Coimisiún go láidir gur cheart é sin a dhéanamh roimh thoghchán uachtaráin 2025. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar na hamlínte reachtúla i ndiaidh lánscor na Dála chun a chinntiú go dtugtar gach deis do vótálaithe vóta poist a eagrú, agus go mbíonn siad siúd a dteastaíonn uathu clárú le vótáil den chéad uair nó ag seoladh nua in ann sin a dhéanamh. |
| Leasú a dhéanamh ar *Fhoirm PV4 – Iarratas ar vóta poist mar gheall ar chúiseanna oibre/seirbhísí nó staidéir*, ionas go sonraítear go soiléir ar an bhfoirm iarratais na ceanglais faoi fhreastal ar stáisiún Gardaí agus an dearbhú aitheantais. |
| Treoir a eisiúint d’oifigigh cheannais faoi dhiúscairt shábháilte agus shlán na gcártaí faisnéise vótaíochta a fhágann toghthóirí i stáisiúin vótála. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna vótála i ndiaidh aon athrú a dhéanamh ar theorainneacha toghcháin mar gheall ar athbhreithniú toghcheantar. |
| Treoir a eisiúint d’oifigigh cheannais faoin gcaoi le freagairt do chásanna ina n-eisítear páipéir bhallóide don toghcheantar mícheart do thoghthóirí. |
| Leasú a dhéanamh ar na foirmeacha tuairiscithe a chomhlánaíonn cinn chomhairimh i ndiaidh gach imeachta toghcháin ionas go mbíonn na staitisticí agus vótaí ón bpostvótáil scartha ó na sonraí faoin vótáil speisialta. |
| Uimhreacha saorghlao a thaispeáint ina dtugtar liosta d’iarrthóirí san ord ina mbíonn siad ar an bpáipéar ballóide go soiléir ar leathanach baile shuíomhanna gréasáin na gceann comhaireamh agus www.gov.ie. Mar rogha bhreise ar na suíomhanna gréasáin sin, comhaid fuaime a sholáthar ina nglaoitear amach liosta na n-iarrthóirí san ord ina mbíonn siad ar an bpáipéar ballóide. |

## Tiomantais an Choimisiúin

Déanfaidh an Coimisiún bearta áirithe ag eascairt as an PEER seo agus PEERanna roimhe seo, mar seo a leanas:

- Déanfaidh an Coimisiún dul chun cinn ar chomhlíonadh na moltaí in PEER an Mhárta – 'Na caighdeáin inrochtaineachta le haghaidh stáisiúin vótála a athbhreithniú agus a leathnú i Seicliosta Inrochtaineachta nuashonraithe' agus 'Rátáil Inrochtaineachta a shannadh do gach stáisiún vótála atá éasca le seiceáil ag toghthóirí roimh dóibh vóta a chaitheamh'.

- Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar dhul chun cinn i gcur i bhfeidhm na moltaí ar fad atá fágtha[5] sna trí thuarascáil PEER go dtí seo, i ndiaidh an toghcháin uachtaráin. Beidh rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara ábhartha i gceist leis sin freisin.

- Ceapfar cur chuige agus plean PEER don toghchán uachtaráin i gcomhairle leis na grúpaí a bhunaigh an Coimisiún chun cabhrú le forbairt *Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail* dá chuid.

Tá sonraí sa tuarascáil seo freisin faoin bhfeachtas eolais a rith an Coimisiún le haghaidh olltoghchán na Samhna (féach Aguisín 1).



# 3. Raon Feidhme PEERanna

Ag léiriú a fheidhme PEER, leagtar amach a chéad tosaíocht straitéiseach mar seo a leanas i Ráiteas Straitéise 2024–2026[6] de chuid an Choimisiúin:

> *“Maoirseacht chríochnúil agus thrédhearcach ar na toghcháin agus reifrinn ar fad atá le rith, ag cinntiú na leibhéal is airde sláine, trédhearcachta agus cothroime chun iontaoibh sa phróiseas toghcháin a chothú agus a fheabhsú.”*

Tá go leor céimeanna agus gnéithe ag baint leis an bpróiseas toghcháin a d’fhéadfaí a fhiosrú trí PEER. Bhí ár samhail PEER praiticiúil ina raon feidhme ón tús, agus tugadh faoi trí chuairteanna ar an suíomh ó bhaill foirne agus comhaltaí an Choimisiúin ar stáisiúin vótála i ngach contae sa Stát. Léirítear sonraí ann freisin a bailíodh faoi thaithí na vótálaithe trí Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) (féach an rannóg Sonraí Vótála Toghchán: Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais ar lch 37).

I bhfianaise na béime sa reachtaíocht a fhorálann do PEERanna a dhéanamh ar thaithí na vótálaithe faoi mhíchumas, mar a tharla sna PEERanna roimhe seo, tá an fócas sin fós ag croílár an PEER seo: ach tháinig forbairt ar ár gcur chuige. Don PEER seo, i ndiaidh rannpháirtíocht le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas éagsúla, d’eagraíomar foireann breathnóireachta PEER a rinne breathnóireacht dhíreach ar an gcás ar an láthair do thoghthóirí faoi mhíchumas, trí dhul go lá na vótála i dToghlimistéar Áitiúil Bhéal an Mhuirthead in éineacht le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA) – Soláthraí Seirbhíse Míchumais (féach lch 44).

Le haghaidh PEER olltoghchán na Samhna 2024, roghnaíomar ár mbreathnóireacht a leathnú chun eolas níos leithne a fháil ar na gnéithe difriúla de riarachán toghcháin. Leathnaíomar ár bhfreastal ó chuairteanna ar stáisiúin vótála ar lá an toghcháin go cúraimí agus oibríochtaí eile a bhaineann le riarachán toghcháin agus atá ina gcuid d’olltoghchán a reáchtáil. D’fhéachamar ar an gcaoi a n-eisítear an vóta poist do thoghthóirí atá cláraithe don vóta poist, agus shonraíomar na socruithe difriúla seachadta nó riaracháin atá i bhfeidhm ag brath ar an gcatagóir lena mbaineann an postvótálaí. Bhreathnaíomar ar reáchtáil na vótála speisialta i dtithe altranais agus chonaiceamar féin an tábhacht a bhaineann leis an gceart vótála sin do phobal an chúraim chónaithe fhadtéarmaigh. Scrúdaíomar freisin na foirmeacha tuairiscithe do shonraí toghcháin a chomhlánaíonn cinn chomhairimh i ndiaidh gach imeachta toghcháin. D’fhreastalaíomar ar ionaid comhairimh i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Laois, Cill Dara, Cill Mhantáin, Maigh Eo agus Ros Comáin chun comhaireamh na vótaí agus an próiseas breithnithe do pháipéir bhallóide a ndéantar agóid ina gcoinne a fheiceáil.

Mar a tharla i mbearta PEER an Mhárta agus an Mheithimh, ba é ár mbunchuspóir forléargas a fháil ar na nósanna imeachta agus dálaí vótála, agus aird a tharraingt ar réimsí atá le feabhsú, go háirithe i dtaobh inrochtaineachta agus rannpháirteachas a fheabhsú. Don PEER seo, rinneamar ár ndícheall dea-chleachtais i dtéarmaí taithí vótála a shainaithint freisin.

I gcás an imeachta toghcháin seo, thug 16 fhoireann cuairt ar 87 stáisiún vótála. Arís, don PEER seo thugamar cuairt ar an 26 contae, ag tabhairt le chéile cleachtais breathnóireachta




toghcháin le seiceálacha sonracha i dtaobh an cúnamh a thug oifigigh cheannais agus cinn chomhairimh do thoghthóirí, toghthóirí faoi mhíchumas go háirithe.

Tá raon na gceisteanna a scrúdaíodh sa PEER seo bunaithe ar na forálacha reachtacha i leith inrochtaineacht toghthóirí: alt 68(3) den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, an t*Acht Toghcháin, 1992* agus an t*Acht Toghcháin (Leasú), 1996*. Cuireann an *Memorandum for the Guidance of Returning Officers General Election 2024*[7] agus an *Lámhleabhar d'Oifigigh Cheannais i dToghchán Dála 29 Samhain 2024*[8] bonn eolas faoinár gcuid oibre agus is díol mór sásaimh cinneadh na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta iad sin a fhoilsiú de réir an mholta in PEER an Mhárta.

# 4. Freastal agus Breathnóireacht na nImeachtaí Toghcháin

Chun cur lenár gcumhacht reachtach tabhairt faoi PEERanna agus le go mbeidh na cumhachtaí sin ar fad a theastaíonn chun ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh againn, mhol an Choimisiún i dtuarascáil **PEER an Mhárta** go mbeadh foráil reachtúil shainráite ann le haghaidh fhreastal ár bhfoirne agus ár gcomhaltaí ar stáisiúin vótála agus ar ionaid comhairimh. Luann an Coimisiún arís eile an gá atá leis an bhforáil sin roimh an toghchán uachtaráin. Chuige sin, ba cheart foráil shainráite a dhéanamh sa reachtaíocht dár bhfreastal ar riarachán gach cineál vótála agus dár mbreathnóireacht ar gach cineál vótála, ar nós áiteanna ina dtarlaíonn vótáil speisialta nó postvótáil. Ba cheart go gcumhdófaí sa reachtaíocht cúraimí riaracháin i ndiaidh toghcháin, ar nós maoirsiú ar stóráil shlán páipéar ballóide nó rochtain ar thuairiscí ar shonraí toghcháin a chuireann cinn chomhairimh faoi bhráid Chléireach na Dála.

Idir an dá linn, fáiltíonn an Coimisiún go ndearnadh tagairt do fhreastal chomhaltaí agus bhaill foirne an Choimisiúin ar stáisiúin vótála ar lá na vótála sa *Lámhleabhar d'Oifigigh Cheannais i dToghchán Dála 29 Samhain 2024*.[9]

Ba é taithí na bhfoirne a rinne na cuairteanna go bhfáiltíonn na toghthóirí roimh an gCoimisiún a bheith i láthair ag na stáisiúin vótála. Anuas air sin, tá fianaise ann go bhfuil ábhar oideachais an Choimisiúin do vótálaithe ag imirt tionchar orthu; chuir toghthóirí in iúl d'fhoirne breathnóireachta PEER gur breathnaigh siad ar ábhar ar líne an Choimisiúin ar nós conas vóta a chaitheamh[10] nó chun an dáilcheantar ina raibh siad a fhiosrú.[11]

D'fhreastail comhaltaí agus baill foirne an Choimisiúin, i gcáil breathnóra, ar eisiúint vótaí poist, vótáil speisialta agus/nó comhaireamh vótaí i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Laois, Cill Mhantáin, Cill Dara, Maigh Eo, Ros Comáin agus Tiobraid Árann. Sna cásanna sin ar fad, d'iarr an Coimisiún cead i scríbhinn ó na cinn chomhairimh ábhartha roimh ré. Is mór againn comhar na gceann comhairimh agus a bhfoirne i dtaobh éascaíocht a dhéanamh ar ár bhfreastal ar ghníomhaíochtaí riaracháin toghcháin, vótáil speisialta agus na hionaid comhairimh.

# 5. Seicliosta PEER

Is cáipéis teimpléid é **Seicliosta PEER** a úsáideann foirne breathnóireachta PEER chun a gcuid sonraí agus breathnóireachtaí a thaifeadadh nuair a thugann siad cuairt ar stáisiún vótála. D'fhorbair an Coimisiún é dá chéad chuairteanna ar stáisiúin vótála i mí an Mhárta 2024, beachtaíodh a thuilleadh é le haghaidh thoghcháin mhí an Mheithimh 2024 agus athbhreithníodh arís é roimh olltoghchán na Samhna 2024.

Tugtar le chéile i **Seicliosta PEER** breithmheas dírithe ar inrochtaineacht na stáisiún vótála le caighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh breathnóireacht toghcháin. Áirítear lenár measúnuithe ar stáisiúin vótála athbhreithniú ar shocruithe praiticiúla tábhachtacha ag stáisiúin vótála, mar shampla comharthaí, rampaí, páirceáil do charranna, leagan amach an stáisiúin vótála, agus mar sin de. Anuas air sin, athbhreithníodh cleachtais atá lárnach do chothroime, iontaoibh agus slándáil an phróisis toghcháin ar nós stampáil páipéar ballóide, suíomh póstaer agus slándáil an bhosca ballóide mar chuid de **Sheicliosta PEER**.

Maidir le hinrochtaineacht stáisiún vótála, scrúdaíomar measúnuithe a úsáideann an Ríocht Aontaithe, an Eastóin agus an Astráil chomh maith leis an **Seicliosta Inrochtaineachta**[12] a d'fhorbair an *Mheitheal um Vótáil Daoine faoi Mhíchumas* faoi chathaoirleacht na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cuireadh obair Choimisiún Lárnach Toghcháin na Liotuáine ar ár súile dúinn freisin, na feabhsúcháin a baineadh amach mar thoradh ar a gcuid oibre le hionadaithe míchumais chun measúnú a dhéanamh ar inrochtaineacht stáisiún vótála go sonrach.

## Spotsolas ar an Liotuáin

Tagraítear go sonrach i bpáipéar a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach in 2023, *Treoir maidir le dea-chleachtais thoghchánach i mBallstáit lena dtugtar aghaidh ar rannpháirtíocht saoránach faoi mhíchumas sa phróiseas toghchánach*[13] do na cigireachtaí ar stáisiúin vótála sa Liotuáin a raibh tionchar thar a bheith dearfach acu ar inrochtaineacht de réir dealraimh.

Sna toghcháin náisiúnta sa Liotuáin in 2012, tugadh faoi chomhthionscnamh idir Coimisiún Lárnach Toghcháin na Liotuáine, Fóram Míchumais na Liotuáine agus Cumann na Liotuáine do Dhaoine Faoi Mhíchumas chun measúnú a dhéanamh ar inrochtaineacht stáisiún vótála do dhaoine faoi mhíchumas.


Léiríodh sa bheart go raibh 554 stáisiún vótála inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas as an 2,017 stáisiún vótála a bhí lonnaithe ar fud chríoch na Liotuáine (27.47%).[14] In 2020, dúradh i dtuarascáil ón Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) ar Thoghcháin Pharlaiminteacha Phoblacht na Liotuáine a reáchtáladh ar an 11 agus 25 Deireadh Fómhair 2020 gur éiligh "leasuithe dlíthiúla in 2018 ar bhuiséid bhardasacha foráil a dhéanamh d'inrochtaineacht stáisiún vótála do dhaoine faoi mhíchumas. De bharr na mbeart a rinneadh, tuairiscíodh 93% mar an ráta inrochtaineachta ag na toghcháin seo".[15] Mar a sonraíodh in PEERanna roimhe seo, ní bhíonn cistí tiomanta chun tacú le haon obair athchóirithe ag na cinn chomhairimh a bhíonn freagrach as stáisiúin vótála a roghnú.

## Vótáil i dTuaisceart Éireann


Chomh maith leis sin, mar chuid den ullmhúchán don PEER, bhain an Coimisiún tairbhe as an gcuairt a thug roinnt dá fhoireann ar Thuaisceart Éireann ar mhaithe le breathnóireacht ar vótáil ar an 4 Iúil 2024. I ndiaidh cuireadh a fháil ó Choimisiún Toghcháin Thuaisceart Éireann, d'fhreastail triúr breathnóirí ón gCoimisiún ar stáisiúin vótála agus ionad comhairimh don olltoghchán a reáchtáladh i dTuaisceart Éireann ar an 4 Iúil 2024.





Chuir breathnóirí an Choimisiúin spéis ar leith sna hábhair faisnéise i bhfoirm póstaer agus fógraí poiblí.



Bhí póstaeir ann freisin a thug treoir do na hoifigigh toghcháin.




San ionad comhairimh, ba shuntasach an treoir ar vótaí a rabhthas in amhras fúthu.




Chomh maith leis na cleachtais úsáideacha sin, nuair a bhí Seicliosta PEER á chur i dtoll a chéile, tharraingíomar ar theimpléid measúnaithe idirnáisiúnta le haghaidh breathnóireacht toghcháin ar nós na bhfoirmeacha breathnóireachta ar lá an toghcháin[16] agus na n-ábhar oiliúna[17] ó ODIHR de chuid na hEagraíochta le haghaidh Slándála agus Comhair san Eoraip (ESCE).

Leagtar amach thíos Seicliosta athbhreithnithe PEER na Samhna.

Ba shuntasach gur scaradh na ceisteanna faoi úsáideoirí cathaoireacha rothaí ar Sheicliosta PEER na Samhna ionas go bhféadfaí limistéir sheachtracha agus inmheánacha an stáisiúin vótála a mheasúnú astu féin (codanna G3/G4). Anuas air sin, cuireadh roghanna 'Neamhbhainteach' (N/B) leis na ceisteanna G3.2, G3.3.1-3 agus G3.4, agus leasaíodh an cheist faoi an raibh rampaí cathaoireacha rothaí ar fáil chun N/B a thaifeadadh i gcásanna nár theastaigh rampa toisc go raibh an bealach isteach inrochtana. Cuireadh ceist eile faoi rampaí cathaoireacha rothaí, sa chás gur baineadh leas astu, leis an suirbhé chun a thaifeadadh an rampa sealadach a bhí ann (is é sin, ceann iniompartha/inbhainte). Cuireadh leis an gceist faoi bhealach isteach malartach a bhí inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí, ionas gur soiléiríodh gur bhain an cheist le cásanna ina raibh an príomhbhealach isteach dorochtana.

| **CUID A: An Fhoireann Breathnóireachta** | |
|---|---|
| A1. Uimhir na Foirne | |
| A2. Am Sroichte | |
| A3. Am Fágála | |

| **CUID B: Sainaithint an Stáisiúin Vótála** | |
|---|---|
| B1. Ainm an Stáisiúin Vótála | |
| B2. Uimhir an Bhotháin Vótála | |
| B3. Líon na mBothán Vótála sa Stáisiún Vótála | |
| B4. Oifigeach Ceannais an Stáisiúin Vótála | |
| B5. Stáisiúin Vótála – Critéir Roghnúcháin | ☐ Toghthóirí 18-24 ☐ Innéacs Pobal ☐ An Céatadán Toghthóirí a Vótáil ☐ Dáileadh |

| **CUID C: Oscailt \| Le comhlánú má bhíothas i láthair ag an oscailt, agus sa chás sin amháin** | |
|---|---|
| C1. **Am** \| An raibh an stáisiún vótála ar oscailt don vótáil ag an am ceaptha, 07:00? | Bhí ☐ Ní raibh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| C2.1 **Bosca Ballóide** \| Ar taispeánadh go raibh an bosca ballóide folamh dóibh siúd a bhí i láthair ag an am oscailte? | Taispeánadh ☐<br>Níor taispeánadh ☐ |
| C2.2 **Bosca Ballóide** \| Ar taispeánadh go raibh an bosca ballóide séalaithe go slán dóibh siúd a bhí i láthair ag an am oscailte? | Taispeánadh ☐<br>Níor taispeánadh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |

| **CUID D: Taobh amuigh** | |
|---|---|
| D1.1 **Comharthaíocht** \| An bhfuil treochomharthaíocht le feiceáil ar an mbealach chuig an stáisiún vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| D1.2 **Comharthaíocht** \| An bhfuil fógra oifigiúil a thugann "stáisiún vótála" le fios ar taispeáint ag an mbealach isteach chuig an stáisiún vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |

| | |
|---|---|
| → Nótaí tráchta: | |
| D2.1 **Canbhasáil** \| An bhfuil aon phóstaeir toghcháin le feiceáil laistigh de 50 méadar de chúirtealáiste an stáisiúin vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| D2.2 **Canbhasáil** \| An bhfuil aon chineálacha eile canbhasála, m.sh. bileoga eolais, le feiceáil laistigh de 50 méadar de chúirtealáiste an stáisiúin vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| D3.1 **Páirceáil** \| An bhfuil saoráidí páirceála sách maith ann? | Tá ☐ Níl ☐ |
| D3.2 **Páirceáil** \| An bhfuil páirceáil inrochtana ainmnithe ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas gar do phríomhbhealach isteach an stáisiúin vótála do choisithe? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |

| **CUID E: Taobh istigh** | |
|---|---|
| E1.1 **Leagan amach** \| An bhfuil an leagan amach sa stáisiún vótála sách maith chun an vóta a reáchtáil m.sh. dóthain spáis, dóthain soilse, srl.? | Tá ☐ Níl ☐ |
| E1.2 **Leagan amach** \| An bhfuil an leagan amach sa stáisiún vótála ar tugadh cuairt uirthi intuigthe agus fabhrach do ghluaiseacht an phróisis vótála, m.sh. bealach isteach, aitheantas, vótáil, bealach amach? | Tá ☐ Níl ☐ |
| E1.3 **Leagan amach** \| An bhfuil an leagan amach sa stáisiún vótála fabhrach do shlándáil an bhosca ballóide (le feiceáil go poiblí agus in áit shlán)? | Tá ☐ Níl ☐ |
| E1.4 **Leagan amach** \| An bhfuil an leagan amach sa stáisiún vótála fabhrach do rúndacht an phróisis vótála (spás príobháideach)? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| E2. **Cúrsaí Foirne** \| An bhfuil an fhoireann sa stáisiún vótála inaitheanta agus suite i limistéir ina bhfuil siad le feiceáil ag na toghthóirí? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| E3.1 **Éigeandáil** \| An bhfuil bealaí éalaithe éigeandála sa stáisiún vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| E3.2 **Éigeandáil** \| Má tá, an bhfuil comharthaí ann le haghaidh na mbealaí éalaithe éigeandála? | Tá ☐ Níl ☐ N/B ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| E4.1 **Póstaeir** \| An bhfuil na póstaeir maidir le *Cionta Toghcháin* agus *Fianaise ar Chéannacht* ar taispeáint? | Tá ☐ Níl ☐ |
| E4.2 **Póstaeir** \| An bhfuil *Fógra i gCló Mór faoi Pháipéar Ballóide* ar taispeáint? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| E5. **Ábhair** \| An bhfuil aon chuid de na hábhair toghcháin riachtanacha in easnamh ón stáisiún vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Má tá, sonraigh le do thoil: ☐ Boscaí Ballóide ☐ Páipéir Bhallóide ☐ Clár na dToghthóirí ☐ Liosta Forlíontach/Forlíonadh leis an gClár ☐ Uirlis Stampála ☐ Treoir d'Oifigigh Cheannais ☐ Pinn/Pinn Luaidhe | |
| → Nótaí tráchta: | |

| CUID F: Nósanna Imeachta Vótála | |
|---|---|
| F1. **Aitheantas** \| Ar iarradh ar aon toghthóirí cruthúnas aitheantais a thaispeáint nuair a tugadh páipéar ballóide dóibh le linn an athbhreithnithe? [Neamhéigeantach] | Iarradh ☐ Níor iarradh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| F2.1 **Páipéar Ballóide** \| Ar 'stampáladh' páipéir bhallóide leis an marc oifigiúil *nuair a tugadh* do thoghthóirí iad? | Stampáladh ☐ Níor stampáladh ☐ |
| F2.2 **Páipéar Ballóide** \| Ar marcáladh ainmneacha na dtoghthóirí de Chlár na dToghthóirí nuair a tugadh páipéar ballóide dóibh? | Marcáladh ☐ Níor marcáladh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| F3.1 **Vótáil** \| An raibh na toghthóirí in ann vótáil faoi rún sna hurranna vótála? | Bhí ☐ Ní raibh ☐ |
| F3.2 **Vótáil** \| An toghthóir amháin ag an am a bhí san urrann vótála, seachas má bhí compánach vótála ina dteannta? | Ba ea ☐ Níorbh ea ☐ |
| F3.4 **Vótáil** \| An bhfacthas aon toghthóirí ag tógáil 'féiníní' nó aon chineál eile grianghrafadóireachta a bhfuil cosc air? | Chonacthas ☐ Ní fhacthas ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |

| CUID G: Toghthóirí faoi Mhíchumas | |
|---|---|
| G1.1 **Guaiseacha** \| An bhfuil aon chéim nó fána ghéar lasmuigh den stáisiún vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| G1.2 **Guaiseacha** \| An bhfuil aon ghuaiseacha nó constaicí eile le feiceáil ar an mbealach chuig an stáisiún vótála? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| G2. **Leagan Amach** \| An bhfuil an leagan amach feiliúnach do thoghthóirí faoi mhíchumas fisiciúil m.sh. bealaí isteach, pasáistí, urranna vótála, srl.? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| G3.1 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** \| An bhfuil an príomhbhealach isteach chuig an stáisiún vótála inrochtana tríd is tríd d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí? | Tá ☐ Níl ☐ |
| G3.2 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** \| An bhfuil comhartha ann a léiríonn go bhfuil an bealach isteach inrochtana? | Tá ☐ Níl ☐ N/B ☐ |
| G3.3.1 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** \| An bhfuil rampa cathaoireacha rothaí ar fáil? | Tá ☐ Níl ☐ N/B ☐ |
| G3.3.2 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** \| Má tá rampa cathaoireacha rothaí ann, an ceann buan é (.i. ionsuite sa bhealach isteach)? | Is ea ☐ Ní hea ☐ N/B ☐ |
| G3.3.3 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** \| Má tá rampa cathaoireacha rothaí ann, an ceann sealadach é (.i. iniompartha/ inbhainte)? | Is ea ☐ Ní hea ☐ N/B ☐ |
| G3.4 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** \| Má tá an príomhbhealach isteach dorochtana, an bhfuil bealach isteach eile ann atá inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí (m.sh. bealach isteach ar thaobh an fhoirgnimh)? | Tá ☐ Níl ☐ N/B ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |

| | |
|---|---|
| G4.2.1 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** \| An bhfuil spás vótála íseal-leibhéil ann? | Tá ☐ Níl ☐ |
| G4.2.2 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** \| An bhfuil urrann vótála íseal-leibhéil ann? | Tá ☐ Níl ☐ N/B ☐ |
| G4.2.3 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** \| An bhfuil bord íseal-leibhéil le scáthlán ann? | Tá ☐ Níl ☐ N/B ☐ |
| G4.3 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** \| An bhfuil an bosca ballóide inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí (m.sh. suite ar airde inrochtana ≈ 1 mhéadar ón talamh)? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| G4.1 **Lagú Amhairc** \| An bhfuil Teimpléid Páipéir Ballóide ar fáil do thoghthóirí a bhfuil lagú amhairc orthu? | Tá ☐ Níl ☐ |
| G4.2 **Lagú Amhairc** \| An bhfuil aon deacracht le húsáid na dTeimpléad Páipéir Ballóide le feiceáil m.sh. tá sé deacair iad a úsáid? | Tá ☐ Níl ☐ |
| G4.3 **Lagú Amhairc** \| An bhfuil aon toghthóir a bhfuil lagú amhairc orthu le feiceáil ag úsáid na saoráide 'Saorghlao' chun cabhrú leo vóta a chaitheamh? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| G5. **Bodhar/Allaíre** \| An bhfuil aon saoráidí ann chun cabhrú leo siúd atá Bodhar/faoi Allaíre ag a bhfuil lagú éisteachta m.sh. Córas na Lúibe (fuaime) le haghaidh áiseanna éiscóras teachta? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Má tá, tabhair sonraí le do thoil: | |
| G6. **Míchumais Neamhfhisiciúla** \| An bhfaca tú aon toghthóir faoi mhíchumas intleachta, foghlama, céadfach nó forbartha ag fáil cúnamh ón bhfoireann vótála (m.sh. cúnamh le vótáil nó cúnamh ginearálta)? | Chonaic ☐ Ní fhaca ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| G7.1 **Compánach Vótála** \| An raibh vótáil le cúnamh ó chompánach vótála le feiceáil? | Bhí ☐ Ní raibh ☐ |
| G7.2 **Compánach Vótála** \| Má bhí, ar eisigh an tOifigeach Ceannais an mionn nó dearbhasc don chompánach vótála? [*Neamhéigeantach] | D'eisigh ☐ Níor eisigh ☐ N/B ☐ |
| → Má bhí agus má d'eisigh, tabhair sonraí le do thoil: | |

## CUID H: Daoine i Láthair

H1. **Foireann an Stáisiúin Vótála** | Tabhair cuntas ar an bhfoireann a bhí san áit vótála le linn an athbhreithnithe:

| An Fhoireann | I láthair | Líon Foirne i Láthair |
|---|---|---|
| Oifigeach Ceannais | ☐ | ______ |
| Oifigeach Ceannais Maoirseachta | ☐ | ______ |
| Cléireach Vótála | ☐ | ______ |

→ Nótaí tráchta:

| | |
|---|---|
| H2.1 **Daoine Údaraithe** \| An raibh gníomhairí pearsanaíochta i láthair sa stáisiún vótála le linn an athbhreithnithe? | Bhí ☐ Ní raibh ☐ |

| | |
|---|---|
| → Má bhí, tabhair sonraí le do thoil: | |
| H2.2 **Daoine Údaraithe** \| An raibh aon fhadhbanna le daoine neamhúdaraithe a bhí i láthair sa stáisiún vótála le linn an athbhreithnithe? | Bhí ☐ Ní raibh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| H3. **Cumarsáid** \| Ar phléigh tú aon fhadhb leis an Oifigeach Ceannais m.sh. easpa ábhar nó easpa urrann vótála íseal-leibhéil? | Phléigh ☐ Níor phléigh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |

**CUID I: Nótaí Tráchta Breise**

Má tá aon nóta tráchta breise agat faoi inrochtaineacht an stáisiúin vótála nó faoi riarachán na vótála trí chéile, tabhair breac-chuntas orthu anseo thíos:

## Radhairc ó bhealaí PEER







# 6. Stáisiúin Vótála – Critéir Roghnúcháin

Baineadh leas as 6,755 stáisiún vótála in 2,701 áit vótála[18] ar fud an 43 dáilcheantar le haghaidh thoghchán na Samhna 2024. Ba mhéadú é sin ar an 5,821 stáisiún vótála ar baineadh leas astu le haghaidh thoghcháin áitiúla agus Eorpacha an Mheithimh.

Nuair a roghnaíodh na stáisiúin vótála le cuairt a thabhairt orthu le haghaidh PEER Mhárta 2024 agus PEER Mheitheamh 2024, bhaineamar úsáid as sonraí tánaisteacha a tógadh ó staitisticí daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) le haghaidh 2022. Chomh maith le húsáid a bhaint as sonraí Dhaonáireamh 2022 atá ar fáil go díreach ó www.cso.ie, bhain an PEER seo úsáid as foinse nua freisin: Innéacs Díothachta HP Pobal[19] (Haase agus Pratschke, 2017), uirlis grádáin shóisialta trína léirítear leibhéal foriomlán saibhris agus díothachta ceantar in Éirinn, a chumhdaíonn na ceantair bheaga i ndaonáirimh 2006, 2011, 2016 agus 2022. Cuimsíodh an uirlis sin inár modheolaíocht toisc go meastar go bhféadfadh cúinsí socheacnamaíochta tionchar a imirt ar an gcéatadán toghthóirí a chaithfidh vóta.

Roghnaíodh 87 stáisiún vótála le cuairt a thabhairt orthu bunaithe ar na critéir seo a leanas:

1. **Cathair Bhaile Átha Cliath: An Céatadán Toghthóirí a Vótáil** – roghnaíodh stáisiúin vótála i gcúig Cheantar Vótála ó thoghcháin an 7 Meitheamh, bunaithe ar shonraí oifigiúla faoin gcéatadán toghthóirí a vótáil le haghaidh thoghcháin an Mheithimh mar a d'fhoilsigh ceann comhairimh Chathair Bhaile Átha Cliath[20].

2. **Cathair Bhaile Átha Cliath: Innéacs Pobal** – roghnaíodh stáisiúin vótála i gcúig thoghroinn (TR) a catagóiríodh mar faoi mhíbhuntáiste, faoi mhíbhuntáiste mór nó faoi mhíbhuntáiste ollmhór de réir Innéacs Pobal (2022).

3. **Contae Bhaile Átha Cliath: Innéacs Pobal** – stáisiúin vótála i gcúig TR a catagóiríodh mar faoi mhíbhuntáiste, faoi mhíbhuntáiste mór nó faoi mhíbhuntáiste ollmhór de réir Innéacs Pobal.

4. **Innéacs Pobal don Chuid Eile d'Éirinn** – stáisiúin vótála in 25 TR, ceann ó gach contae seachas Baile Átha Cliath, a catagóiríodh mar 'faoi mhíbhuntáiste',' faoi mhíbhuntáiste mór' nó 'faoi mhíbhuntáiste ollmhór' de réir Innéacs Pobal.

5. **Toghthóirí idir 18–24 Bliain d'Aois** – stáisiúin vótála a roghnaíodh in 29 TR a sainaithníodh i nDaonáireamh 2022 mar na TRanna ag a bhfuil an dlús is airde de dhaoine atá 18–24 bliain d'aois.

6. **Cás-staidéar: Toghthóirí faoi Mhíchumas** – cúig stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu i dToghlimistéar Áitiúil Bhéal an Mhuirthead in éineacht le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA) agus rogha toghthóirí faoi mhíchumas.

7. **Rannpháirtíocht an Phobail** – sé stáisiún vótála ar thug an Coimisiún cuairt orthu de bharr ceisteanna a tharraing an pobal/ tuairiscí sna meáin anuas.

8. **Dáileadh Tíreolaíoch** – seacht stáisiún vótála a roghnaíodh le cuairt a thabhairt orthu chun a chinntiú go ndearnadh dóthain ionadaíochta ar cheantair uirbeacha agus oileáin amach ón gcósta.


Sa chás gur thug an Coimisiún cuairt ar stáisiún vótála cheana, nó nárbh fhéidir cuairt a thabhairt ar stáisiún vótála ar leith ar an 29 Samhain ar chúiseanna lóistíochta, lorgaíodh stáisiún vótála eile ina áit.

(Tá liosta iomlán de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu in Aguisín 2 – Innéacs na Stáisiún Vótála ar Tugadh Cuairt Orthu.)

# 7. Bealaí PEER

**Léarscáil 1. Léarscáil de na stáisiúin vótála a roghnaíodh bunaithe ar líon ard de thoghthóirí atá 18–24 bliain d'aois mar a sainaithníodh i nDaonáireamh 2022.**


| Eochair | |
|---|---|
| | Toghthóirí idir 18–24 Bliain d'Aois |




© Rannpháirtithe OpenStreetMap


**Léarscáil 2. Léarscáil de na stáisiúin vótála a roghnaíodh bunaithe ar Innéacs Pobal (catagóirítear na toghranna mar 'faoi mhíbhuntáiste', 'faoi mhíbhuntáiste mór' nó 'faoi mhíbhuntáiste ollmhór').**

| **Eochair** | |
|---|---|
| | Innéacs Pobal don Chuid Eile d'Éirinn |




**Léarscáil 3. Léarscáil den 87 PEER stáisiún vótála.**

| | Eochair |
|---|---|
| | Dáileadh Tíreolaíoch |
| | Innéacs Pobal do Bhaile Átha Cliath |
| | Innéacs Pobal don Chuid Eile d'Éirinn |
| | Céatadán Íseal Toghthóirí a Vótáil i gCathair Bhaile Átha Cliath |
| | Rannpháirtíocht an Phobail |
| | Toghthóirí idir 18–24 Bliain d'Aois |
| | Cás-staidéar IWA |



**Léarscáil 4. Bhí 56 den 87 stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu (65%) i gceantair uirbeacha CSO[21] (cathracha, bailte uirbeacha satailíte agus bailte uirbeacha neamhspleácha).**

| Eochair | |
|---|---|
| | Cathracha |
| | Bailte uirbeacha satailíte |
| | Bailte uirbeacha neamhspleácha |
| | Ceantair thuaithe ina bhfuil tionchar ard uirbeach |
| | Ceantair thuaithe ina bhfuil tionchar measartha uirbeach |
| | Ceantar an-tuathúil/iargúlta |



# 8. Anailís

B'ábhar spéise dúinn forléargais nua ar nósanna imeachta agus dálaí vótála a thabhairt faoi deara i stáisiúin vótála ar fud na tíre inár gcuairteanna i mí na Samhna, i ndiaidh ár gcuairteanna PEER i mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2024 (féach Aguisín 3 – Anailís Staitistiúil ar Sheicliosta PEER).

Ar an leibhéal náisiúnta, tugadh feabhsúcháin chinnte faoi deara.

## Bonneagar Inrochtaineachta

> ***"Ba cheart do gach stáisiún vótála agus do gach bothán vótála an ceart chun vótáil le dínit a sholáthar do gach toghthóir."***
> Art O'Leary, Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin Toghcháin

De réir alt 94 den *Acht Toghcháin, 1992*, arna leasú le halt 3 den *Acht Toghcháin (Leasú), 1996*, caithfidh cinn chomhairimh, nuair is indéanta, foirgnimh a roghnú mar stáisiúin vótála atá inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Measann an Coimisiún go bhfuil rochtain uilíoch do gach vótálaí, úsáideoirí cathaoireacha rothaí trí phríomhbhealach isteach amháin ina measc, ar an gcuspóir is inmhianaithe le haghaidh inrochtaineacht stáisiúin vótála. Idir an dá linn, is roghanna iad socruithe rochtana athraithe agus soláthar bealach isteach eile le haghaidh stáisiúin vótála a bhfuil a bpríomhbhealach isteach dorochtana. Chuir foirne breathnóireachta PEER in iúl go raibh príomhbhealach isteach a bhí inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí ag 75% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu i mí na Samhna. As an 25% de na stáisiúin vótála ag ar sainaithníodh deacrachtaí inrochtaineachta leis an bpríomhbhealach isteach, bhí bealach isteach inrochtana malartach ag thart ar 55% de na stáisiúin vótála sin le haghaidh úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Nuair a chuirtear na socruithe rochtana malartacha sin san áireamh, bhí thart ar 89% de na stáisiúin vótála ar thug an Coimisiún cuairt orthu inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Ach thuairiscigh foireann breathnóireachta PEER go raibh an bealach isteach malartach i stáisiún vótála amháin ar tugadh cuairt air ar lá na vótála ag achar míréasúnta ón bpríomhbhealach isteach. B'fhadhb é sin a chonacthas in PEERanna roimhe seo freisin. Fadhb eile ab ea nár cuireadh comharthaíocht inrochtaineachta ar taispeántas ach ag péire den 22 stáisiún vótála ag a raibh bealach isteach malartach. Ar an iomlán, mheas foirne breathnóireachta PEER nach raibh 11% de na stáisiúin vótála inrochtana de bharr nach raibh bealach isteach malartach ná bonneagar inrochtaineachta ar fáil iontu.

I measc na gcúiseanna a measadh go raibh roinnt stáisiúin vótála dorochtana, bhí fána ghéar nó slí mhíchothrom ag an mbealach isteach, bealaí isteach le céimeanna seachtracha amháin, bealaí isteach ag a raibh rampaí seachtracha géara nó nach raibh sách maith ar chúiseanna eile, bealaí isteach le toisí dorochtana, agus bealaí isteach le tairseacha seasta. Bhí fadhbanna rochtana ag thart ar an gceathrú cuid de na stáisiúin vótála ar thug an Coimisiún cuairt orthu i mí na Samhna mar gheall ar bhealaí isteach ag a raibh céimeanna seachtracha. Léiríonn sé sin roinnt feabhais i gcomparáid le PEERanna roimhe seo: bhí céimeanna seachtracha ag 33% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu i mí an Mhárta agus 30% i dtoghcháin an Mheithimh.

Scrúdaíomar an bonneagar inrochtaineachta a cuireadh i bhfeidhm ag stáisiúin vótála freisin. Thuairiscigh foirne breathnóireachta PEER gur cuireadh rampa seachtrach ar fáil d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí ag 60% de na stáisiúin vótála. Astu siúd, ba rampaí buana thart ar 85% díobh agus ba rampaí sealadacha 15% a cuireadh in airde le haghaidh lá na vótála. Léiríonn sé sin laghdú beag i soláthar rampaí i gcomparáid le toghcháin an Mheithimh, tráth ar cuireadh rampa seachtrach ar fáil ag 65% de na stáisiúin vótála. Toisc gur fheabhsaigh an inrochtaineacht idir na himeachtaí toghcháin, is dóigh gur forbairt dhearfach é sin, agus gur eascair sé as méadú ar líon na stáisiún vótála ag a bhfuil bealach isteach cothrom atá inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Go deimhin, thuairiscigh foirne breathnóireachta PEER gur chuir 37% de na stáisiúin vótála ag a raibh príomhbhealach isteach inrochtana bealach isteach cothrom ar fáil a bhí inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí; theastaigh rampa seachtrach buan nó sealadach ó 63% de na stáisiúin vótála ag a raibh príomhbhealach isteach inrochtana le go mbeidís inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí.

Spéisiúil go leor, bhí rampaí seachtracha ag 60% de na stáisiúin vótála a mheasamar a bheith inrochtana; astu siúd, ba rampaí buana dhá thrian díobh agus ba rampaí sealadacha aon trian díobh. Bhain na fadhbanna rochtana ag na stáisiúin vótála sin i bpáirt lena easnamhaí a bhí na rampaí seachtracha agus ar chumas úsáideora cathaoireach rothaí úsáid a bhaint as doras a oibrítear de láimh i gcomhar leis an rampa seachtrach. Le go mbeadh doras a oibrítear de láimh inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí, teastaíonn dóthain spáis ar an taobh a tharraingítear ar an doras; má theastaíonn rampa seachtrach chun dul tríd an doras, teastaíonn dóthain spáis le casadh ag bun nó barr an rampa chun gur féidir leis an úsáideoir cathaoireach rothaí an doras a úsáid. Ag trí cinn de na deich stáisiún vótála a sainaithníodh mar stáisiún dorochtana, bhí an fhadhb sin maidir le doirse a oibrítear de láimh le feiceáil.

I dtaobh bonneagar inmheánach, tá urranna vótála íseal-leibhéil ina bhforáil bhunúsach inrochtaineachta toisc go gcuireann siad ar chumas úsáideoirí cathaoireacha rothaí leas a bhaint as a gceart chun vóta a chaitheamh go príobháideach agus go neamhspleách. Thuairiscigh foirne breathnóireachta PEER gur cuireadh spás vótála íseal-leibhéil ar fáil ag 93% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu i mí na Samhna. I bhformhór na gcásanna – thart ar 85% – b'urrann vótála íseal-leibhéil é sin: urrann shonrach ina raibh ardán íseal-leibhéil ar a bhféadfaí an páipéar ballóide a chomhlánú.

I gcásanna áirithe, thuairiscigh foirne breathnóireachta PEER gur úsáideadh deasc vótála le scáthlán príobháideachais ina áit sin. Soláthraítear dóthain príobháideachais leo siúd má leagtar amach ar bhealach tomhaiste iad. I gcásanna áirithe, tugadh úsáid deisce vótála gan scáthlán príobháideachais faoi deara agus measaimid nach bhfuil sé sin sách maith chun na riachtanais phríobháideachais a comhlíonadh. Inár rannpháirtíocht le cinn chomhairimh i ndiaidh imeachtaí toghcháin roimhe sin in 2024, chuir siad in iúl go raibh siad ag déanamh iarrachtaí infheistiú in urranna vótála nua-aimseartha, ardán vótála íseal-leibhéil ina measc. Bhí bonneagar vótála íseal-leibhéil easnamhach ag níos lú ná ceann amháin as gach deich stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu. Is feabhas é sin i gcomparáid le mí an Mhárta nuair a bhí spásanna vótála íseal-leibhéil easnamhach ag 26% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu.

Caithfidh an bosca ballóide a bheith suite ar leibhéal inrochtana freisin. Caithfear úsáideoirí cathaoireacha rothaí a éascú chun páipéir bhallóide a mharcáil agus a leagan sa bhosca ballóide de réir na forála in alt 3(2)(b)(i) den *Acht Toghchán, 1996*. Thuairiscigh foirne breathnóireachta PEER go raibh an bosca ballóide inrochtana do vótálaithe faoi mhíchumas ag 87% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu i mí na Samhna, feabhas ó 74% i mí an Mhárta agus 76% i mí an Mheithimh.

# Áiseanna vótála le haghaidh toghthóirí faoi mhíchumas

## Páipéar ballóide i gcló mór

Bíonn páipéar ballóide i gcló mór i measc na n-ábhar toghcháin a thugtar d'oifigigh cheannais chun áis vótála bhreise a chur ar fáil do vótálaithe breacamharcacha agus a bhfuil lagú amhairc orthu. Thaispeáin 99% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu i rith an olltoghcháin páipéar ballóide i gcló mór le go bhféadfadh vótálaithe é a úsáid; cosúil leis an leibhéal 98% a breathnaíodh i mí an Mheithimh.

Ag dhá stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu, bhí sé deacair an páipéar ballóide i gcló mór a aimsiú nó taispeánadh in áiteanna é nach raibh an solas go maith iontu. Anuas ar na páipéir bhallóide i gcló mór a thaispeáint taobh istigh den stáisiún vótála, cuirtear in iúl sa *Lámhleabhar d'Oifigigh Cheannais i dToghchán Dála 29 Samhain 2024* gur cheart leaganacha cló mhóir den pháipéar ballóide a thaispeáint in urrann vótála thiomnaithe lena úsáid ag daoine a bhfuil lagú amhairc orthu[22].

## Teimpléad páipéir ballóide

Is é an phríomh-áis vótála do vótálaithe a bhfuil lagú amhairc orthu an teimpléad páipéir ballóide[23] a dearadh chun a chur ar chumas vótálaithe a bhfuil lagú amhairc orthu vóta a chaitheamh go neamhspleách. Leagann an toghthóir an teimpléad seo anuas ar an bpáipéar ballóide. Bíonn uimhriú ardaithe agus braille air, a threoraíonn na húsáideoirí chuig oscailtí ar an teimpléad a bhaineann leis na hiarrthóirí ar an bpáipéar faoina bhun. Bhí an teimpléad ar fáil ag 97% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu i rith an olltoghcháin; tagann sé sin leis an leibhéal 96% i mí an Mhárta agus an leibhéal 99% i mí an Mheithimh.

Ba léir méadú beag ar úsáid an teimpléid páipéir ballóide i mí na Samhna, agus thuairiscigh foirne breathnóireachta PEER dhá chás inar úsáid vótálaithe a bhfuil lagú amhairc orthu an teimpléad ach go raibh dúshláin acu é a úsáid. Ba chosúil gur chaith formhór na dtoghthóirí a bhfuil lagú amhairc orthu a breathnaíodh a vóta le cúnamh ó chompánach nó ón oifigeach ceannais. Bunaithe ar ár mbreathnóireachtaí agus ar aiseolas a fuarthas, bíonn drogall is cosúil ar dhaoine an teimpléad páipéir ballóide a úsáid mar gheall go gcreidtear go bhfuil an próiseas casta. Is eol don Choimisiún go bhfuil an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag athbhreithniú na gcúrsaí seo faoi láthair, mar a moladh in PEER an Mheithimh – 'Athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir agus ar na hábhair atá ar fáil le haghaidh vótálaithe atá dall nó ar a bhfuil lagú amhairc' – agus fáiltítear roimh an bhforbairt sin.

## Seirbhís saorghlao

Féadfaidh vótálaithe aithne a chur ar na hiarrthóirí ar an bpáipéar ballóide trí ghlaoch a chur ar uimhreacha saorghlao roimh lá na vótála, mar a léifear liosta na n-iarrthóirí san ord ina mbeidh siad ar an bpáipéar ballóide dóibh. Is féidir le toghthóirí a bhfuil lagú amhairc orthu na seirbhísí saorghlao sin a úsáid go neamhspleách, nó i gcomhar leis na teimpléid páipéir ballóide a bhíonn ar fáil i stáisiúin vótála ar lá na vótála.

Sa tseachtain roimh lá na vótála, sheiceáil an Coimisiún suíomhanna gréasáin na gceann comhairimh agus www.gov.ie chun teacht ar na huimhreacha saorghlao a bhain le gach ceann den 43 dáilcheantar. Seachtain roimh lá na vótála, ní raibh an tseirbhís ar fáil/inaimsithe le haghaidh 24 as an 43 dáilcheantar. Agus lá na vótála ag teannadh linn, d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na huimhreacha saorghlao ar an suíomh gréasáin 'www.gov.ie',[24] le nasc chuig sonraí teagmhála na gceann comhairimh sa chás nach raibh uimhir shaorghlao le haghaidh aon toghcheantar ar fáil.

Faoi lá na vótála, bhí na huimhreacha saorghlao inaimsithe le haghaidh gach dáilcheantair as an 43, seachas ceann amháin. D'fhreagair seirbhís freagartha uathoibrithe 42 uimhir shaorghlao agus léadh an liosta iarrthóirí ar leibhéal sásúil – chuir dáilcheantar an Chláir comhad fuaime ar fáil in áit líne shaorghlao. I gcás amháin (dáilcheantar Loch Garman), dúradh sa teachtaireacht nach bhféadfaí an glaoch a nascadh. Cé gur nascadh glaoiteoirí ar dtús, ní raibh an líne shaorghlao le haghaidh dháilcheantar Ros Comáin-na Gaillimhe ag obair i gceart; tugadh na glaoiteoirí chuig roghchlár a dhínasc an glaoch nó a dúirt gur iontráil neamhbhailí a bhí ann ag brath ar an rogha a roghnaíodh.

De bhun ár molta in PEER an Mheithimh chun úsáid na línte cabhrach saorghlao a chur chun cinn, moltar go gcuirfí comhaid fuaime ar fáil ina liostaítear na hiarrthóirí san ord ina mbíonn siad ar an bpáipéar ballóide, mar rogha bhreise leis an tseirbhís uimhreach saorghlao.

Tugann an Coimisiún ar aird gur fhoilsigh Voice of Vision Impairment[25] agus Vision Ireland[26] na huimhreacha saorghlao ar a suíomhanna gréasáin roimh an olltoghchán, gníomh a bhfáiltítear roimhe. D'fhéadfadh comhaid fuaime cabhrú lena mbaill agus a n-úsáideoirí seirbhíse freisin.

## Córas na lúibe

Bhí 'córas na lúibe' – áis a chabhraíonn le háis éisteachta ar thoghthóirí bodhra/ faoi allaíre – ar fáil in dhá stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu – Scoil na Léibe, Árainn Mhór (Dún na nGall) agus Bunscoil Choillte Mhuirlinne (Gaillimh Thiar). In PEER an Mhárta, tugadh ar aird go raibh córas na lúibe i stáisiún vótála amháin – S.N. Lios Teilice (Ciarraí) – ach níor taifeadadh aon cheann i mí an Mheithimh.



## Gluaiseacht agus leagan amach vótála

Tá leagan amach inmheánach an stáisiúin vótála ina ábhar riachtanach a bhíonn le cur san áireamh mar chuid den riarachán toghcháin. Bíonn impleachtaí ag socrú bhonneagar an stáisiúin vótála – deasca eisiúna na n-oifigeach ceannais, urranna vótála agus boscaí ballóide ina measc – ar éifeachtúlacht, inrochtaineacht agus sláine an phróisis vótála. Chruthaigh an 87 stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu i mí na Samhna dálaí sásúla chun príobháideachas na vótálaithe agus slándáil an bhosca ballóide a chosaint, agus measadh go raibh leagan amach 98% de na stáisiúin ar tugadh cuairt orthu fabhrach do ghluaiseacht na vótála. In dhá chás, ní raibh dóthain spáis idir na hurranna vótála agus chuir an spás teoranta le bogadh thart ann isteach ar ghluaiseacht na vótálaithe. Bhí na foirne breathnóireachta PEER ábhartha den tuairim gur chuir suíomh dheasc eisiúna an oifigigh ceannais – a bhí deacair le sainaithint ón mbealach isteach – leis an bhfadhb. Mhaolódh méadú ar an úsáid a bhaintear as comharthaíocht taobh istigh an fhadhb sin.

Bhí bealaí éalaithe éigeandála sách maith ag 95% de na stáisiúin vótála i mí na Samhna, agus bhí comharthaíocht faoi na bealaí éalaithe le feiceáil ina bhformhór. Tá sé tábhachtach an tionchar a bhíonn ag ábhair toghcháin ar aslonnú éigeandála a mheas; ag stáisiún vótála amháin, chonacthas go raibh urranna vótála ag cur bac ar chuid den bhealach éalaithe éigeandála. Cé nach fadhb choitianta é, tá an Coimisiún tar éis é a fheiceáil in PEERanna roimhe seo freisin.

## Eolas do vótálaithe agus ábhair toghcháin

Comhpháirt riachtanach den riarachán toghcháin is ea a chinntiú go bhfuil an próiseas vótála iomasach do vótálaithe. Chun é sin a éascú, priontáiltear na treoracha vótála ar an bpáipéar ballóide. Cuirtear ábhar treorach breise ar fáil i bhfoirm na bpóstaer faoi ‘Cionta Toghcháin’ agus ‘Fianaise ar Chéannacht’, a thugann eolas do vótálaithe faoi nósanna imeachta vótála. Bhí na póstaeir maidir le ‘Cionta Toghcháin’ agus ‘Fianaise ar Chéannacht’ ar taispeáint in 97% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu. Anuas ar na póstaeir treorach sin, tuairiscíodh freisin gur chuir go leor stáisiúin vótála póstaeir in airde ag cur an cosc ar ghrianghrafadóireacht in iúl do na toghthóirí. Léiríonn sé sin úsáid réamhghníomhach agus a gcuirtear fáilte roimhe as ábhar treorach i measc na gceann comhairimh.



## Sláine próisis agus céannacht vótálaithe

Tá éagsúlacht de bhearta comhtháite i bhfeidhm chun sláine an phróisis toghcháin a chaomhnú. Tá an ceanglas go soláthródh vótálaithe cruthúnas ar aitheantas ar cheann díobh siúd, rud a sheachnaíonn pearsanaíocht. Moltar i dtreoir a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta d'oifigigh cheannais cáipéisí céannachta a iarraidh ar dhuine as gach ceathrar vótálaithe. Chonaic foirne breathnóireachta PEER fianaise ar chruthúnas aitheantais á iarraidh ó vótálaí amháin ar a laghad ag 63% de na stáisiúin vótála. Tá sé sin díreach mar an gcéanna leis an ráta a chonaic an Coimisiún i rith thoghcháin an Mheithimh.

Is beart breise é marcáil an pháipéir ballóide leis an marc oifigiúil (ar a dtugtar 'stampáil') chun sláine toghcháin a chosaint. Cinntíonn sé sin gur páipéar ballóide bailí a chomhlánaigh vótálaí cláraithe ar lá na vótála gach páipéar ballóide sa bhosca ballóide. I gcomhlíonadh iomlán alt 101(2)(b) den *Acht Toghcháin, 1992*, ní fhaca foirne breathnóireachta PEER aon teip i dtaobh stampáil na bpáipéar ballóide i mí na Samhna.

Léirítear i staitisticí a foilsíodh le deireanaí faoi olltoghchán na Samhna[27] gur measadh go raibh 0.72% (15,849) de na páipéir bhallóide neamhbhailí, agus go raibh 12.3% (1,956) díobh sin neamhbhailí toisc nach raibh marc oifigiúil orthu. Nuair a chuirtear an líon toghthóirí in 2024 san áireamh, is feabhas beag é sin ar Olltoghchán Fheabhra 2020[28] nuair a measadh go raibh 0.81% (17,703) de na páipéir bhallóide neamhbhailí, agus go raibh 9.6% (1,702) díobh sin neamhbhailí toisc nach raibh marc oifigiúil orthu. I gcás thoghcháin Pharlaimint na hEorpa i mí an Mheithimh 2024, measadh go raibh 2.96% (54,996) de na páipéir bhallóide neamhbhailí, agus go raibh 2.78% (1,528) díobh sin neamhbhailí toisc nach raibh marc oifigiúil orthu. Admhaíonn an Coimisiún na hiarrachtaí móra a rinne cinn chomhairimh le deireanaí chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo. Ach is údar imní sách mór fós an líon mór de bhallóidí nár stampáladh.

Cosnaítear sláine toghcháin tuilleadh trína chinntiú go marcáiltear vótálaí de Chlár na dToghthóirí nuair a thugtar páipéar ballóide dóibh. Seachnaíonn sé sin pearsanaíocht agus ilvótáil trí thaifead a choinneáil de na vótálaithe a chaith vóta in imeacht toghcháin ar leith. Ceanglaítear le halt 101(2)(c) den *Acht Toghcháin, 1992* go gcuirfear marc sa chlár os coinne uimhir an toghthóra á thaispeáint gur eisíodh páipéar ballóide don toghthóir sin. Ní fhacthas aon chás nár marcáladh vótálaithe den chlár i mí na Samhna.

## Príobháideachas vótálaithe

Tá sláine an phróisis toghcháin ag brath freisin ar phríobháideachas vótálaithe. Cinntíonn sé sin go gcosnaítear vótálaithe ar imeaglú agus comhéigean nuair a bhaineann siad leas as a gceart chun vótála. Tá sé riachtanach go dtabharfaí dóthain príobháideachais do vótálaithe leis an mbonneagar toghcháin nuair atá siad ag comhlánú a bpáipéir ballóide, agus tá urranna vótála lárnach don chleachtas sin.[29] Thuairiscigh foirne breathnóireachta PEER gur chuir 99% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu i rith an olltoghcháin urranna vótála ar fáil a d'éascaigh vótáil phríobháideach, agus ní raibh ach stáisiún vótála amháin ann nár leag urranna amach i gceart ó thaobh an phríobháideachais de. Léiríonn sé sin méadú ar an leibhéal príobháideachais i gcomparáid le toghcháin an Mheithimh, tráth a raibh an príobháideachas easnamhach in 10% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu. Ach, ar leithligh ónár mbreathnóireachtaí, fuaireamar aiseolas ó bhaill den phobal inar tarraingíodh aird ar údair imní maidir le príobháideachas i stáisiúin vótála shonracha (féach Taithí Vótálaithe ar lch 40). Déanfaidh an Coimisiún iad sin a fhiosrú tuilleadh.

Comhpháirt lárnach eile de phríobháideachas na vótálaithe is ea an vótáil neamhspleách. Seachas ina gcás siúd atá ag vótáil le cúnamh ó chompánach vótála, tá sé tábhachtach go rachadh vótálaithe isteach san urrann vótála agus go gcomhlánóidís a bpáipéar ballóide go neamhspleách agus leo féin. Chonacthas comhlíonadh iomlán na vótála neamhspleáiche ag 95% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu i rith an olltoghcháin, feabhas ar mhí an Mheithimh nuair a bhí 89% go hiomlán comhlíontach.

## Cártaí faisnéise vótaíochta

Ceist a thagann chun cinn arís agus arís eile, a chonacthas in imeachtaí toghcháin roimhe sin in 2024, baineann sé le príobháideachas sonraí toghthóirí toisc go bhfuil sé de nós ag an bhfoireann vótála cártaí faisnéise vótaíochta a fhágann vótálaithe ar bhord an oifigigh ceannais a choinneáil. Chuir foirne vótála in iúl d'fhoirne breathnóireachta PEER nach raibh siad ar an eolas faoi aon mholadh nó treoir ina thaobh seo. Molann an Coimisiún go n-eiseofaí treoir faoi dhiúscairt shábháilte agus shlán na gcártaí faisnéise vótaíochta a fhágann toghthóirí i stáisiúin vótála sna lámhleabhair a ullmhaítear d'oifigigh cheannais roimh gach imeacht toghcháin.

Chomh maith leis sin, i dtaobh cártaí faisnéise vótaíochta, i gcásanna áirithe thuairiscigh toghthóirí go bhfuair siad cártaí faisnéise vótaíochta le haghaidh daoine muinteartha leo a bhí básaithe agus ar cheart a bheith bainte den chlár.[30] I gcásanna eile, ní bhfuair daoine a chláraigh in am cárta faisnéise vótaíochta. Fuair an Coimisiún os cionn céad (132) píosa comhfhreagrais ó vótálaithe a thug ar aird nach bhfuair siad a gcártaí faisnéise vótaíochta (féach freisin 'Cás-staidéar: Cártaí faisnéise vótaíochta – Dáilcheantar Chathair Luimnigh' ar lch 52). Mar a bhforáiltear dó sa dlí toghcháin, chuireamar in iúl do na toghthóirí ábhartha ar fad má bhí siad ar an gclár nár theastaigh a gcárta faisnéise vótaíochta uathu chun vóta a chaitheamh agus go raibh orthu foirm bhailí de chruthúnas ar aitheantas a thabhairt leo chuig a stáisiún vótála sannta.

## Canbhasáil

De réir alt 147 den *Acht Toghcháin, 1992*, arna leasú, sonraítear i dtreoir a eisíodh in *Memorandum for the Guidance of Returning Officers General Election 2024* gur cheart don Oifigeach Ceannais a chinntiú freisin nach bhfuil póstaeir, agus mar sin de, ar taispeáint laistigh den stáisiún vótála, ná san fhoirgneamh ina bhfuil sé suite, ná ar a thailte, ná ar ráillí nó ballaí na dtailte."[31] Tháinig foirne breathnóireachta PEER ar phóstaeir toghcháin laistigh de 50 méadar de chúirtealáiste an stáisiúin vótála ag 20% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu sa 85 stáisiún vótála ina ndearnadh seiceálacha. Ní raibh aon chineál eile canbhasála, m.sh. bileoga eolais, le feiceáil laistigh de 50 méadar de chúirtealáiste na háite vótála. Bhí sé sin cosúil lenar feiceadh i rith thoghcháin an Mheithimh.

## Cúinsí seachtracha

Tá saoráidí páirceála a bheith ar fáil ar cheann de na cúinsí a úsáidtear chun inrochtaineacht stáisiúin vótála a chinneadh. Measadh go dtugann 92% de na stáisiúin vótála saoráidí páirceála leordhóthanacha le haghaidh an phobail gar don áitreabh. Feabhas é sin ar thoghcháin an Mheithimh (83%). Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird, áfach, go bhfuil éagsúlachtaí sna cineálacha saoráidí páirceála atá ar fáil; mar shampla, cé gur chuir sciar de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu páirceáil ar fáil ar an láthair, bhí páirceáil sráide coitianta freisin. Féadfaidh an difríocht sin impleachtaí a chruthú do thoghthóirí aosta agus do thoghthóirí faoi mhíchumas.

Chuir 58% de na stáisiúin vótála saoráidí páirceála inrochtana ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Is méadú é sin ar PEERanna roimhe sin; bhí saoráidí páirceála inrochtana le feiceáil ag 51% de na stáisiúin vótála i mí an Mhárta. Laghdaigh sé sin go 39% i rith thoghcháin áitiúla agus Eorpacha an Mheithimh, a léiríonn an difríocht sna stáisiúin vótála a roghnaíodh is dócha.

# 9. Dea-chleachtais a Chonacthas

Is é seo an tríú PEER. Is údar misnigh go bhfaca an Coimisiún feabhsúcháin i réimsí sonracha ar an seicliosta idir mí an Mhárta agus mí na Samhna mar a phléitear ar fud na tuarascála seo. Thugamar faoi deara freisin gur tháinig tionscnaimh a bhí á stiúradh ag cinn chomhairimh chun cinn sa tréimhse sin chun an próiseas vótála agus toghcháin a fheabhsú.

## Infheistíocht i mbonneagar toghcháin

Chonaic an Coimisiún iarrachtaí móra chun an bonneagar seachtrach agus inmheánach a fheabhsú ag stáisiúin vótála, agus béim faoi leith ar fhorálacha a bhaineann le hinrochtaineacht i bhfoirm socruithe rochtana malartacha agus infheistíocht in urranna vótála íseal-leibhéil.

## Úsáid níos forleithne as ábhar faisnéise

Chonaic an Coimisiún gur baineadh úsáid níos forleithne as ábhair faisnéise i bhfoirm póstaer agus fógraí poiblí a dearadh chun tuiscint ar an bpróiseas vótála a chur chun cinn, chomh maith le póstaeir faisnéise a thabhairt isteach a d'éascaigh gluaiseacht na vótála i stáisiúin vótála. Ba mhór an chabhair é sin don obair oideachais agus ardaithe feasachta a rinne an Coimisiún don olltoghchán (féach Aguisín 1).

Sampla amháin de sin ab ea an póstaer a dearadh chun crochadh i stáisiúin vótála a chuir an cosc ar ghrianghrafadóireacht in iúl do vótálaithe. Caomhnaíonn sé sin príobháideachas an phróisis vótála agus cinntíonn sé go bhfuil vótálaithe airdeallach ar a n-iompar sa stáisiún vótála.

Chonaic an Coimisiún gur cuireadh an póstaer sin ar taispeáint in go leor dáilcheantar agus tá sé den tuairim go bhfuil fiúntas ag baint lena úsáid i ngach ceann.


## Bearta an phróisis vótála

Mar a luadh roimhe seo, cinntíonn marcáil (polladh nó 'stampáil') an pháipéir ballóide leis an marc oifigiúil go bhfuil an páipéar ballóide bailí. Is údar mór frustrachais do gach duine atá páirteach sa phróiseas vótála é vótaí a fheiceáil atá 'millte' mar gheall nár stampáladh an páipéar ballóide. Cé go n-aithnímid gur féidir botúin a dhéanamh uaireanta, ba cheart gach iarracht a dhéanamh an líon botún a laghdú, agus beart amháin is ea tábhacht an stampa a chur in iúl do vótálaithe agus gur cheart dóibh a bheith airdeallach faoi.

I stáisiúin vótála áirithe, chonaic an Coimisiún fógra ag moladh do vótálaithe a chinntiú gur polladh a bpáipéar ballóide leis an marc oifigiúil nuair a d'eisigh an t-oifigeach ceannais é. Chun é sin a éascú, bhí leathanach daite ar taispeáint ag an deasc eisiúna a mheabhraigh do vótálaithe polladh a bpáipéir ballóide a sheiceáil. Cé go bhfuil an t-oifigeach ceannais freagrach go príomha as a chinntiú go n-eisítear páipéir bhallóide leis an marc oifigiúil, measann an Coimisiún go bhfuil fiúntas ag baint leis an tionscnamh seo a chuir roinnt oifigigh cheannais i bhfeidhm a mhéid a thugann sé bearta rialaithe breise isteach, ag cur oideachas agus rannpháirtíocht na vótálaithe chun cinn freisin.

## Próisis chomhtháite a ghlacadh

Chonaic an Coimisiún gur tugadh foirmeacha d'oifigigh cheannais i stáisiúin vótála i roinnt dáilcheantar chun sonraí a thaifeadadh má dúirt vótálaí ag stáisiún vótála leo go raibh, mar shampla, duine muinteartha leo tar éis bháis agus go cheart go mbainfí den chlár




iad. D'fhéadfadh gur tháinig sé sin chun cinn nuair a seachadadh cárta faisnéise vótaíochta dóibh sa bhaile. Ar chríochnú na vótála, bhailigh na cinn chomhairimh na foirmeacha seo chun iad a sheachadadh chuig an údarás clárúcháin. Cé gur faoi na húdaráis chlárúcháin é cothabháil an chláir, is tionscnamh fiúntach é an cinneadh a rinne cinn chomhairimh áirithe iarratais ar leasuithe ar an gclár a thaifeadadh go réamhghníomhach, agus baineann áisiúlacht shoiléir do vótálaithe leis. Go deimhin, d'fhéadfaí an tionscnamh a leathnú, trí sholáthar foirmeacha le haghaidh iarratas ó thríú páirtí chun an clár a leasú (TPC1)[32] a choinneáil ag deasca eisiúna i stáisiúin vótála, mar shampla.

## Béim ar idirghníomhú vótálaithe

Chonaic an Coimisiún béim mhéadaithe ar idirghníomhú vótálaithe i measc foirne ag stáisiúin vótála, go háirithe i dtaobh an cúnamh a thugann oifigigh cheannais do vótálaithe faoi mhíchumas. Thuairiscigh foirne breathnóireachta PEER gur mhéadaigh an fhianaise ar chúnamh vótála ó 10% i rith na Reifreann ar an Teaghlach agus Cúram go 13% i rith an olltoghcháin. Anuas air sin, chonaic an Coimisiún gur ghlac cinn chomhairimh le tionscnaimh chun idirghníomhú vótálaithe a fheabhsú. Mar shampla, cuireadh oifigeach ceannais maoirseachta ag an mbealach isteach ag roinnt stáisiúin vótála chun daoine a threorú agus chun cúnamh a thairiscint do vótálaithe faoi mhíchumas – bhí luach faoi leith leis sin an gcleachtas sin ag stáisiúin vótála ina raibh socruithe rochtana malartacha le haghaidh úsáideoirí cathaoireacha rothaí.


Tá sé an-tábhachtach go n-aithnítear an dea-chleachtas agus an obair chrua a rinne na cinn chomhairimh agus na foirne vótála. Bíonn é deis ag foireann an Choimisiúin é sin a fheiceáil go pearsanta, agus léiríonn na suirbhéanna a rinneadh trí NEDS rátaí sásaimh an-ard i dtaobh an phróisis vótála.

# 10. Sonraí Vótála Toghchán: Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais

Cé gur príomhuirlis í an bhreathnóireacht a úsáidtear chun PEERanna a chur i dtoll a chéile, chinn an Coimisiún cur leis sin le sonraí cainníochtúla ar scála níos mó i dtaobh thaithí na vótálaithe trí cheisteanna ar thaithí na vótálaithe a chur leis an Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS). Bailíodh roinnt sonraí dá leithéid i mí an Mhárta agus cuireadh leis sin agus forbraíodh é i mí an Mheithimh. Bailíodh an príomhthacar sonraí don olltoghchán ó shuirbhéanna agus agallaimh a rinneadh trí dhul ó dhoras go doras le sampláil randamach de vótálaithe, le tacar sonraí forlíontach eile ó phainéal ar líne.

An uair seo, dúirt 2,200 freagróir ón dá thacar sonraí gur chaith siad vóta. Astu siúd, cosúil le mí an Mhárta agus mí an Mheithimh, b'ábhar misnigh go ndúirt 99% go raibh a dtaithí vótála 'an-éasca' nó 'sách éasca'.

Ach dúirt sciar beagáinín níos airde de na vótálaithe (16%) nach bhfuair siad an cúnamh a theastaigh uathu ó fhoireann an ionaid vótála, i gcomparáid le 12% i mí an Mheithimh. Ar deireadh, dúirt os cionn an chúigiú cuid de na vótálaithe (21%) go raibh leagan amach an pháipéir ballóide deacair le leanúint. Tugann sé sin le fios go bhféadfadh go dteastaíonn tuilleadh oibre ar oideachas vótálaithe, agus treisíonn sé freisin an gá atá le taighde beartaithe an Choimisiúin ar dhearadh na bpáipéar ballóide.



# 11. Taithí Breathnóirí PEER

Ghlac an comhalta Coimisiúin Alex Attwood páirt sna trí PEER, ag tabhairt cuairt ar stáisiúin vótála le foireann an Choimisiúin i nDún na Gall, an Cabhán, Muineachán, Liatroim, Lú, an Mhí agus Baile Átha Cliath.

Maidir lena bhreathnóireacht PEER, tharraing Alex aird ar dtús ar dhíograis na foirne sna stáisiúin vótála: “Tá an leibhéal seirbhíse thar cionn agus ba léir sin i gcaitheamh ár gcuairteanna – tiomantas agus díograis na bhfoirne vótála ag na deasca”.

Bhí taithí roinnt vótálaithe chun tosaigh in intinn Alex nuair a thagtar ar “stáisiúin áitiúla atá deacair le rochtain cuma cé thú féin – ar mhullach cnoic ar oíche fhliuch dhorcha nuair atá an soilsiú taobh amuigh an-dona”.



Ghlac an comhalta Coimisiúin John Curran páirt sna trí PEER, ag tabhairt cuairt ar stáisiúin vótála in éineacht le foireann an Choimisiúin chun breathnú ar vótáil ar bun sa Chlár, an Longfort, an Iarmhí, Uíbh Fhailí, Laois agus Baile Átha Cliath.

Ba é an príomhrud a sheas amach do John ná an fhoireann sna stáisiúin vótála, a bhí "réamhghníomhach, rannpháirteach agus an-airdeallach" dar leis.

Ar a bhealach PEER is deireanaí a bhain le tuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath ar lá an olltoghcháin, thug John ar aird na foirgnimh mhóra ina raibh stáisiúin vótála suite agus chomh héasca ar bualadh leis na vótálaithe agus a treoraíodh chuig a stáisiúin vótála faoi seach iad. Labhair John faoi "éifeachtúlacht na foirne, ón bhfoireann vótála go dtí na hairígh ar dualgas".




**Réimsí atá le feabhsú**

I bhfianaise ár róil PEER, áfach, faighimid comhfhreagras freisin ó vótálaithe ina bpléitear réimsí míshásaimh leis an taithí vótála.

Fuarthas an t-aiseolas a leanas ón bpobal ar ár gcainéil ar líne agus léiríonn sé cuid de thaithí na vótálaithe ar olltoghchán mhí na Samhna. Sheolamar sonraí faoi na ceisteanna a tarraingíodh anuas chuig na cinn chomhairimh ábhartha, sa chás gur sainaithníodh na stáisiúin vótála. Tá sé i gceist againn cuairt a thabhairt ar na stáisiúin vótála ar tharraing an pobal údar imní sonrach anuas ina leith sa chéad PEER eile i bhfómhar 2025.

# 12. Taithí Vótálaithe

## Toghthóirí faoi mhíchumas

**Gaillimh**
*"Tá m'athair go dona tinn faoi láthair agus bíonn air cathaoir rothaí a úsáid. Creideann sé go láidir i dtábhacht a vóta. Thug mo dheirfiúr agus mé féin é chuig an stáisiún vótála thuasluaite Dé hAoine. Níl sé feiliúnach do chathaoireacha rothaí! Bhí sé an-deacair go deo an chathaoir rothaí a chur tríd an doras agus bhí orainn dul thar chéim freisin le dul isteach.Bhí an-díomá orm faoi sin. Cheapfá go mbeadh inrochtaineacht chomhionann ar fáil do chách sa ré seo. Creidim go mbeadh roghanna níos fearr ar fáil go háitiúil le haghaidh Stáisiúin Vótála."*

**Ros Comáin**
*"Tá mé faoi mhíchumas agus chaith mé vóta in olltoghchán 2024 ag mo stáisiún vótála áitiúil... Nuair a chuaigh mé isteach sa stáisiún vótála, chonaic mé trí bhothán vótála a bhí suite thuas ard ón talamh a bhí feiliúnach do dhaoine atá in ann siúl. D'iarr mé an raibh aon bhothán ar fáil do dhaoine nach bhfuil in ann seasamh, agus seoladh mé chuig deasc scoile páiste sa seomra ranga le go suífinn ansin. B'éigean dom mo vóta a chaitheamh agus gach duine in ann mé a fheiceáil, rud a chuir fearg mór orm agus a ghoill go mór orm."*

**Port Láirge**
*"Tá m'athair i gcathaoir rothaí... ag an ionad vótála seo, tá dhá chéim, airde troithe ar gach céim agus seandoirse... ní raibh aon chosa ar bhean eile agus bhí a hathair aosta ag streachailt léi chun dul isteach san ionad... níl sé sin inghlactha agus ba bhocht an radharc é... ní thuigeann tú chomh dona is atá saoráidí go dtí gurb in do shaol féin."*

**Maigh Eo**

*“Tá ceart bunreachtúil agam vóta a chaitheamh, mar dhuine faoi mhíchumas cuirtear isteach go mór ar mo cheart vótála mar gheall ar ionaid nach bhfuil inrochtana, botháin vótála nach féidir liom mo chathaoir rothaí a chur isteach iontu a fhágann go gcaithfidh mé vótáil go poiblí agus go bhféadfaí mo roghanna a thabhairt faoi deara, ní bhíonn an peann luaidhe a chuirtear ar fáil ná an spás chun scríobh inrochtana ó mo chathaoir.*

*Bhí mé san ospidéal don toghchán deiridh agus cé go raibh mo chárta vótaíochta agam, ní raibh aon áit san ospidéal ina bhféadfainn féin, na hothair eile a bhí ann ná an fhoireann vóta a chaitheamh. Ba cheart go mbeadh ospidéil in ann próiseas vótála a éascú dóibh siúd a bhfuil cárta vótaíochta acu.*

*Ba cheart go mbeadh tuilleadh eolais ar fáil faoin bpostvótáil agus spreagadh le cur isteach uirthi, is féidir leis an ngá atá le teastas leighis fadhbanna a chruthú agus a bheith costasach, mar dhaoine faoi mhíchumas táthar ag déanamh idirdhealú orainn sa chás seo toisc nach gcaithfidh aon duine atá ar lánchumas teastas leighis a thaispeáint chun vóta a chaitheamh. Nuair a bhaintear mo cheart vótála díom mar gheall ar mo mhíchumas, ionsaítear mo chearta daonna i dtaobh mo chumais ghníomhaíoch agus rochtana féin.”*



## Ceisteanna príobháideachais

**Cill Dara**

*“Ciallaíonn Seomra 1 deasc (1 as 3) i halla mór. Bhraith mé inniu nach leor an príobháideachas a bhí ar fáil domsa agus do dhaoine eile san ionad seo. Bhí an bothán vótála ar dronuillinn leis an deasc ag a mbailítear an páipéar vótála agus thart ar chúig troithe uaidh. Mar is eol daoibh, tá an páipéar ballóide sách mór agus tá sé deacair radharc air a bhlocáil. Bhí daoine i scuaine an-ghar taobh thiar díom nuair a bhí mé ag vótáil.*

*Bhí bord mór le cathaoir in aice leis sa stáisiún vótála freisin chun freastal ar dhaoine aosta, a mholaim go mór agus d’úsáid mo mháthair chéile é, ach bhí sé i lár an halla agus ní raibh príobháideachas dá laghad aici. Bhí ar dhaoine dul thar an mbord le dul chomh fada le ceann de na deasca chun ballóid a bhailiú agus bhí a páipéar le feiceáil ó cheann de na botháin vótála freisin… Tá rúndacht i vótáil ar cheann de bhunchlocha an daonlathais.”*

**Lú**

*“Ní raibh ach urrann vótála phríobháideach amháin ar fáil agus trí bhord scoile leagtha amach sa halla le cathaoir ar a raibh ar dhaoine suí agus an páipéar ballóide a mharcáil ach d’fhéadfadh gach duine an chaoi a raibh siad ag vótáil a fheiceáil. Bhí an t-eagrúchán go hainnis agus thar a bheith míchompordach mar vótálaí.”*

**Corcaigh**

*“Níl stáisiún vótála 6 ag an láthair seo feiliúnach don vótáil. Tá an seomra i bhfad róbheag agus tá na stáisiúin vótála le feiceáil ag daoine eile atá ag fanacht le vóta a chaitheamh. Tá an seomra seo in úsáid le blianta fada anuas agus tá go leor ceantar á gcur chuig an seomra seo don vótáil. Tá an-imní orm faoi fheiliúnacht an tseomra do vótálaithe faoi mhíchumas agus do shláine na ballóide rúnda freisin.”*

**Dún Laoghaire**
*"Bhí an seomra an-bheag agus ní raibh mórán príobháideachais sna botháin vótála in aice leis na boird... Bhí an bord taobh thiar díom in ann mé a fheiceáil ag marcáil mo chárta vótála. An bhféadfadh sé dul ar ais go dtí an seomra mór arís agus roinnt príobháideachais a thabhairt."*

**Gaillimh**
*"Dé hAoine seo caite, bhí trí stáisiún vótála lonnaithe i seomra beag amháin cé go bhfuil Seomra Ilchuspóra mór ag an ionad a úsáideadh mar Stáisiú(i) n Vótála cheana. Cuireadh dhá bhord ar fáil gan aon scáthlán. Cuireadh dhá chathaoir in aice le chéile ag gach bord. Bhí an seomra chomh beag sin agus bhí na boird suite agus leagtha amach ar bhealach nach raibh aon phríobháideachas ag vótálaithe chun vótáil faoi rún, cé go bhfuil sé sin de cheart ag gach vótálaithe agus go bhfuil siad i dteideal an mhéid sin."*

Tá aiseolas dá leithéid thar a bheith luachmhar chun cabhrú leis an gCoimisiún agus é ag sainaithint réimsí tosaíochta agus rannpháirtíochta ina chlár oibre. I mí Eanáir 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún sonraí faoina *Chomhairliúchán ar Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail*[33] nuair a lorg sé tuairimí an phobail ar an daonlathas agus vótáil trí chéile:

> *"Táimid ag ullmhú Straitéise chun iarracht a dhéanamh daoine a spreagadh le bheith níos rannpháirtí inár bpróiseas daonlathais. Ba mhaith linn cur leis an obair atá ar bun cheana féin. Ba mhaith linn oideachas agus eolas a chur ar fáil faoi phróisis toghcháin agus dhaonlathacha na hÉireann. Ba mhaith linn go ndéarfadh daoine linn céard a cheapann siadsan ba cheart a tharlú. Agus ba mhaith linn go n-inseodh daoine nach gcaitheann vóta linn cén fáth nach gcaitheann siad vóta.*
>
> *Ba mhaith linn go n-úsáidfeadh daoine ó gach cuid den tsochaí, ó gach aicme agus cúlra in Éirinn a nguth agus vóta a chaitheamh i dtoghcháin agus reifrinn.*
>
> *Is cuma má chaith tú vóta i ngach toghchán nó nár chaith tú vóta riamh cheana, ba mhaith linn cloisteáil uaitse. An bhfuil smaoineamh iontach nó simplí agat faoin gcaoi a bhféadfaimis cabhrú le daoine a bheith níos rannpháirtí inár gcóras daonlathach? Ba mhaith linn cloisteáil uait. Daoine aonair, grúpaí, eagraíochtaí, daoine i seomraí ranga, idir óg agus aosta agus gach duine idir eatarthu."*

Ba é an spriocdháta chun smaointe a chur isteach an 25 Márta 2025. Tá an Coimisiún ag meas na n-aighneachtaí ar fad faoi láthair, agus tá dréachtphlean gníomhaíochta le heisiúint don chomhairliúchán poiblí níos deireanaí in 2025.

# 13. Cás-staidéir

Mar atá thuasluaite, béim ar leith den PEER seo ab ea scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar ghnéithe agus céimeanna éagsúla den phróiseas vótála, agus cuirtear iad sin i láthair mar chás-staidéir mhionsonraithe nó ailt fócais sa tuarascáil seo.

## Cás-staidéar: “Má fheictear é, tuigtear é”

**An Coimisiún Toghcháin/Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann – Toghlimistéar Áitiúil Bhéal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo**

De bharr an aiseolais a fuarthas ó Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, mheas an Coimisiún go raibh sé riachtanach machnamh a dhéanamh ar thaithí dhíreach agus saoil vótálaithe faoi mhíchumas sa phróiseas PEER agus phléamar le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchuma éagsúla lena chinntiú gur cuimsíodh é sin go cuí sa PEER.


In idirghníomhaíochtaí eile le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (féach thíos), thairg siad tacaíocht chun tacú leis an gCoimisiún breathnóireacht dhíreach a dhéanamh ar thaithí vótálaithe roinnt toghthóirí faoi mhíchumas. Dá bhrí sin, mar chuid den PEER seo, thug an Coimisiún faoi athbhreithniú ar inrochtaineacht stáisiún vótála do thoghthóirí faoi mhíchumas ar lá na vótálaithe i dToghlimistéar Áitiúil Bhéal an Mhuirthead.




Ar an 16 Deireadh Fómhair 2024, d’óstáil Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA) imeacht ar líne dar teideal ‘*The Importance of Your Vote*’, ag a raibh Joan Carthy, Bainisteoir Náisiúnta Abhcóideachta do IWA, i dteannta Phríomhfheidhmeannach an Choimisiúin, Art O’Leary, chun topaicí tábhachtacha a phlé ar nós clárú le vótáil, postvótáil, agus a bhfuil le déanamh mura bhfuil stáisiún vótála inrochtana. I ndiaidh an imeachta sin, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le IWA agus luamar gur theastaigh uainn tuilleadh a fhoghlaim faoi thaithí úsáideoirí cathaoireacha rothaí ar lá na vótála.

Tá 52 ionad ag IWA ar fud na tíre, agus bíonn cuid acu oscailte cúpla lá in aghaidh na seachtaine. Cuireann ionad IAW i mBéal an Mhuirthead seirbhísí ar fáil ó Luan go hAoine d’úsáideoirí seirbhíse as gach cearn d’iarthuaisceart Chontae Mhaigh Eo. Tá bonn cliant ag ionad Bhéal an Mhuirthead ina bhfuil úsáideoirí seirbhíse ‘fágálaithe scoile’ a fhreastalaíonn ar dhaoine fásta óga faoi mhíchumais éagsúla, agus úsáideann roinnt díobh cathaoireacha rothaí leictreacha ardchumhachta. Féadfaidh daoine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu nó a dteastaíonn cúnamh agus tacaíochtaí speisialta uathu leas a bhaint as na seirbhísí a thairgtear freisin.

D’aontaigh IWA agus an Coimisiún go leanfadh beirt bhall foirne ón gCoimisiún bealach úsáideoirí seirbhíse IWA a bhí le cúnamh agus córas iompair a fháil ó Ghrúpa Rochtana Áitiúil IWA i mBéal an Mhuirthead go dtí a stáisiúin vótála áitiúla ar lá na vótála. Dheimhnigh Bainisteoir Náisiúnta Cláir Rochtana IWA, Rosaleen Lally, go bhfreastalódh sí ar an mbeart chun é a mhaoirsiú agus a chomhordú. [Is í Rosaleen Lally ionadaí IWA freisin ar an *Meitheal*




*um Vótáil Daoine faoi Mhíchumas* faoi chathaoirleacht na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.]

Le tacaíocht an Choimisiúin, chuir IWA plean i dtoll a chéile chun cuairt a thabhairt ar chúig stáisiún vótála i dToghlimistéar Áitiúil Bhéal an Mhuirthead. Shonraíomar nár dhearbhaigh an ceann comhairimh roimhe sin go raibh na stáisiúin vótála sin dorochtana roimh lá na vótála don olltoghchán, reifrinn an Mhárta ná toghcháin áitiúla agus Eorpacha an Mheithimh in 2024.

Ar lá na vótála, chuamar in éineacht le IWA agus é ag tabhairt a úsáideoirí seirbhíse chuig stáisiúin vótála éagsúla. Chomh maith le baill IWA a úsáideann cathaoireacha leictreacha agus cathaoireacha láimhe, thug IWA úsáideoirí seirbhíse a bhfuil lagú amhairc orthu agus atá faoi mhíchumas intleachta chuig na stáisiúin vótála, rud a thug tuiscint leathan dúinn ar na dúshláin éagsúla a bhí le sárú ag toghthóirí ar lá a raibh an aimsir go dona. Sainaithníodh fadhbanna éagsúla ar an lá, ar nós rampaí sealadacha, fánaí géara, srianta spáis, easpa páirceáil inrochtana agus easpa treochomharthaíochta ar an mbealach chuig na stáisiúin vótála.

Tugadh cuairt ar na stáisiúin vótála a leanas:

## Scoil Náisiúnta na hEachléime,

### Scoil Bhreandáin [An Eachléim]

**An Eachléim, an Fód Dubh,**
**Co. Mhaigh Eo, F26 P704**

Chabhraigh IWA le toghthóir amháin a úsáideann cathaoir rothaí thar chiumhais na tairsí ag an mbealach isteach. Níor mheas comhordú IWA ná foireann breathnóireachta PEER go bhféadfadh an t-úsáideoir cathaoireach rothaí an chathaoir rothaí a bhrú tríd an mbealach isteach go dtí an foirgneamh gan cúnamh ó bhall foirne IWA nó ó dhuine eile a d'fhéadfadh cúnamh cuí a thabhairt. Tugadh an fhána ghéar ag an mbealach isteach ar aird, d'ainneoin go raibh comhartha ag an mbealach isteach a thug le fios go raibh sé inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Ní raibh aon bhealach

isteach inrochtana eile ar fáil. Pléadh freisin an gcabhródh rampa cathaoireacha rothaí (dá gcuirfí ar fáil é) ar chor ar bith.

Nuair a bhí siad taobh istigh den fhoirgneamh, ní raibh aon fhadhb ag an úsáideoir cathaoireacha rothaí i dtaobh spás casta. Ní raibh aon chonstaic le feiceáil. Chaith an t-úsáideoir cathaoireach rothaí vóta in urrann vótála nua-aimseartha íseal-leibhéil.

Chuaigh toghthóir a bhfuil lagú amhairc uirthi chuig an stáisiún vótála céanna in éineacht le IWA, agus chuir sí in iúl do bhreathnóir PEER gur thug sí a gloine formhéadúcháin féin chun an páipéar ballóide a léamh agus a mharcáil, in áit úsáid a bhaint as an Teimpléad Páipéir Ballóide a bhí ar fáil. Fadhb eile a chuaigh i bhfeidhm ar thoghthóirí a raibh lagú amhairc orthu ab ea taispeáint an pháipéir ballóide i gcló mór i bpasáiste i Scoil Náisiúnta na hEachléime, áit nach raibh an soilsiú go maith. Deirtear sa *Lámhleabhar d'Oifigigh Cheannais i dToghchán Dála 29 Samhain 2024* gur cheart "leaganacha cló mhóir den pháipéar ballóide/de na páipéir bhallóide chun cabhrú le daoine a bhfuil lagú amhairc orthu a thaispeáint freisin in áit fheiceálach san fhoirgneamh agus ag both vótaíochta tiomnaithe freisin."[34]

Ar an iomlán, níor mheas foireann breathnóireachta PEER go raibh Scoil Náisiúnta na hEachléime inrochtana go neamhspleách ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí.

## Scoil Náisiúnta an Gheata Mhóir,

**Béal an Mhuirthead,**
**Co. Mhaigh Eo, F26 TX06**

Chuaigh IWA in éineacht le beirt toghthóirí a úsáideann cathaoireacha rothaí go stáisiún vótála an Gheata Mhóir. Bhí comhartha in airde a thug inrochtaineacht d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí le fios, agus bhí rampa cathaoireacha rothaí adhmaid sealadach ann a rinne an bealach isteach inrochtana. Ní fhacthas aon athrú ar leibhéal ná aon chonstaic ná guais. Chuaigh duine de na toghthóirí isteach sa stáisiún vótála gan aon chúnamh i gcathaoir leictreach, agus chuaigh an t-úsáideoir cathaoireach rothaí láimhe aosta isteach san fhoirgneamh le cúnamh ó bhall foirne IWA.

Chonacthas dóthain spáis agus soilse taobh istigh den stáisiún vótála, agus measadh go raibh an leagan amach fabhrach do ghluaiseacht an phróisis vótála, slándáil an bhosca ballóide agus rúndacht na vótála. Bhí bord íseal-leibhéil le scáthlán ar fáil do na húsáideoirí cathaoireacha rothaí agus bhí sé suite ar airde inrochtana.

## Scoil Náisiúnta na Corrchloiche,

**Béal an Mhuirthead,**
**Co. Mhaigh Eo, F26 RW94**

Thug foireann breathnóireachta PEER agus IWA cuairt ar an stáisiún vótála seo gan toghthóir, toisc go raibh an toghthóir a bhí ceaptha dul ann in éineacht le IWA san ospidéal ar lá na vótála.

Tugadh ciumhais tairsí ag an mbealach isteach ar aird, cé go raibh comhartha ag an mbealach isteach a thug le fios go raibh sé inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Ní raibh aon bhealach isteach inrochtana eile ar fáil. Anuas air sin, oibrítear an doras de láimh. Ag tagairt do threoir IWA[35] gur cheart do dhoras a oibrítear de láimh dóthain spáis a thabhairt d'úsáideoir cathaoireach rothaí leis an doras a úsáid agus luascadh an dorais a sheachaint, mheas foireann breathnóireachta PEER agus IWA nach bhféadfadh úsáideoir cathaoireach rothaí dul isteach san fhoirgneamh gan chúnamh. Bheadh ar dhuine éigin an doras a choinneáil oscailte dóibh freisin. Dá bharr sin, níor mheas foireann breathnóireachta PEER go raibh Scoil Náisiúnta na Corrchloiche inrochtana go neamhspleách ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí.

Maidir leis an leagan amach taobh istigh den stáisiún vótála, bhí dóthain spáis agus

príobháideachais ann, agus bhí na limistéir leagtha amach i gceart agus bhí na hábhair riachtanacha ar fad ar fáil ann. Bhí urrann vótála nua-aimseartha íseal-leibhéil ar fáil d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí.

## Scoil Náisiúnta Achaidh an Ghlaisín,

**Béal an Mhuirthead,**
**Co. Mhaigh Eo, F26 X763**

Bhí comhartha in airde a thug inrochtaineacht d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí le fios, agus bhí rampa cathaoireacha rothaí sealadach ar chaighdeán maith ann.

Ach oibrítear an doras de láimh agus bheadh ar an úsáideoir cathaoireach rothaí é a oscailt agus iad ar an rampa. Ar an iomlán, measadh go mbeadh úsáideoir cathaoireach rothaí in ann an doras a úsáid mar gheall ar an bhfána íseal a bhí ar an rampa, ach go mbeadh sé deacair. Ní fhacthas aon chéim, guais ná constaic.

Bhí foireann breathnóireachta PEER den tuairim nach raibh aon deacracht taobh istigh d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí i dtéarmaí na pasáistí isteach, spás casta agus leagan amach. Bhí urrann vótála nua-aimseartha íseal-leibhéil ar fáil d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí.

Chuir úsáideoir seirbhíse IWA atá faoi mhíchumas intleachta agus a chaith vóta i Scoil Náisiúnta Achaidh an Ghlaisín in iúl don fhoireann breathnóireachta PEER gur vótáil sé sa stáisiún vótála seo i gcónaí "gan aon fhadhb ar chor ar bith."

## Áisleann Bhéal an Mhuirthead,

**Béal an Mhuirthead,**
**Co. Mhaigh Eo, F26 W5HO**

Thug an fhoireann breathnóireachta PEER ar aird go raibh saoráidí páirceála carranna iontacha ar fáil, agus go raibh spásanna páirceála ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas suite díreach taobh amuigh de bhealach isteach na gcoisithe ag an stáisiún vótála. Ar an tslí chuig bealach isteach an ionaid, ní fhacthas aon ghuais ná bacainne a chuirfeadh bac ar thoghthóirí faoi mhíchumas fisiciúil ná ar thoghthóirí i gcathaoireacha rothaí.

Taobh istigh den ionad, bhuail an fhoireann breathnóireachta PEER agus IWA le húsáideoir seirbhíse IWA a bhfuil lagú amhairc air agus a bhfuil madra treorach






aige. Maidir le taobh istigh/leagan amach an stáisiúin vótála, chuir IWA in iúl gur bogadh an stáisiún vótála go háit dhifriúil san áitreabh ón áit a úsáideadh don imeacht toghcháin roimhe sin, ach níor léir cén chúis a bhí leis an athrú sin. Tugadh ar aird gur chruthaigh an t-athrú ar shuíomh an stáisiúin vótála roinnt mearbhaill don toghthóir a bhfuil lagú amhairc air toisc go raibh sé i dtaithí ar dhul bealach difriúil go dtí a stáisiún vótála agus é taobh istigh den fhoirgneamh. Mheas an fhoireann breathnóireachta PEER go raibh roinnt srianta spáis ag baint le leagan amach an stáisiúin vótála, toisc go raibh trí bhothán vótála i spás beag. Bhí spás príobháideach eile socraithe le haghaidh úsáideoirí cathaoireacha rothaí freisin, agus tugadh ar aird gur cuireadh deasc ar fáil ann chun an vótáil a éascú. Nuair a d'iarr an cléireach vótála ar theastaigh uaidh an teimpléad páipéir ballóide a úsáid chun vóta a chaitheamh, d'fhreagair an vótálaí a bhfuil lagú amhairc air nach raibh "aon mhaith" leis an teimpléad agus gur mhaith leis cúnamh pearsanta ón oifigeach ceannais a chuaigh isteach sa bhothán vótála leis agus a léigh amach ainmneacha na n-iarrthóirí toghcháin. I ndiaidh dó a vóta a chaitheamh, agus iad taobh amuigh den stáisiún vótála, phléigh an fhoireann breathnóireachta PEER rogha an teimpléid páipéir ballóide leis an toghthóir a bhfuil lagú amhairc air. Mhínigh sé dóibh nach bhfuil taithí aige ar phróiseas an teimpléid, agus gur cheap sé gur córas casta é.

## Conclúid

Tríd is tríd, mheas an fhoireann breathnóireachta PEER nach raibh péire de na cúig stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu inrochtana go neamhspleách ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí, d'ainneoin comharthaí a thug le fios go raibh an dá stáisiún vótála inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí. [Scríobh an Coimisiún chuig an gceann comhairimh do dháilcheantar Mhaigh Eo ag gabháil buíochas leo agus lena bhfoireann as a gcúnamh agus chun a bhreathnóireachtaí a chur in iúl dóibh.]

Tá an Coimisiún thar a bheith buíoch de IWA as a thacaíocht agus comhoibriú thiomanta i gcaitheamh an bhirt seo. Mar chuid de PEER thoghchán uachtaráin 2025, tá sé i gceist ag an gCoimisiún an beart a rinneadh i gContae Mhaigh Eo a dhéanamh arís agus a leathnú i limistéir thíreolaíocha eile ar lá na vótála i bhfómhar 2025.

## Cás-staidéar: Vótáil speisialta, Tiobraid Árann Thuaidh

Tugtar an vótáil speisialta do dhaoine a bhfuil gnáthchónaí orthu in ospidéal, i dteach altranais nó in institiúid dá leithéid. Leathnaigh an t*Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* an vóta speisialta chun go bhféadfaidh toghthóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu i saoráidí síciatracha nó meabhairshláinte cur isteach ar an liosta vótálaithe speisialta. Féadfaidh toghthóirí incháilithe vóta a chaitheamh sna suíomhanna sin ar na laethanta roimh imeacht toghcháin trí pháipéar ballóide a chomhlánú; tugann oifigeach ceannais speisialta an páipéar ballóide don toghthóir i dteannta comhalta den Gharda Síochána. Mar a bhforáiltear dó sa dlí toghcháin,[36] a luaithe a dhéanann an tAire ordú maidir leis an lá vótaíochta, cuirtear iarratasóirí eile ar an vóta speisialta leis an gclár i bhfoirm "liosta forlíontach".

Ar an 22 Samhain 2024, chuaigh beirt bhall foirne ón gCoimisiún i dteannta beirt oifigeach ceannais speisialta agus comhalta den Gharda Síochána go tithe altranais atá suite i ndáilcheantar Thiobraid Árann Thuaidh chun riarachán an vóta speisialta a fheiceáil (ach ní an vótáil féin).

Mar a leagtar amach in alt 80(4) den *Acht Toghcháin, 1992*,[37] ní fhéadfaidh compánach cabhrú le vótálaí speisialta. Ach féadfaidh an vótálaí speisialta cúnamh a iarraidh ar an oifigeach ceannais speisialta, nó féadfaidh siad leas a bhaint as teimpléad páipéir




ballóide. I roinnt cásanna, chonacthas gur léigh an t-oifigeach ceannais speisialta sonraí an pháipéir ballóide faoi gach iarrthóir. Cé go bhfuil foráil ann d'oifigeach ceannais speisialta ag marcáil an pháipéir ballóide do thoghthóir, de réir an nós imeachta a úsáidtear i stáisiún vótála ina leithéid de chás,[38] ní fhaca an Coimisiún aon toghthóir a d'iarr ar an oifigeach ceannais speisialta an páipéar ballóide a mharcáil dóibh. Níor iarr aon vótálaí speisialta le haghaidh teimpléad páipéir ballóide (thug an Coimisiún ar aird go raibh an teimpléad ar fáil sa tsraith cáipéisí agus ábhar a eisíodh do gach oifigeach ceannais speisialta).

Nuair a iarradh a n-aiseolas, tharraing na vótálaithe anuas mar réimsí imní an easpa canbhasála/deiseanna idirghníomhaíochta le hiarrthóirí, chomh maith leis an easpa ábhar toghcháin ar na hiarrthóirí sna tithe altranais.

Bhain tairbhí ollmhóra leis an mbreathnóireacht sin ar vótáil speisialta chun forléargas a fháil ar na gnéithe oibríochta agus nós imeachta den vótáil speisialta. Molann an Coimisiún gairmiúlacht agus díograis na beirte oifigeach ceannais speisialta agus chomhalta an Gharda Síochána agus iad ag cinntiú gur baineadh leas as an gceart chun vótála nuair ab fhéidir. Beidh fócas fós in 2025 in ardú feasachta agus cumarsáid an Choimisiúin ar chearta daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu i saoráidí síciatracha nó meabhairshláinte cur isteach ar an liosta vótálaithe speisialta de réir an mholta i dtuarascáil PEER an Mheithimh.[39]

Beartaítear scrúdú níos cuimsithí a dhéanamh ar an vótáil speisialta mar chuid de PEER an toghcháin uachtaráin i bhfómhar 2025. Bheadh scrúdú ar an líon toghthóirí atá cláraithe don vótáil speisialta, modhanna tuairiscithe na sonraí vótála speisialta agus feidhmiú na vótála speisialta féin i gceist leis sin.

## Vótáil speisialta ar an leibhéal náisiúnta

Léirítear sa tuarascáil ar an olltoghchán a d'fhoilsigh an tOireachtas gur eisíodh 9,902 vóta speisialta i mí na Samhna 2024, agus i gcomparáid leis sin, fuarthas 7,567 forchlúdach ó vótálaithe speisialta, ar ráta fillte 76.4% é. Bhí an líon is airde de vótaí speisialta a eisíodh i mí na Samhna 2024 i ndáilcheantair Lú (494), Thiobraid Árann Thuaidh (474) agus Chorcaí Thiar Theas (471).

Bhí an líon is ísle de vótaí speisialta a eisíodh i mBaile Átha Cliath Láir (28), Laois (46) agus Baile Átha Cliath Theas-Lár (70).

## Cás-staidéar: Toghthóirí ag vótáil sa dáilcheantar mícheart

Roimh an olltoghchán, thug an Coimisiún uirlis 'Aimsigh Mo Dháilcheantar' isteach.[40] Bhí ról úsáideach ag an acmhainn oideachais ar líne sin chun cabhrú le daoine an dáilcheantar a sannadh dóibh a aimsiú.

Ach i rith thréimhse an olltoghcháin, fuair an Coimisiún tuairiscí ó roinnt toghthóirí i gContae Bhaile Átha Cliath gur léiríodh ar a gcárta faisnéise vótaíochta gur sannadh vóta sa dáilcheantar mícheart dóibh. I roinnt cásanna, d'úsáid na toghthóirí an uirlis 'Aimsigh Mo Dháilcheantar' agus thug siad faoi deara go raibh an dáilcheantar a sannadh dóibh difriúil leis an dáilcheantar a luadh ar a gcárta faisnéise vótaíochta.

Seachtain roimh lá na vótála, chuaigh vótálaí i dteagmháil leis an gCoimisiún ag míniú gur seoladh cárta faisnéise vótaíochta chucu le haghaidh dháilcheantar Bhaile Átha Cliath Theas-Lár seachas dáilcheantar Chuan Bhaile Átha Cliath Theas mar ba cheart. Le cúnamh ón gCoimisiún, cuireadh an cás seo ina cheart agus d'eisigh an ceann comhairimh ábhartha litir ceartúcháin trínar cuireadh an vótálaí sa dáilcheantar agus an stáisiún vótála ceart.

Cuireadh cásanna eile dá leithéid ar shúile an Choimisiúin ar lá na vótála féin agus ina dhiaidh.

- Thuairiscigh TD gur cuireadh eastát tithíochta i ndáilcheantar Bhaile Átha Cliath-Fine Gall Thoir nuair ba cheart do na toghthóirí a bheith i ndáilcheantar Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Dheimhnigh an t-údarás áitiúil ábhartha an earráid sin agus ceartaíodh é i ndiaidh an toghcháin.
- I gcás eile a chuaigh i bhfeidhm ar dháilcheantair Bhaile Átha Cliath Theas-Lár agus Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, a luaithe a chuir toghthóir in iúl don cheann comhairimh gur sannadh iad don dáilcheantar mícheart, cuireadh an vótáil ar fionraí don bhosca/stáisiún vótála áirithe sin, agus dréachtaíodh 'Clár na dToghthóirí' malartach. Chuir sé sin ar



chumas na dtoghthóirí ábhartha vóta a chaitheamh ag stáisiún vótála malartach sa dáilcheantar ceart. Mheas an ceann comhairimh gur chaith 18 nduine vóta sa dáilcheantar mícheart sular tugadh an earráid faoi deara.

- I stáisiún vótála amháin, dúirt toghthóir gur chuir siad in iúl d'oifigeach ceannais gur eisíodh páipéar ballóide le haghaidh dháilcheantar Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh dóibh in áit Bhaile Átha Cliath Thiar Thuaidh agus gur thug an t-oifigeach ceannais le fios nárbh é sin an chéad uair a tharla sé sin. Mhaígh an toghthóir a tharraing an scéal seo anuas leis an gCoimisiún nár glacadh aon ghníomh ceartaitheach chun an cás a chur ina cheart.

Tuigtear don Choimisiúin go ndeachaigh na ceisteanna a pléadh anseo i bhfeidhm ar chúpla céad vótálaí ar fud dháilcheantair Bhaile Átha Cliath. Is cosúil gur eascair sannadh toghthóirí don dáilcheantar mícheart as earráidí i scéimeanna vótála i roinnt cásanna.

Déanann scéimeanna vótála, a ullmhaíonn údaráis áitiúla, contae nó contaebhuirg a roinnt ina 'cheantair vótála', agus ceaptar áit vótála do gach ceantar agus tugtar le fios cár cheart do stáisiún vótála toghthóra a bheith, bunaithe ar a seoladh. Is féidir le hearráidí teacht chun cinn i scéimeanna vótála, ar nós nuair a shonraítear go bhfuil sraith tithe ina gcuid den scéim vótála le haghaidh toghroinn (TR) amháin, ach go bhfuil sciar den bhóthar nó cuid den tsraith tithe sin in TR in aice láimhe. D'fhéadfadh nach raibh aon iarmhairt ag earráidí mar sin do thoghthóirí in imeachtaí toghthóirí roimhe sin sa chás go raibh na TRanna lonnaithe sa toghlimistéar áitiúil nó sa dáilcheantar céanna.

I ndiaidh *Tuarascáil Athbhreithnithe Toghcheantar 2023* a fhoilsiú agus achtú an *Achta Toghcháin (Leasú), 2023*, bogadh roinnt TRanna ó dháilcheantar amháin go ceann eile. I gcásanna áirithe sannadh grúpaí toghthóirí i scéim vótála don TR mícheart nuair a socraíodh an chéad lá riamh é, agus dá bharr sin sannadh roinnt toghthóirí ar an dáilcheantar mícheart don olltoghchán.

Bunaithe ar na cásanna a cuireadh ar aird don Choimisiún, is cosúil gur ghlac oifigigh toghcháin cuir chuige dhifriúla ar lá na vótála nuair a tháinig cásanna chun cinn de vótálaithe a sannadh chun vóta a chaitheamh sa dáilcheantar mícheart.

Moltar go ndréachtófaí treoir chun comhairle a chur ar oifigigh cheannais i stáisiúin vótála faoin nós imeachta atá le glacadh nuair a tharlaíonn sé go n-eisítear páipéir bhallóide don dáilcheantar mícheart do thoghthóirí. Ba cheart an lámhleabhar treorach d'oifigigh cheannais a leasú dá réir.

Ar leibhéal níos leithne, tá bainistíocht na scéimeanna vótála ina feidhm fhorchoimeádta do gach údarás áitiúil agus de réir alt 28 den *Acht Toghcháin, 1992*, caithfear na scéimeanna vótála a athbhreithniú gach deich mbliana ar a laghad. Anuas air sin, tugtar ar aird go leagtar amach in alt 29(1) den *Acht Toghcháin, 1992*:

*"I gcás, tar éis toghlaigh a athmheas, nach bhfuil ceantar vótaíochta a bhí ann díreach roimh an athmheas sin suite go hiomlán laistigh de dháilcheantar nua, déanfaidh an t-oifigeach cuí, tar éis dul i gcomhairle leis an gceann comhairimh don dáilcheantar sin i ndáil leis an gcuid den cheantar vótaíochta atá sa toghlach—*

*(a) an chuid sin nó codanna de a chur isteach le haon cheantar nó ceantair vótaíochta atá tadhlach léi, nó*
*(b) ceantar vótaíochta a dhéanamh de agus áit vótaíochta a cheapadh dó."*

Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar scéimeanna vótála i ndiaidh aon athrú a dhéanamh ar theorainneacha toghcháin mar gheall ar athbhreithniú toghcheantar.

## Cás-staidéar: Ros Comáin-Gaillimh, Gaillimh Thoir

Moladh i d*Tuarascáil Athbhreithnithe Toghcheantar 2023* go méadófaí líon na ndáilcheantar ó 39 go 43. Cruthaíodh seacht ndáilcheantar nua san iomlán, agus leasaíodh teorainneacha dáilcheantar eile; bogadh roinnt ceantar ó dháilcheantar amháin go dáilcheantar eile in aice láimhe.

De réir an *Achta Toghcháin (Leasú), 2023*, aistríodh roinnt toghranna ó dháilcheantar Ros Comáin-na Gaillimhe go dáilcheantar na Gaillimhe Thoir. Roimh lá na vótála, chuir an Rannóg Toghchórais i gComhairle Chontae na Gaillimhe in iúl[41] do thoghthóirí go bhfanfadh seacht gceantar vótála i gContae na Gaillimhe i ndáilcheantar Ros Comáin-na Gaillimhe agus go n-aistreofaí 23 ceantar vótála ar ais go dáilcheantar na Gaillimhe Thoir. Roinneadh ceithre cheantar vótála idir dáilcheantar na Gaillimhe Thoir agus dáilcheantar Ros Comáin-na Gaillimhe agus bhí ceann amháin díobh siúd – Scoil Náisiúnta Chluain Tuaiscirt – le botháin vótála a óstáil le haghaidh an dá dháilcheantar, Gaillimh Thoir agus Ros Comáin-Gaillimh. Chuir an Rannóg Toghchórais i gComhairle Chontae na Gaillimhe le fios, anuas ar an bhfógra a eisíodh ar líne, gur scríobh sí go díreach chuig breis agus 14,000 toghthóir chun iad a chur ar an eolas faoin athbhreithniú ar theorainneacha na ndáilcheantar agus faoi athruithe ar stáisiúin vótála na dtoghthóirí.

Thug foireann breathnóireachta PEER cuairt ar Scoil Náisiúnta Chluain Tuaiscirt ar lá na vótála agus thug ar aird go raibh dhá stáisiún vótála dáilcheantair sa seomra céanna, agus dhá dheasc á scaradh. Thuairiscigh foireann breathnóireachta PEER gur chruthaigh an leagan amach deacrachtaí maidir le gluaiseacht na vótála, agus go raibh toghthóirí éiginnte faoin mbothán vótála sannta. Creideann an Coimisiún gur cheart cásanna dá leithéid a sheachaint nuair is féidir.

## Cás-staidéar: Cártaí faisnéise vótaíochta – Dáilcheantar Chathair Luimnigh

Shonraigh an Coimisiún tuairiscí gar do lá na vótála nach raibh a gcárta faisnéise vótaíochta faighte ag vótálaithe i gceantair dhifriúla ar fud na tíre. Cé nach gcaithfidh vótálaithe cárta faisnéise vótaíochta a thabhairt leo chun vóta a chaitheamh, bhí mearbhall ar roinnt toghthóirí nuair nár tháinig aon chárta faisnéise vótaíochta dóibh toisc nach raibh a fhios acu an bhféadfaidís vóta a chaitheamh agus cár cheart dóibh dul don vótáil. I gcás toghthóirí a bhog go seoladh nua nó ar athraíodh a stáisiún vótála ó bhí na toghcháin ann i mí an Mheithimh, bheadh an fógra ar an gcárta faisnéise vótaíochta ar an bpríomhbhealach lena gcur ar an eolas faoin stáisiún vótála cuí agus cá raibh sé. D'fhéadfaí an stáisiún vótála cuí a sheiceáil freisin ar www.checktheregister.ie nó www.voter.ie (Baile Átha Cliath amháin).

Ar lá na vótála, cuireadh an Coimisiún ar an eolas trí thuairisciú na meán ar líon ard vótálaithe gan aon chárta faisnéise vótaíochta i ndáilcheantar Chathair Luimnigh. Thug tuairiscí le fios gur tháinig go maith os cionn 80% de na vótálaithe gan cártaí faisnéise vótaíochta mar nach bhfuair siad iad, i gcomparáid le ráta thart ar 20% ag imeachtaí toghcháin roimhe sin. Bhí foireann breathnóireachta PEER i gCathair Luimnigh chun cuairt a thabhairt ar stáisiúin vótála a roghnaíodh roimh ré, mar sin cuireadh lena n-aistear agus thug siad cuairt freisin ar Scoil Chuimhneacháin JFK inar tharla moilleanna móra ar an vótáil. Chonacthas go raibh ar thoghthóirí dul go deasca eisiúna roinnt oifigigh cheannais chun a fháil amach cén deasc a raibh orthu a bpáipéar ballóide a fháil ann. Chuir sé sin moill ollmhór ar an bpróiseas. Bhí an fhoireann vótála an-eolach agus neart taithí acu dar leis an bhfoireann breathnóireachta PEER.



Ghlac breathnóir PEER amháin páirt sna trí PEER, agus mheas siad go raibh Scoil Chuimhneacháin JFK ar cheann de na háiteanna vótála is gnóthaí ar tugadh cuairt orthu mar chuid de PEER go dtí seo, ag rá:

> *"Bhí go leor botháin vótála sa seomra ina raibh an vótáil ar bun... Déarfainn go raibh ar fhormhór na vótálaithe dul chuig cúpla bord chun iad féin a aimsiú. Bhí anró breise ag baint leis an gclár toisc nach raibh sé in aon ord faoi leith, mar sin b'éigean gach leathanach a chuardach. Déarfainn go raibh moill shuntasach ar na vótálaithe, ba léir an míshásamh ann."*

Thuairiscigh an breathnóir PEER don Choimisiún gurb é an t-aiseolas ón bhfoireann vótála i stáisiúin vótála eile ar tugadh cuairt orthu i gCathair Luimnigh ar lá na vótála ná go raibh an líon vótálaithe a raibh cártaí faisnéise vótaíochta acu teoranta.

## Postvótáil

Is réimse í an phostvótáil ar a ndearnamar scrúdú sonrach mar chuid den PEER seo. Faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún taighde a dhéanamh ar beartas agus nós imeachta toghcháin, agus moltaí a dhéanamh don Rialtas bunaithe ar an taighde sin.

Tugtar tiomantas i g*Clár Taighde 2024–2026* de chuid an Choimisiúin do thús a chur le taighde in 2025 "ar an bhféidearthacht a bhaineann le postvótáil a shíneadh, a bhuntáistí agus a mhíbhuntáistí agus roghanna chuige sin"[42].

Idir an dá linn, tharraing ár mbreathnóireachtaí PEER aird ar roinnt fadhbanna leis na forálacha postvótála reatha, fadhbanna a bhaineann le cláir ama ina measc, a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu roimh an taighde.

Tugtar gnéithe difriúla den phostvótáil ar aird sa tráchtaireacht a leanas.

### Cás-staidéar: Constaicí a chuireann bac ar phostvótáil – costas

D'fhéadfadh go mbeadh costais bhreise ar thoghthóirí a bhfuil vóta poist uathu mar gheall ar thinneas nó míchumas.

Is féidir le daoine nach bhfuil in ann vóta a chaitheamh i láthair go pearsanta ag a stáisiún vótála áitiúil mar gheall ar thinneas nó míchumas cur isteach ar vóta poist. Simplíodh an próiseas cláraithe don phostvótáil leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, agus anois nuair a

chuirtear duine ar a bhfuil míchumas nó tinneas fadtéarma ar an gclár, ní bhíonn a dteastas le fáil ach uair amháin seachas go bliantúil, agus tugann an t-údarás clárúcháin fógra sula mbaintear an ceart chun vóta poist. Ach tá an ceanglas tosaigh go dteastaíonn teastas leighis fós i bhfeidhm agus d'fhéadfaí táille a ghearradh air.

I mí Feabhra 2025, scríobh Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin, Art O'Leary, chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag iarraidh go gcuirfí deireadh leis an táille sin gan mhoill agus ag dearbhú a seasaimh ar an gcás arís:

> *"tá sé fós dochosanta go bhfuil catagóir áirithe toghthóirí a chaithfidh íoc chun leas a bhaint as a gceart vótála. Measann an Coimisiún go bhfuil na nósanna imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh teastais leighis ag cruthú costas breise le haghaidh go leor iarratasóirí, agus gur ionann sin agus bacainn éagórach ar rannpháirteachas. Níor cheart go mbeadh aon chostas airgeadais ar iarratasóir as iarratas a dhéanamh ar phostvótáil sa chás go dteastaíonn teastas leighis." (féach Aguisín 4)*

## Clárúcháin don phostvótáil le haghaidh toghthóirí a bhfuil tinneas orthu/atá faoi mhíchumas

I mí na Samhna 2024, bhí 3,564 toghthóir cláraithe le haghaidh vóta poist de bharr tinnis nó míchumais, líon an-íseal i gcomhthéacs an 22% den daonra i nDaonáireamh 2022 a thuairiscigh go raibh riochtaí nó deacrachtaí fadtéarmacha ar bith ag gabháil dóibh. Ach léiríonn sé mar sin féin dúbailt na gclárúchán don chatagóir postvótálaí seo ó 1,495 i mí an Mhárta 2024 go 3,564 toghthóir a bhí cláraithe tráth an olltoghcháin. Bunaithe ar shonraí a chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar fáil, bhí na ceantair inar chláraigh an líon is airde de phostvótálaithe a bhí cláraithe faoin gcatagóir dar teideal 'tinneas/míchumas' i ndáilcheantair Chiarraí, Chill Mhantáin, Bhaile Átha Cliath Thiar Theas agus Dhún na nGall. Bhí an líon is ísle de thoghthóirí cláraithe i gcuid de dháilcheantair Bhaile Átha Cliath.

Léirigh sonraí a bailíodh mar chuid dár Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) le haghaidh an olltoghcháin i gcás vótálaithe faoi mhíchumas nár chaith vóta, gur luaigh 7% díobh a dtinneas/míchumas mar chúis leis sin. Anuas air sin, luaigh 28% de na daoine sin nár chaith vóta a mhaireann le riocht/ míchumas 'nach raibh siad cláraithe le vóta a chaitheamh' mar an chúis nár chaith siad vóta san olltoghchán. D'fhéadfadh rogha postvótála aghaidh a thabhairt ar chuid de na deacrachtaí a bhíonn le sárú ag na vótálaithe sin nár chaith vóta, toisc go bhféadfaidís vóta a chaitheamh sa bhaile, agus ag am agus ar lá a d'fheilfeadh dóibh, laistigh de na spriocdhátaí sonraithe. Ach tá sé tábhachtach go mbeadh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas vóta a chaitheamh go pearsanta más mian leo i stáisiún vótála inrochtana a chomhlíonann caighdeáin sláine toghcháin.

Leanfaimid lenár n-ardú feasachta agus cumarsáid in 2025 le heolas agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do thoghthóirí faoi mhíchumas chun a bhfeasacht a ardú i ar an bhféidearthacht a bhaineann le leas a bhaint as an bpostvótáil. Cuirfear an t-athrú a tháinig isteach leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* go bhfuil daoine a bhfuil míchumas nó tinneas meabhrach orthu incháilithe le cur isteach ar phostvótáil san áireamh in aon fheachtas chun feasacht a ardú.

## Cás-staidéar: Vóta poist gairme/mic léinn

Mar a bhforáiltear dó in alt 63 den *Acht Toghcháin, 1997*, féadfaidh daoine ar dóigh go gcuirfidh a ngairm bac orthu vóta a

chaitheamh ag a stáisiún vótála áitiúil ar lá an toghcháin, mic léinn lánaimseartha atá cláraithe sa bhaile ach atá ina gcónaí in áit eile fad is atá siad ag freastal ar institiúid oideachais sa Stát ina measc, cur isteach ar vóta poist. Tá sé de rogha freisin ag mic léinn atá lonnaithe sa Stát agus nach bhfuil ina gcónaí sa bhaile a seoladh cónaithe a athrú go dtí an áit ina gcónaíonn siad don staidéar. Murab ionann agus catagóirí eile den vóta poist inar próisis phoist é ó thús deireadh, bíonn ceanglais bhreise faoin dearbhú aitheantais le comhlíonadh ag toghthóirí sa chatagóir 'gairm/mic léinn'. Ní fhéadfaidh postvótálaithe sa chatagóir 'gairm/mic léinn' a bhfoirm bhallóide chomhlánaithe a chur sa phost go dtí go dtéann siad chuig stáisiún Gardaí, áit a gcaithfidh siad a bpáipéar ballóide a chomhlánú i láthair comhalta den Gharda Síochána agus a ndearbhú aitheantais a fháil sínithe ag an nGarda Síochána. Caithfidh an Garda Síochána an litir inar tháinig an vóta poist a scriosadh freisin. Is faoin toghthóir ansin é a vóta a chur sa phost nuair a fhágann siad an stáisiún Gardaí.

Léiríonn sonraí a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ardú géar ar chlárúcháin postvótála mar gheall ar chúinsí gairme nó oideachais idir na himeachtaí toghcháin in 2024. Le haghaidh reifrinn an Mhárta, bhí 34 duine cláraithe do vóta poist faoin gcatagóir dar teideal 'gairm/mic léinn'. Léim an méid sin go 3,933 le haghaidh thoghcháin áitiúla agus Eorpacha an Mheithimh. Laghdaigh an líon a bhí cláraithe le haghaidh olltoghchán na Samhna go 2,131. Tá na méaduithe in 2024 suntasach mar sin féin.

Ar bhonn a rannpháirtíochta le húdarás áitiúil mór, tuigtear don Choimisiúin Toghcháin gur daoine a fostaíodh i stáisiúin vótála go leor de na postvótálaithe sa chatagóir 'gairm/mic léinn lánaimseartha' in 2024. Cé go bhfuil foráil ann d'aistriú vóta ball foirne toghcháin go dtí an stáisiún vótála ina mbeidh siad lonnaithe ar lá na vótála, ag brath ar an imeacht toghcháin, d'fhéadfaí foireann an stáisiúin vótála a shannadh i stáisiún vótála atá taobh amuigh dá dtoghcheantar agus i gcásanna mar sin, theastódh vóta poist uathu. I gcás an toghcháin uachtaráin a reáchtálfar i bhfómhar 2025, toisc go mbainfear úsáid as páipéar ballóide uilíoch ar fud na dtoghcheantar, ní mheastar go dtiocfaidh méadú ar an gcatagóir vótálaí seo le hais an leibhéil a bhí ann i mí an Mheithimh 2024. Ach d'fhéadfadh cúinsí nua ar nós chur chun cinn na rogha postvótála i measc mic léinn borradh eile faoin éileamh a chruthú.

Ag díriú ar an bhfoirm iarratais don vóta poist, is suntasach nach ndéantar aon tagairt don dearbhú aitheantais ar an bhfoirm iarratais le haghaidh an vóta poist ná do na ceanglais riaracháin lena mbaineann: *Foirm PV4 – Iarratas ar vóta poist mar gheall ar chúiseanna oibre/seirbhísí nó staidéir.*[43] Moltar go leasófaí *Foirm PV4* ionas go sonraítear go soiléir ar an bhfoirm iarratais na ceanglais faoin dearbhú aitheantais. Ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas go hiomlán faoin ngá atá le dul chuig stáisiún Gardaí má éiríonn leo vóta poist den chineál seo a fháil. Ba cheart go gcabhródh sé sin le mic léinn sa chatagóir seo, mar shampla, rogha a dhéanamh idir na trí rogha atá acu sa chás seo: taisteal abhaile chun vóta a chaitheamh; a gclárúchán a bhogadh go dtí a seoladh mic léinn; ná clárú le haghaidh vóta poist agus tabhairt faoi phróiseas deimhnithe an Gharda Síochána.

Maidir le freastal postvótálaí ón gcatagóir seo ar stáisiúin Ghardaí, fuair an Coimisiún roinnt tuairiscí a chur in iúl gur cosúil nach raibh comhaltaí den Gharda Síochána ar an eolas faoin bhforáil seo, an comhfhreagras seo a leanas ó dhuine den phobal ina measc:

> *"Chuaigh mé chuig mo stáisiún Gardaí áitiúil ar maidin chun na treoracha ar an mballóid phoist a chomhlíonadh, agus ba é an chuid ba dheacra a chur ina luí ar an nGarda go gcaithfidís é a shíniú agus bheith mar fhinné air... Lean mé leis agus léigh mé na treoracha a bhí sách soiléir dar liom*

*gur theastaigh síniú agus stampa an Gharda. Dúirt mé fiú gur chuir mé dua orm féin chun vóta poist a fháil agus go raibh mé buartha nach gcomhairfí mo vóta mura bhfaighinn na sínithe cearta. Ar deireadh thiar thall, shínigh agus stampáil sé an fhoirm… Má éilítear ar na Gardaí a bheith páirteach sa phróiseas seo, b'fhéidir go bhféadfadh an Coimisiún Toghcháin roinnt eolais a chur chucu nó oiliúint éigin a chur orthu faoi. Níor mhaith liom go gcuirfí daoine ó dhoras nó go gcaithfí ballóidí amach mar gheall ar an gcéim dheireanach seo."*

Aithnítear an líon ollmhór d'éilimh eile a bhíonn ar Ghardaí atá i mbun oibre leis an bpobal ach measann an Coimisiún go mb'fhéidir go gcaithfear leibhéil feasachta a ardú roimh imeachtaí toghcháin. Táimid ag plé leis an nGarda Síochána ar an gceist seo de bharr an mhéadaithe ar chlárú vótálaithe don chatagóir toghthóirí seo.




## Cás-staidéar: Cláir ama toghcháin agus postvótáil

Bíonn dáta toghcháin bunaithe ar chúinsí bunreachtúla, reachtacha agus polaitiúla. De réir Airteagal 16.5 den Bhunreacht, tá téarmaí parlaiminteacha i nDáil Éireann teoranta do théarma uasta arb ionann é, go praiticiúil, agus cúig bliana de réir na reachtaíochta in alt 33 den *Acht Toghcháin, 1992*. Foráiltear in Airteagal 13.2.1° den Bhunreacht do lánscor Dháil Éireann ag an Uachtarán ar chomhairle an Taoisigh. Chun lánscor na Dála a fheidhmiú, eisíonn an tUachtarán forógra ag lánscor Dháil Éireann. I ndiaidh eisiúint an fhorógra sin agus de réir alt 39(1) den *Acht Toghcháin, 1992*, eisíonn Cléireach na Dála eascaire toghcháin do chinn chomhairimh ag ordú dóibh nósanna imeachta toghcháin a thionscnamh ina ndáilcheantar ábhartha. De réir Airteagal 16.3.2° den Bhunreacht, tá olltoghchán le reáchtáil laistigh de 30 lá de lánscor na Dála – cinntear sonraí dháta an toghcháin le hordú Aire de bhun alt 96(1) den *Acht Toghcháin, 1992* ina bhforáiltear go reáchtálfar an vótáil ar lá idir an 17ú lá agus an 25ú lá i ndiaidh an lae ar eisíodh an t-eascaire toghcháin.

Go praiticiúil, déantar na bearta nós imeachta sin – an forógra ag lánscor Dháil Éireann, an t-eascaire toghcháin agus an t-ordú maidir leis an lá vótaíochta – ar an lá a dtéann an Taoiseach go hÁras an Uachtaráin chun lánscor na Dála a iarraidh. Ag feidhmiú laistigh de na paraiméadair bhunreachtúla agus reachtacha, is faoi lánrogha an Taoisigh dáta an toghcháin. Nuair a eisítear an forógra ag lánscor na Dála, tá clár ama reachtach bunaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina gceapfar lá an toghcháin. Nuair a bhí socruithe lá na vótálaithe á shocrú le cúpla scór blianta anuas, bhí sé de nós ann leas a bhaint as an teorainn is ísle den chlár ama atá sa reachtaíocht de réir alt 96(1) d'Acht 1992.

Cinneann dáta lánscor na Dála an clár ama chun iarratais ar phostvótáil a fháil; de réir alt 14(2) den *Acht Toghcháin, 1992*, arna leasú le halt 90(2)(a) den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, caithfear iarratas le dul ar an liosta postvótálaithe le haghaidh olltoghcháin a fháil roimh an tríú lá i ndiaidh dháta lánscor na Dála. Cuireann eisiúint an eascaire toghcháin ag Cléireach na Dála tús le hamlíne riaracháin atá dírithe go príomha ar nósanna imeachta iarrthóireachta. I gcomhlíonadh an cheanglais fógra poiblí a sholáthar de na coinníollacha chun ainmniúcháin iarrthóirí a fháil, mar a phléitear in alt 44 den *Acht Toghcháin, 1992* arna leasú le halt 1 den *Acht Toghcháin (Leasú), 2007*, tá sé d'oibleagáid ar chinn chomhairimh fógra toghcháin a fhoilsiú laistigh de dhá lá i ndiaidh an lae a bhfaigheann siad an t-eascaire toghcháin. Go praiticiúil, faigheann na cinn chomhairimh an t-eascaire toghcháin an lá i ndiaidh an lae a n-eisítear é; dá réir sin, foilsítear an fógra toghcháin laistigh de thrí lá ón lá a n-eisítear an t-eascaire toghcháin go hiondúil. De réir alt 49 den *Acht Toghcháin, 1992* arna leasú le halt 1 den *Acht Toghcháin (Leasú), 2007*, tosaíonn an tréimhse chun ainmniúcháin iarrthóirí a fháil an lá i ndiaidh an dáta is deireanaí chun an fógra toghcháin a fhoilsiú, agus críochnaíonn sí ar an seachtú lá i ndiaidh an lae ar eisíodh an t-eascaire toghcháin. Chuige sin, tá foilsiú an fhógra toghcháin lárnach san amlíne le haghaidh nósanna imeachta iarrthóireachta. De réir alt 54(1) den *Acht Toghcháin, 1992*, tosaíonn an tréimhse chun ainmniúcháin iarrthóirí a tharraingt siar an lá i ndiaidh an dáta is deireanaí chun ainmniúcháin iarrthóirí a fháil. Ní bhíonn na cinn chomhairimh in ann na hiarrthóirí a dheimhniú go cinnte le haghaidh phriontáil na bpáipéar ballóide go dtí i ndiaidh an dáta chun iarrthóireacht a tharraingt siar.




**Tábla 1: Tugtar le fios an amlíne nósanna imeachta chun páipéir bhallóide a ullmhú i rith olltoghchán 2024.**

## Cás-staidéar: Postvótáil choigríche: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

De réir alt 12(1) den *Acht Toghcháin, 1992*, tá 'comhaltaí de mhisean' – taidhleoirí agus státseirbhísigh atá i mbun seirbhíse lasmuigh den Stát – i dteideal iarratas a chur faoi bhráid an údaráis clárúcháin chuí le go measfar go bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát agus go gcuirfear ar an liosta postvótálaithe iad: leathnaítear an fhoráil sin dá gcéilí nó dá bpáirtithe sibhialta freisin. Tugann sé sin deis dóibh vóta a chaitheamh sa phost. Chun postvótáil a éascú dóibh siúd atá incháilithe, tugtar faoi phróiseas riaracháin lena mbaineann údaráis chlárúcháin, cinn chomhairimh agus an Roinn; d'ainneoin iarrachtaí móra an próiseas sin a fheabhsú oiread agus ab fhéidir, mar gheall ar na cláir ama nósanna imeachta teoranta dá bhforáiltear sa chreat reachtach, fuarthas roinnt páipéir bhallóide phoist i ndiaidh chríochnú na vótála.

Éascaíonn na húdaráis chlárúcháin clárú na dtaidhleoirí, na státseirbhíseach agus a gcéilí nó a bpáirtithe sibhialta incháilithe i gcomhpháirtíocht le hAonad Acmhainní Daonna Thar Lear (HRAU) na Roinne a bhíonn ag plé le húdaráis chlárúcháin go rialta chun teidlíocht reatha na dtaidhleoirí nó na státseirbhíseach atá fós ar postú a dhearbhú, agus chun teidlíocht taidhleoirí nó státseirbhíseach atá ag teacht chun cinn mar go bhfuil siad ag cur tús le postú a chur in iúl. Chuir an Roinn in iúl don Choimisiún go bhfuil an rannpháirtíocht le húdaráis chlárúcháin tairbheach, seachas i gcás roinnt fadhbanna clárúcháin ar leith.

Déanann cinn chomhairimh dáilcheantair na páipéir bhallóide phoist a eisiúint i gcomhar le HRAU a ullmhaíonn na páipéir bhallóide phoist chun iad a sheoladh ar aghaidh chuig misin na Roinne. Bíonn oibríocht an phróisis sin ag brath ar amlínte reachtacha. Chun go n-eiseofar páipéir bhallóide phoist chuig an Roinn lena bpróiseáil, caithfear na próisis riaracháin chun páipéir bhallóide a ullmhú, a phrofáil agus a phriontáil a chur i gcrích. Cinntear dátaí na bpróiseas sin le hamlínte reachtacha a bhaineann le nósanna imeachta iarrthóireachta. Chun an páipéar ballóide a ullmhú do dháilcheantar, tá sé d'oibleagáid ar chinn chomhairimh cúram

a dhéanamh de chríochnú na nósanna imeachta iarrthóireachta, tarraingt siar iarrthóireachta go háirithe. Socraítear an dáta don phróiseas sin le lánscor na Dála agus eisiúint an Eascaire Toghcháin – chuige sin, is léir idirnascthacht agus idirspleáchas na n-amlínte toghcháin. A luaithe a eisíonn cinn chomhairimh na ndáilcheantar na páipéir bhallóide phoist de réir alt 68(1) den *Acht Toghcháin, 1992*, seachadann cúiréir ó Óglaigh na hÉireann iad chuig an Roinn (bailíonn an Roinn na páipéir bhallóide phoist le haghaidh dháilcheantair Bhaile Átha Cliath go díreach ó na cinn chomhairimh).

Nuair a fhaightear na páipéir bhallóide phoist, cuireann HRAU na vótaí poist in ord de réir misin, ag cinntiú go n-ullmhaítear na páipéir bhallóide dáilcheantair lena n-eisiúint chuig an misean cuí. Chun an próiseas sin a éascú, tá liosta aige ina bhfuil na dáilcheantair ina bhfuil comhaltaí den mhisean cláraithe le vóta a chaitheamh iontu. A luaithe a bhíonn na páipéir bhallóide phoist chuí ullmhaithe do mhisean ar leith, cuirtear na vótaí poist i gclúdach seachtrach agus aistrítear chuig Aonad Clárlainne na Roinne iad lena seoladh.

Tá an tAonad Clárlainne freagrach as na ceadanna a fháil a bhaineann le páipéir bhallóide phoist a eisiúint mar phost taidhleoireachta; ag brath ar an gceann scríbe, teastaíonn ceadanna speisialta chun an post taidhleoireachta a chur chuig an Stát. Anuas air sin, logálann an tAonad Clárlainne na páipéir bhallóide phoist mar phost taidhleoireachta agus ullmhaíonn iad i málaí taidhleoireachta. Cuireann rianaire ar chumas an Aonaid Clárlainne agus an mhisin cinn scríbe monatóireacht a dhéanamh ar iompar an mhála taidhleoireachta agus ullmhú chun é a fháil. Nuair atá an próiseas seo críochnaithe, bailíonn cúiréir príobháideach na málaí taidhleoireachta ina bhfuil na páipéir bhallóide phoist agus tugtar go hAerfort Bhaile Átha Cliath iad lena seoladh. Tá sé tábhachtach a rá anseo cé go gcruthaíonn úsáid an mhála taidhleoireachta cosaintí dlí éagsúla, is beag buntáiste lóistíochta a bhaineann leis. Seoltar na málaí taidhleoireachta le cúiréir príobháideach – baineann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála úsáid as DHL – agus bíonn siad faoi réir chláir ama seachadta chaighdeánacha an tionscail dá réir. Chuir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála in iúl don Choimisiún go ndearna sé athbhreithniú ar na seirbhísí a chuireann cúiréirí príobháideacha éagsúla ar fáil agus go raibh na cláir ama seachadta díreach mar an gcéanna acu ar fad.

Cuireann HRAU agus an tAonad Clárlainne an próiseas chun páipéir bhallóide phoist a ullmhú lena seoladh ar aghaidh i gcrích ar an lá a bhfaightear iad ó chinn chomhairimh. Ar an 21 Samhain 2024 – an lá a raibh an Coimisiún i láthair – seachadadh páipéir bhallóide phoist ar an Roinn ag 12:00, bhí siad ullmhaithe ag HRAU lena seoladh ar aghaidh ag 14:30 agus bhí an tAonad Clárlainne tar éis iad a phróiseáil i málaí taidhleoireachta lena mbailiú faoi 15:30.

Chuir an Roinn in iúl don Choimisiún go bhfuil na hamlínte atá i bhfeidhm faoi láthair chun páipéir bhallóide phoist a sheachadadh dúshlánach. I gcás misin áirithe, go háirithe iad siúd a bhfuil sé deacair iad a rochtain nó nach féidir brath chomh mór céanna ar an tseirbhís post, tógann an seachadadh poist suas le deich lá in aon treo amháin. I gcás toghcháin atá an-íogair ó thaobh ama de, ina sanntar lá na vótála don íostréimhse seachas an uastréimhse reachtach, tá baol ann go bhfaighfear páipéir bhallóide phoist i ndiaidh lá na vótála – agus, go deimhin, tharla na fhadhb sin i rith olltoghchán 2024. De bharr na n-amlínte reachtacha le haghaidh nósanna imeachta iarrthóireachta agus cinntí polaitiúla a bhain le dáta lánscor na Dála agus lá na vótála, fuair an Roinn páipéir bhallóide phoist ó chinn chomhairimh thart ar sheachtain roimh lá na vótála. Chinntigh sé sin, nach mór, go bhfaighfí roinnt páipéir bhallóide phoist i ndiaidh lá na vótála.

Dar le sonraí a bhailigh an Roinn, fuarthas thart ar 10% de na páipéir bhallóide phoist

a eisíodh i rith an olltoghcháin i ndiaidh lá na vótála. Fuarthas na páipéir bhallóide sin ó 14 mhisean, rud a thugann le fios nach fadhb annamh é agus go mbaineann sé le sciar suntasach – thart ar 15% – de mhisin na Roinne: tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go bhféadfadh gur seoladh cuid de na ballóidí ó na misin sin ar ais in am, toisc gur seoladh iad de réir mar a d'eisigh na cinn chomhairimh iad. Dá réir sin, cé go ndeachthas i bhfeidhm ar 14 mhisean, ní gá go ndeachthas i bhfeidhm ar gach oifigeach sna misin sin. Chuir an Roinn in iúl don Choimisiún go bhfuil deis theoranta ann chun an próiseas a bharrfheabhsú tuilleadh, agus chuige sin, tá sé tábhachtach na hamlínte toghcháin a chinntear leis an gcreat reachtach reatha a scrúdú agus tograí beartais lena mbaineann a mheas.

*"Ar an liosta fada jabanna a bhíonn agam nuair a chuirim tús le postú, tá mo chlárú vótála a thabhairt cothrom le dáta ar bharr an liosta i gcónaí. Is mór agam an phribhléid vóta a chaitheamh agus mé thar lear agus tá dlúthcheangal idir é agus fónamh don Stát thar lear. Sna holltoghcháin is deireanaí, d'éirigh sé soiléir go han-tapa go mbeadh an t-aga comhlánaithe dúinne in Ambasáid Ankara an-dian, agus b'fhéidir fiú nach bhféadfaimis vóta a chaitheamh. Thosaíomar ag breathnú ar na féidearthachtaí lóistíochta ar fad agus ar phleanáil theagmhasach chun na ballóidí a fháil agus a sheoladh ar ais. Measadh traenacha, eitleáin agus feithiclí agus soláthraithe seirbhísí cúiréireachta nua, cé nach raibh siad chomh slán céanna. Bhíomar thuas seal, thíos seal. Nuair nach raibh ach trí bhallóid sa chéad mhála taidhleoireachta oíche Dé hAoine roimh lá na vótála, bhí lagmhisneach orainn toisc gur chosúil nach n-éireodh lenár bhformhór, mé féin ina measc, vóta a chaitheamh. Ach bhí an-sceitimíní orainn luath maidin Dé Luain nuair a tháinig na ballóidí eile. Toisc go raibh an cúiréir céanna chun an mála a thabhairt leo láithreach leis na ballóidí a fuarthas Dé hAoine, ní ligfimis dóibh an Ambasáid a fhágáil go dtí go ndearnamar iad a fhianú agus a chomhlánú d'fhuadar chun iad a chur ar ais go Baile Átha Cliath in am. Bhíomar ag súil go mór nach mbeadh aon fhadhb dheiridh gan choinne ann, agus cé go raibh beirt den fhoireann as baile agus nach raibh siad in ann vóta a chaitheamh, níorbh fhéidir é sin a sheachaint. Bhí foireann iomlán na hAmbasáide infheistithe i rianú an mhála taidhleoireachta de bhallóidí speisialta go Baile Átha Cliath, agus ba mhór an faoiseamh a fheiceáil gur shroich sé ceann scríbe roimh lá na vótála. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gceanncheathrú agus leis an bhfoireann áitiúil as a seacht míle dícheall a dhéanamh chun go bhféadfaimisne atá in Ankara a bheith páirteach sa phróiseas daonlathach – rud a bhfuil an-mheas go deo againn air."*

An tAmbasadóir Clare Brosnan, Ambasáid na hÉireann sa Tuirc

Maidir le holltoghchán 2024, chruthaigh cúinsí éagsúla sceideal thar a bheith dian do sheachadadh na bpáipéar ballóide poist, ina measc dáta lánscor na Dála – toisc gur lánscoradh an Dáil Dé hAoine, 8 Samhain 2024, cuireadh moill ar an eascaire toghcháin a fháil go dtí Dé Luain, 11 Samhain 2024. Chun an fhadhb sin a mhaolú, moltar go ndéanfadh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na hamlínte reachtacha a scrúdú agus réimsí chun an próiseas postvótála a fheabhsú a mheas, chomh maith leis na dúshláin postvótála a bhí le sárú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i rith 2024.

**1. Clár ama don olltoghchán**

In 2024, ní raibh ach trí seachtaine idir fógairt an olltoghcháin agus lá na vótála féin. Bhí tréimhse an-ghearr ann dá bhrí sin chun na ballóidí poist a chur chuig oifigigh i líonra misean na Roinne ar fud na cruinne, agus iad a chur ar ais go hÉirinn. Ní féidir ballóidí a eisiúint go dtí go ndúntar na hainmniúcháin agus go bhfuil an tréimhse ina dhiaidh sin chun ainmniúcháin a tharraingt siar thart. Dá bhrí sin, i gcás an olltoghcháin, ní raibh ballóidí don phostvótáil ar fáil ach ón 21 Samhain 2024 agus bhí siad le fáil, le seoladh chuig an líonra misean, le comhlánú agus le cur ar ais chuig na cinn chomhairimh ábhartha faoin bpost deiridh ar lá na vótála, an 29 Samhain. Fiú leis an gcomhar iontach a dúirt an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a fuair sí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, chomh maith le roinnt de na húdaráis áitiúla, bhí dúshláin an-suntasach i gceist maidir leis na ballóidí a chur chuig na misin i bhfad i gcéin in am, chomh maith leo siúd in áiteanna nach féidir brath chomh mór céanna ar an tseirbhís poist. Cé go mbraitheann an tréimhse iompair ar an suíomh féin, tógann sé lá nó dhó ar a laghad ar phostas taidhleoireachta ó Bhaile Átha Cliath dul chomh fada le misin i suíomhanna níos gaire do bhaile, ach níos mó ná deich lá i suíomhanna eile. Caithfear tréimhse dá leithéid a chur san áireamh freisin chun an postas taidhleoireachta a chur ar ais ón líonra Misean. Dar leis an Roinn, téann na tréimhsí níos faide sin i bhfeidhm ar oifigigh atá ar postú i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise agus san Afraic, chomh maith leo siúd atá ag fónamh i limistéir coimhlinte ghníomhacha. I gcás beagnach leath de líonra misean na Roinne, tá an tréimhse mheasta chun postas taidhleoireachta a sheachadadh os cionn ceithre lá, agus teastaíonn ceithre lá eile chun an postas taidhleoireachta a chur ar ais.

**2. Clárú postvótálaithe**

Níl aon phróiseas ná ceanglas foirmiúil i bhfeidhm faoi láthair chun go roinnfeadh na húdaráis áitiúla liosta de na postvótálaithe atá cláraithe leo mar oibrithe thar lear a roinnt leis an Roinn. Caithfidh oifigigh a fhilleann ó phostú dul i dteagmháil lena n-údarás áitiúil freisin chun iad a bhaint den chlár mar phostvótálaí.

A bhuíochas den chomhar maith agus an plé láidir idir na húdaráis áitiúla agus an Roinn, seolann thart ar 60% de na húdaráis áitiúla a liostaí de phostvótálaithe cláraithe chugainn chun iad a chros-seiceáil le taifid na Roinne. Cinntíonn sé sin go mbaintear na hoifigigh nach bhfuil incháilithe do vóta poist den chlár agus go gcuirtear gnáthchárta faisnéise vótaíochta chucu in am do lá na vótála, chomh maith lena chinntiú go bhfuair an t-údarás áitiúil na foirmeacha clárúcháin PV3 a sheol oifigigh agus gur próiseáladh iad.

Chuir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála in iúl go bhfáilteofaí roimh chaighdeánú an phróisis sin leis na húdaráis áitiúla ar fad chun a chinntiú go bhfuil taifid na bpostvótálaithe cothrom le dáta.

Bíonn cuid de na hoifigigh atá ag fónamh i suíomhanna thar lear ar bhonn sealadach in ann vóta a chaitheamh le foirm PV4 freisin. Ach bheadh fiúntas ag baint le haon treoir ar leith a d'fhéadfaí a eisiúint do na húdarás áitiúla i leith glacadh leis na foirmeacha sin, toisc gur thuairiscigh roinnt oifigeach deacrachtaí agus iad ag plé lena n-údarás áitiúil ábhartha chun clárú ar an mbealach sin.


## Sonraí postvótála

Is tuairisceáin staidrimh iad na tuarascálacha toghcháin – *Tuarascáil Toghcháin do Chléireach na Dála* – a dhéanann cinn chomhairimh don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a fhoilsíonn an tOireachtas. Bíonn sonraí sna tuarascálacha ar an líon vótaí poist a eisíodh, an líon vótaí speisialta a eisíodh, an líon páipéir bhallóide phoist agus speisialta in éindí ar diúltaíodh dóibh nuair a osclaíodh iad, agus an líon páipéir bhallóide phoist agus speisialta in éindí a cuireadh agus a fuarthas sa bhosca ballóide. (féach Aguisín 5 – Tuarascáil Toghcháin Shamplach – Toghchán Dála an 29 Samhain 2024)

I gcás olltoghchán Shamhain 2024, bhí 15,499 toghthóir cláraithe le haghaidh vóta poist. Bunaithe ar na tuairisceáin tuairiscithe toghcháin a fuarthas ó na cinn chomhairimh don olltoghchán, is féidir na 'rátaí freagartha' foriomlán don phostvótáil a ríomh bunaithe ar an líon vótaí a eisíodh i gcomparáid leis an líon vótaí poist a fuarthas sa phost (d'fhéadfaí diúltú do chuid de na páipéir bhallóide sin ar deireadh). Tugann figiúirí atá ar fáil le haghaidh olltoghchán 2024 le fios gur sheol thart ar 62.6% díobh siúd ar eisíodh vóta poist dóibh a vóta sa phost. I gcomparáid leis sin, bhí ráta freagartha 55.2% i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa i mí an Mheithimh.

Tá difríochtaí tíreolaíocha sa ráta freagartha foriomlán don vóta poist (62.6%), leis an ráta freagartha is airde (95.4%) i ndáilcheantar Bhaile Átha Cliath Thiar-Meán agus an ceann is ísle (51-52%) i ndáilcheantair Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Uíbh Fhailí agus Phort Láirge. Ba é an Longfort-an Iarmhí an dáilcheantar leis an líon is mó de vótaí poist a eisíodh ar an iomlán (800) as an 15,417 vóta poist a eisíodh ar fud na tíre.

Molann an Coimisiún go leasófaí na foirmeacha tuairiscithe a chomhlánaíonn cinn chomhairimh i ndiaidh gach imeachta toghcháin (agus na forálacha reachtacha a rialaíonn an phostvótáil agus an vótáil speisialta san áireamh[44]), ionas go gcoinneofaí na staitisticí agus vótaí ón bpostvótáil scartha ó na sonraí faoin vótáil speisialta nuair is féidir. Tá an easpa sonraí le haghaidh postvótála agus vótáil speisialta a chomhairtear astu féin ag cur bac ar ár gcumas maoirseachta, go háirithe i dtaobh an taighde atá le tosú níos deireanaí in 2025 faoin bhféidearthacht a bhaineann leis an bpostvótáil a leathnú.



## Moltaí PEER na Samhna

| | |
|---|---|
| | Deireadh a chur le gach táille a bhaineann le teastas leighis a fháil, a ghearrtar ar dhaoine atá ag cur isteach ar an vóta poist mar gheall ar thinneas nó míchumas. Molann an Coimisiún go láidir gur cheart é sin a dhéanamh roimh thoghchán uachtaráin 2025. |
| | Athbhreithniú a dhéanamh ar na hamlínte reachtúla i ndiaidh lánscor na Dála chun a chinntiú go dtugtar gach deis do vótálaithe vóta poist a eagrú, agus go mbíonn siad siúd a dteastaíonn uathu clárú le vótáil den chéad uair nó ag seoladh nua in ann sin a dhéanamh. |
| | Leasú a dhéanamh ar *Fhoirm PV4 – Iarratas ar vóta poist mar gheall ar chúiseanna oibre/seirbhísí nó staidéir*, ionas go sonraítear go soiléir ar an bhfoirm iarratais na ceanglais faoi fhreastal ar stáisiún Gardaí agus an dearbhú aitheantais. |
| | Treoir a eisiúint d'oifigigh cheannais faoi dhiúscairt shábháilte agus shlán na gcártaí faisnéise vótaíochta a fhágann toghthóirí i stáisiúin vótála. |
| | Athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna vótála i ndiaidh aon athrú a dhéanamh ar theorainneacha toghcháin mar gheall ar athbhreithniú toghcheantar. |
| | Treoir a eisiúint d'oifigigh cheannais faoin gcaoi le freagairt do chásanna ina n-eisítear páipéir bhallóide don toghcheantar mícheart do thoghthóirí. |
| | Leasú a dhéanamh ar na foirmeacha tuairiscithe a chomhlánaíonn cinn chomhairimh i ndiaidh gach imeachta toghcháin ionas go mbíonn na staitisticí agus vótaí ón bpostvótáil scartha ó na sonraí faoin vótáil speisialta. |
| | Uimhreacha saorghlao a thaispeáint ina dtugtar liosta d'iarrthóirí san ord ina mbíonn siad ar an bpáipéar ballóide go soiléir ar leathanach baile shuíomhanna gréasáin na gceann comhaireamh agus www.gov.ie. Mar rogha bhreise ar na suíomhanna gréasáin sin, comhaid fuaime a sholáthar ina nglaoitear amach liosta na n-iarrthóirí san ord ina mbíonn siad ar an bpáipéar ballóide. |

## Moltaí PEER an Mheithimh

| |
|---|
| A chinntiú go bhfuil rampaí cathaoireacha rothaí ar fáil áit ar bith a dteastaíonn siad de bharr na ndálaí fisiciúla ag stáisiún vótála, agus go bhfuil comharthaí soiléire ann le haghaidh na mbealaí isteach ar fad atá inrochtana do chathaoireacha rothaí. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir agus ar na hábhair atá ar fáil le haghaidh vótálaithe atá dall nó ar a bhfuil lagú amhairc. |
| Cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid na línte cabhrach saorghlao le haghaidh toghthóirí atá dall nó ar a bhfuil lagú amhairc (i ndiaidh a sheiceáil go bhfuil na línte cabhrach réidh le húsáid go cinnte). |
| Eolas agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil chun feasacht a mhéadú i measc toghthóirí faoi mhíchumas ar an bhféidearthacht a bhaineann le leas a bhaint as an bpostvótáil. |
| I bhfianaise na leasuithe a tugadh isteach san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, feasacht a mhéadú i measc toghthóirí ar a bhfuil riochtaí meabhairshláinte agus ina measc siúd a chónaíonn i saoráidí meabhairshláinte den fhéidearthacht a bhaineann le leas a bhaint as an bpostvótáil agus as vóta speisialta. |

## Moltaí PEER an Mhárta

| |
|---|
| Reachtaíocht toghcháin a leasú chun foráil go sainráite do fhreastal fhoireann agus chomhaltaí an Choimisiúin ar stáisiúin vótála agus ionaid comhairimh le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad. Na caighdeáin inrochtaineachta le haghaidh stáisiúin vótála a athbhreithniú agus a leathnú i Seicliosta Inrochtaineachta nuashonraithe (sonraítear dhá leasú ar an Seicliosta Inrochtaineachta i ndiaidh mhí an Mhárta 2024). |
| Rátáil Inrochtaineachta a shannadh do gach stáisiún vótála atá éasca le seiceáil ag toghthóirí roimh dóibh vóta a chaitheamh. |
| An t-ábhar vótála ar fad a athbhreithniú ag féachaint le raon níos leithne d'fhormáidí inrochtana a chur ar fáil. |
| Na lámhleabhair treorach a eisítear do chinn chomhairimh agus d'oifigigh cheannais a chur ar fáil don phobal, le haon sonraí oibríochta rúnda fágtha ar lár. (curtha i bhfeidhm).[7,8] |
| Lámhleabhar treorach a fhoilsiú do thoghthóirí ina mínítear na saoráidí agus na háiseanna vótála a bhíonn ar fáil ag stáisiúin vótála. |

# 14. Na Chéad Chéimeanna Eile

Tugann an chumhacht a thugtar don Choimisiún san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* chun PEER a dhéanamh le fios go raibh meas ag an Oireachtas ar mheasúnú neamhspleách ar riarachán imeachtaí toghcháin. Sonraítear sa reachtaíocht gur tosaíocht ar leith í taithí daoine faoi mhíchumas. Tagann roinnt de na moltaí in PEERanna roimhe seo leis an aiseolas a fuaireamar ó pháirtithe leasmhara agus tá siad bunaithe ar shonraí agus ar thaithí ón bhfíorshaol. Tá sé tábhachtach mar sin go ngníomhaítear ar na moltaí sin.

Rinneadh dul chun cinn ar chuid dár moltaí a chur i bhfeidhm agus thugamar breac-chuntas ar réimsí feabhais sa Tuarascáil seo le hais an dá imeacht roimhe seo a d'athbhreithníomar go dtí seo. Ach tá obair le déanamh fós chun go leor dár moltaí a chur chun cinn.

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar dhul chun cinn i gcur i bhfeidhm na moltaí sna trí thuarascáil PEER go dtí seo in 2026 i ndiaidh an toghcháin uachtaráin. Beidh rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara ábhartha i gceist leis sin freisin. Cuirfimid ár measúnú ar dhul chun cinn ar mholtaí PEER a chur i bhfeidhm in iúl inár n-idirghníomhaíochtaí leis an Aire agus leis an Oireachtas.

Do PEER an toghcháin uachtaráin, ar dócha go mbeidh sé le foilsiú in R2 2026, d'fhéadfadh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh ceisteanna a scrúdaíodh in PEERanna an olltoghcháin, an Mheithimh agus an Mhárta 2024 a scrúdú arís.

Leanfar leis an mbéim ar oiriúnacht na saoráidí a thairgtear do thoghthóirí faoi mhíchumas de réir na bhforálacha reachtacha a rialaíonn PEERanna. Tá sé i gceist againn tógáil ar an gcás-staidéar a rinneadh i dToghlimistéar Áitiúil Bhéal an Mhuirthead trí dhul in éineacht le toghthóirí faoi raon míchumas agus iad ag caitheamh vóta sa toghchán uachtaráin atá le reáchtáil i bhfómhar 2025. I gcás PEER an toghcháin uachtaráin, scrúdófar taithí vótála toghthóirí faoi mhíchumas i gcomhairle leis an **Meitheal Grúpaí a mBíonn Constaicí sa Bhealach Orthu** a bhunaigh an Coimisiún chun cabhrú le forbairt *Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail* dá chuid.

## Is mian linn cuir chuige nuálacha i leith PEERanna amach anseo a fhorbairt

Tugann na sonraí a bailíodh trí Sheicliostaí PEER anailís ar shampla ar fud na tíre ar infhaighteacht príomhábhar do lá na vótála agus saoráidí do thoghthóirí faoi mhíchumas. Tugann na freagraí léargas freisin ar chomhlíonadh na nósanna imeachta toghcháin. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún ionchur uathoibrithe agus uaslódáil na sonraí a bhailítear trí Sheicliosta PEER ar lá na vótála a thástáil i rith an toghcháin uachtaráin. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas anailís chainníochtúil ar thorthaí ár mbreathnóireachtaí a chur ar fáil go luath i ndiaidh imeacht toghcháin.

Maidir leis an méid a foghlaimíodh ó **PEER na Samhna**:

- Scríobh an Coimisiún chuig na cinn chomhairimh le sonraí faoi na deacrachtaí a chonaic **foirne breathnóireachta PEER** sna stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu ina ndáilcheantair ar an 29 Samhain, agus sainaithníodh gníomhartha a d'fhéadfaí a ghlacadh ar mhaithe le feabhsúchán roimh an gcéad imeacht toghcháin eile.
- Beidh an Coimisiún ag plé le cinn chomhairimh chun a n-aiseolas a chloisteáil i ndiaidh an tuarascáil PEER seo don olltoghchán a fhoilsiú, agus chun dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na moltaí

sna trí thuarascáil PEER a phlé.

- Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus obair leantach – anuas ar chruinnithe inar díríodh ar PEER leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina ról mar rúnaíocht agus cathaoirleach don Mheitheal um Vótáil Daoine faoi Mhíchumas, bíonn Aonad Oideachais agus Rannpháirtíochta Vótálaithe an Choimisiúin ag plé le heagraíochtaí ó raon leathan earnálacha, ina measc na hearnálacha oideachais fhoirmiúil/oideachas aosaigh/pobail agus grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar thoghthóirí a mbíonn constaicí sa bhealach ar a rannpháirteachas i dtoghcháin, ina measc Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, toghthóirí faoi mhíchumas, agus an pobal i gcoitinne.

- PEER thoghcháin uachtaráin 2025:
  - › Roghnú téamach agus fócas PEER an toghcháin uachtaráin – critéir i dtaca le stáisiúin vótála a roghnú le haghaidh cuairteanna ar lá na vótála.
  - › Baint dhíreach ag vótálaithe faoi mhíchumas i gcuairteanna breathnóireachta PEER i gcomhairle leis an **Meitheal Grúpaí a mBíonn Constaicí sa Bhealach Orthu** de chuid an Choimisiúin.
  - › Taithí vótálaithe faoi mhíchumas le gabháil sna suirbhéanna a dhéantar mar chuid den *Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais*.



# 15. Iarnótaí

1 Is Tíreolaíocht nua uirbeach iad Ceantair Uirbeacha a d'fhorbair CSO, Tailte Éireann agus an Roinn Tithíochta – féach https://data-osi.opendata.arcgis.com/datasets/osi::cso-urban-areas-national-statistical-boundaries-2022-ungeneralised/about
2 https://ec-report.s3.eu-west-1.amazonaws.com/tuarascail-athbhreithnithe-toghcheantar-2023.pdf
3 Is gléas plaisteach trédhearcach é an teimpléad páipéir ballóide atá le leagan ar bharr an pháipéir ballóide chun vótáil vótálaithe a bhfuil lagú amhairc orthu a éascú.
4 https://cdn.electoralcommission.ie/app/uploads/2024/09/03150409/Athbhreithniu-i-ndiaidh-Imeacht-Toghchain.pdf
5 Tá liosta de mholtaí PEER an Mheithimh agus an Mhárta ar lch 26: https://cdn.electoralcommission.ie/app/uploads/2024/12/06153942/ATHBHREITHNIU-I-nDIAIDH-IMEACHT-TOGHCHAIN_Tagged.pdf
6 https://cdn.electoralcommission.ie/app/uploads/2024/08/29111232/Strategy-Statement-2024-2026_Irish.pdf
7 https://assets.gov.ie/312963/3e85cb42-027b-4ede-8249-20112f9f652c.pdf
8 https://assets.gov.ie/315444/da892dda-b560-4fe5-b920-79779593f8d0.pdf lch 8
9 2.3 Daoine a bhfuil cead acu a bheith i láthair ag stáisiúin vótála – lch 9 https://assets.gov.ie/315444/da892dda-b560-4fe5-b920-79779593f8d0.pdf
10 https://www.electoralcommission.ie/ga/conas-vota-a-chaitheamh
11 https://www.electoralcommission.ie/ga/cen-dailcheantar-ina-gconaim
12 https://nda.ie/uploads/publications/Accessibility-Checklist-for-Polling-Stations-April-2024-FINAL.docx
13 https://commission.europa.eu/document/download/66b9212e-e9b0-409d-88a3-c0e505a5e670_en?filename=SWD_2023_408_1_EN_document_travail_service_part1_v4.pdf, lch 17
14 https://fra.europa.eu/ga/publication/2014/indicators-right-political-participation-people-disabilities
15 https://www.osce.org/files/f/documents/e/a/477730_0.pdf
16 Annex B - Sample Observation Forms for Voting https://www.osce.org/files/f/documents/5/e/68439.pdf, lgh 109-111
17 Ríomhfhoghlaim ESCE faoin mBreathnóireacht Toghchái
18 Déantar idirdhealú sa reachtaíocht toghcháin idir "áit vótaíochta", limistéar nó áitreabh ina ndéantar vótáil, scoil náisiúnta mar shampla, agus "stáisiún vótaíochta", spás laistigh den áit vótála a chuirtear ar fáil do thoghthóirí chun a vóta a chaitheamh, seomra ranga mar shampla. I dtuarascálacha PEER, úsáidtear an téarma "stáisiún vótála" chun cur síos a dhéanamh ar áitreabh ginearálta chomh maith leis an spás ar leith a chuirtear ar fáil do thoghthóirí chun a vóta a chaitheamh.
19 https://www.pobal.ie/pobal-hp-deprivation-index/
20 https://www.dublincityreturningofficer.com/index.php/european-and-local-elections-june-2024/49-turnout-by-polling-place-june-2024
21 https://data-osi.opendata.arcgis.com/datasets/osi::cso-urban-areas-national-statistical-boundaries-2022-ungeneralised/about
22 https://assets.gov.ie/315444/e5739670-fbbf-434d-b923-32f0d0b45cf0.pdf lch 8
23 https://www.gov.ie/ga/an-roinn-tithíochta-rialtais-áitúil-agus-oidhreachta/foilseachain/teimpléad-páipéir-ballóide-do-vótálaithe-atá-daill-nó-lagamhairc/
24 https://www.gov.ie/ga/an-roinn-tithíochta-rialtais-áitúil-agus-oidhreachta/foilseachain/teimpléad-páipéir-ballóide-do-vótálaithe-atá-daill-nó-lagamhairc/
25 https://vvi.ie/
26 https://vi.ie/

27 https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/electoralProcess/electionResults/dail/2025/2025-04-02_34th-dail-general-election-results_en.pdf
28 https://www.gov.ie/ga/an-roinn-tithíochta-rialtais-áitiúil-agus-oidhreachta/foilseachain/33rd-dáil-election-february-2020-election-results/
29 Alt 94(5)(a) den *Acht Toghcháin, 1992-*
"5) I ngach stáisiún vótaíochta, déanfaidh an ceann áitiúil na nithe seo a leanas a sholáthar—
(a) cibé líon eadrann a mheasfaidh sé is gá chun go bhféadfaidh na vótálaithe a bpáipéir bhallóide a mharcáil gan aon duine bheith ag faire orthu"
30 Foráiltear san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* don Choimisiún tuairisciú go bliantúil don Oireachtas ar a mheasúnú ar stádas agus feidhmiú chláir na dtoghthóirí. D'fhoilsigh an Coimisiún Tuarascáil Formhaoirseachta ar Chláir na dToghthóirí i mí na Bealtaine 2025 - https://cdn.electoralcommission.ie/app/uploads/2025/04/30153727/TUARASCAIL-FORMHAOIRSEACHTA-AR-CHLAIR-NA-dTOGHTHOIRI.pdf
31 https://assets.gov.ie/312963/3e85cb42-027b-4ede-8249-20112f9f652c.pdf lch 82
32 https://www.checktheregister.ie/ga-IE/forms nó www.voter.ie (Baile Átha Cliath amháin)
33 https://www.electoralcommission.ie/ga/comhairliuchan/
34 https://assets.gov.ie/315444/e5739670-fbbf-434d-b923-32f0d0b45cf0.pdf lch 8
35 Best Practice Access Guidelines - Designing Accessible Environments, lgh 85–86, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann. Eagrán 4, Samhain 2020. https://www.iwa.ie/access-guidelines/best-practice-access-guidelines-4/
36 Alt 15B den Acht Toghcháin, 1992
37 https://www.irishstatutebook.ie/eli/1992/act/23/section/80/enacted/en/html
38 Memorandum for the Guidance of Returning Officers General Election 2024-
Ba cheart don Oifigeach Comhairimh Speisialta a chinntiú i ngach cás ina n-iarrtar air nó uirthi an páipéar ballóide a mharcáil le haghaidh Vótálaí Speisialta nach mbeidh duine ar bith eile, seachas an Garda ar dualgas, i láthair nuair a bheidh an páipéar á mharcáil. lch 53 - https://assets.gov.ie/312963/3e85cb42-027b-4ede-8249-20112f9f652c.pdf
39 I bhfianaise na leasuithe a tugadh isteach san Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, feasacht a mhéadú i measc toghthóirí ar a bhfuil riochtaí meabhairshláinte agus ina measc siúd a chónaíonn i saoráidí meabhairshláinte den fhéidearthacht a bhaineann le leas a bhaint as an bpostvótáil agus as vóta speisialta. – lch 26
40 https://www.electoralcommission.ie/ga/cen-dailcheantar-ina-gconaim/
41 https://www.galway.ie/ga/nuacht/name,49988,ga.html
42 https://cdn.electoralcommission.ie/app/uploads/2024/07/08123732/EC_RESEARCH_PROGRAMME_IRISH_ACCESSIBLE.pdf
43 https://www.checktheregister.ie/ga-IE/forms
https://www.voter.ie/general/downloads (Baile Átha Cliath amháin)
44 Codanna XIII agus XIV den Acht Toghcháin, 1992
45 https://www.electoralcommission.ie/ga/cen-dailcheantar-ina-gconaim/
46 https://cdn.electoralcommission.ie/app/uploads/2024/09/03150409/Athbhreithniu-i-ndiaidh-Imeacht-Toghchain.pdf

# 16. Aguisíní

## Aguisín 1 – Feachtas Eolais d'Olltoghchán an 29 Samhain

Leagtar amach tiomantas an Choimisiúin do rannpháirtíocht an phobail i Ráiteas Straitéise 2024–2026 dár gcuid. Tugtar breac-chuntas ann ar chur chuige atá sainoiriúnaithe chun oideachas a chur ar an toghlacht agus feasacht a mhéadú ina measc chun go mbeifí rannpháirteach in imeachtaí toghcháin.

Roimh lá na vótála don olltoghchán agus sular thugamar faoinár n-athbhreithniú ar lá an toghcháin, reáchtáil an Coimisiún feachtas náisiúnta spriocdhírithe chun an pobal a chur ar an eolas agus a chur i mbun plé ar an toghchán agus an gá atá le bheith cláraithe le vóta a chaitheamh.

Seachadadh ár bhfócais chumarsáide i dtrí chéim ar leith idir an 25 Deireadh Fómhair agus an 29 Samhain; chun daoine a spreagadh le clárú le vóta a chaitheamh ar dtús, ansin daoine a chur ar an eolas faoin olltoghchán, agus ar deireadh daoine a fháil faoi réir agus a chur ar an eolas faoin gcaoi le vótáil.

B'údar misnigh dúinn a fheiceáil gur chuir ár bhfeachtas le 115,130 iarratas nua ar líne chun clárú le vóta a chaitheamh i mí na Samhna amháin, agus 50,541 nuashonrú ar líne ar an gclár i mí na Samhna.

### Rannpháirtíocht sna meáin

Thug an Coimisiún faoi chlár mionsonraithe rannpháirtíochta meán ar fud na meán náisiúnta agus réigiúnach. I rith an fheachtais a mhair cúig seachtaine, thug ár bPríomhfheidhmeannach Art O'Leary, an Ceannasaí Oibríochtaí Toghcháin Tim Carey, an Bainisteoir Oideachais Sarah Keaveney agus an Bainisteoir Cumarsáide Brian Dawson faoi 81 agallamh ar na meáin le hiriseoirí craolta, prionta agus ar líne, ag labhairt faoin gcaoi le clárú, an chaoi le do bhallóid a chomhlánú agus an gá atá le dul amach agus vóta a chaitheamh.

As an 81 agallamh sin, bhí 24 ar na meáin náisiúnta, podchraoltaí ina measc, agus bhí 57 ar mheáin áitiúla nó réigiúnacha. Thug Antóin Ó Trinlúin ón gCoimisiún faoi sheacht n-agallamh Gaeilge freisin. Thug an Coimisiún freagra díreach freisin ar cheisteanna ó na meáin faoi na toghcháin trínár bhfeidhm preasoifige.

### Feachtas fógraíochta

Cuireadh feachtas fógraíochta an Choimisiúin ar bun ar feadh cúig seachtaine, agus bhí fógraíocht teilifíse, raidió, phrionta, lasmuigh, ar thaispeáint dhigiteach agus ar chainéil meán sóisialta ina cuid de. Chuir ár gclár d'imeachtaí rannpháirtíocht an phobail agus sna meáin ar fud na tíre leis sin. D'óstáil suíomh gréasáin agus cainéil meán sóisialta an Choimisiúin raon leathan d'ábhar úsáideach chun cabhrú leis an bpobal ullmhú chun a vóta a chaitheamh ar lá na vótála.

Nuálaíocht faoi leith chun tacú le hoideachas na vótálaithe ab ea an chéad fhógra sonrach riamh in Éirinn don teilifís agus ar líne inar taispeánadh do dhaoine an chaoi lena bpáipéar ballóide a

chomhlánú i gceart. Craoladh na fógraí i nGaeilge agus i mBéarla, agus bhí Conor O'Donnell le feiceáil iontu. Is ball é de Chomhairle Náisiúnta Chomhairleach Down Syndrome Ireland agus aisteoir a chonacthas sa tsraith theilifíse 'Bad Sisters' freisin.

Léirigh anailís ar ár bhfeachtas fógraíochta trí chéile gur aimsigh sé lucht féachana measta de 1.1 milliún duine fásta i measc daoine 18–45 bliain d'aois amháin. Léirigh ár dtaighde i ndiaidh an fheachtais freisin go dteastaíonn tuilleadh eolais fós ó 80% díobh siúd atá 18–24 bliain d'aois ón gCoimisiún faoi conas vóta a chaitheamh, an méid a theastaíonn uathu chun vóta a chaitheamh, an chaoi leis an gclár a sheiceáil, agus cuirfidh an léargas sin lenár bpleanáil d'fheachtais amach anseo.

## Imeachtaí feachtais

Gné lárnach a thacaigh le feachtas an Choimisiúin don olltoghchán ar an 29 Samhain ab ea an clár d'imeachtaí ina raibh daoine i láthair go pearsanta ar fud na tíre agus béim faoi leith ar phlé le vótálaithe níos óige.

Thug foireann an Choimisiún faoi chlár rannpháirtíochta náisiúnta, ina measc canbhasáil sráide i dTamhlacht, Baile Bhlainséir, Cathair Chorcaí, Cathair na Gaillimhe agus i lár Bhaile Átha Luain. Bhí cruinnithe againn freisin le grúpaí a rinne ionadaíocht ar an Lucht Siúil, vótálaithe céaduaire, daoine faoi mhíchumas, cumainn mac léinn, agus rinneamar cur i láthair faoi vótáil agus rannpháirteachas i naoi meánscoil sa tréimhse roimh lá na vótála.

De réir fócas foriomlán ar inrochtaineacht, chruthaigh agus dháil an Coimisiún dhá leabhrán Éasca le Léamh le hIonchuimsiú Éireann; dhírigh ceann amháin ar conas clárú agus an ceann eile ar conas vótáil.

Mar nuálaíocht nua i rith an fheachtais seo, chuamar i gcomhpháirt leis an stáisiún raidió Spin FM chun feachtais ardphróifíle cláraithe vótálaithe a eagrú sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, agus chuamar i gcomhpháirt le baill d'fhoireann teagaisc Choláiste na hOllscoile Corcaigh chun imeacht agus feachtas cláraithe vótálaithe a eagrú ansin. Tharraing na himeachtaí sin airde ar fhíormhian i measc daoine níos óige iad féin a chur ar an gclár.

## Na meáin shóisialta

Roinn an Coimisiún sceideal de phoist mhealltacha agus fhaisnéiseacha ar raon cainéil meán sóisialta (X, Instagram, Facebook, Threads, Snapchat, TikTok agus LinkedIn).

Inár bhfeachtais ar na meáin shóisialta don olltoghchán, bhí os cionn 1.45m taispeáint ar ár Instagram, os cionn 113,000 amharc ar fhíseáin ar ár TikTok, agus chuamar i gcion ar 1.1m cuntas Facebook.

Nuálaíocht ar leith i rith an fheachtais ab ea an tsraith físeán ar na meáin shóisialta a d'fhreagair ceisteanna ón bpobal faoin toghchán agus vótáil go díreach. I measc na dtopaicí a phléigh ár gCeannasaí Oibríochtaí Toghcháin Tim Carey sna físeáin ghearra sin, bhí conas clárú, an bhféadfá do pheann nó do pheann luaidhe féin a úsáid chun vóta a chaitheamh, agus an raibh cead grianghraif a thógáil le linn na vótála. Breathnaíodh ar an ábhar orgánach sin go forleathan, agus bhí 90,000 amharc ar TikTok ar fhíseán móréilimh amháin.

Nuálaíocht eile ab ea taifeadadh agus léiriú an fhíseáin "Journey of a Ballot Box" inar taispeánadh an t-aistear a thóg bosca ballóide amháin i mBaile Átha Cliath i rith an toghcháin, óna phacáil i stóras, a shéalú ag foireann vótála dá úsáid, a úsáid ar lá an toghcháin, agus ansin a thuras chuig an ionad comhairimh agus a oscailt. Bhí sé sin ceaptha tuiscint an phobail ar an bpróiseas "sa chúlra" a mhéadú agus roinneadh é ar fud ár gcainéal meán sóisialta nuair a bhí tús á chur le comhaireamh olltoghchán 2024.

## Suíomh Gréasáin

Cuireadh eolas spriocdhírithe agus ceisteanna coitianta faoin olltoghchán ar ár suíomh gréasáin, www.electoralcommission.ie, le leagan amach atá éasca le húsáid agus taithí úsáideora atá dírithe ar inrochtaineacht, go háirithe dóibh siúd atá faoi mhíchumas.

I rith thréimhse an fheachtais, d'fháiltíomar roimh 330,768 amharc ar ár suíomh gréasáin dátheangach, ó 211,201 úsáideoir, 87,485 amharc ar lá na vótála féin. Ba é ár leathanach "*Conas Vóta a Chaitheamh*" an ceann ba mhó ar tugadh cuairt air.

Nuálaíocht i rith fheachtas an olltoghcháin ab ea forbairt agus seoladh uirlis nua ar líne "Aimsigh Mo Dháilcheantar"[45] ag foireann Oibríochtaí Toghcháin an Choimisiúin. Chuir an uirlis nua sin ar chumas daoine a seoladh nó a nÉirchód a chur isteach chun eolas a fháil láithreach ar na dáilcheantair ina raibh cónaí orthu. Bhí an-tóir ar an uirlis nua sin, le 138,991 amharc i rith an fheachtais agus luadh é i dtuairisciú na meán ar na toghcháin mar acmhainn do vótálaithe.

Measadh go raibh tábhacht faoi leith ag baint leis an uirlis aimsithe dáilcheantar i ndiaidh Athbhreithniú 2023 ar Thoghcheantair a d'fhág gur bhog leathmhilliún duine dáilcheantar ón olltoghchán roimhe sin. Déanfar tuilleadh forbartha ar an uirlis sin do thoghcháin amach anseo.

# Aguisín 2 –
# Innéacs na Stáisiún Vótála ar Tugadh Cuairt Orthu

## 1. Cathair Bhaile Átha Cliath: An Céatadán Toghthóirí a Vótáil

Cúig cheantar vótála (CVanna) ina raibh an céatadán toghthóirí a vótáil íseal ó thoghcháin an 7 Meitheamh, bunaithe ar shonraí oifigiúla a d'fhoilsigh ceann comhairimh Chathair Bhaile Átha Cliath.

| | Ceantar Vótála | Dáilcheantar | An Céatadán Toghthóirí a Vótáil (Meitheamh 2024) | Stáisiún Vótála |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Ráth Maonais Thiar A1 | Cuan Bhaile Átha Cliath Theas | 17.01 | Bunscoil San Louis, D06 FD92 |
| 2 | Pembróc Thiar B1 | Cuan Bhaile Átha Cliath Theas | 22.38 | Coláiste Dhroichead na Dothra, D04 R201 |
| 3 | Ráth Maonais Thoir A | Cuan Bhaile Átha Cliath Theas | 23.49 | Scoil Il-Sainchreidmheach Raghnallach, D06 Y658 |
| 4 | An Chabrach Thoir C | Baile Átha Cliath Láir | 24.48 | S.N. Chríost Rí, D07 X950 |
| 5 | Ráth Maonais Thoir D | Cuan Bhaile Átha Cliath Theas | 24.89 | Ionad Paróiste Choill na Feá, D06 Y176 |

## 2. Cathair Bhaile Átha Cliath: Innéacs Pobal

Cúig thoghroinn (TR) a catagóiríodh mar faoi mhíbhuntáiste, faoi mhíbhuntáiste mór nó faoi mhíbhuntáiste ollmhór ar Innéacs HP Pobal (2022).

| | Toghroinn | Dáilcheantar | Catagóir Innéacs Pobal | Stáisiún Vótála |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Coill an Phrióra B | Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh | Faoi Mhíbhuntáiste Mór | S.N. Shinsearach Naomh Proinsias, D17 F978 |
| 2 | Fionnghlas Theas C | Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh | Faoi Mhíbhuntáiste Mór | S.N. Naomh Finnín, D11 WN70 |
| 3 | Fionnghlas Thuaidh A | Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N. Naomh Iósaef, D11 A8PD |
| 4 | Cill Mhór C | Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh | Faoi Mhíbhuntáiste | Ionad Cathartha an Taobh Thuaidh, D17 K462 |
| 5 | Coill an Phrióra D | Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N. Naomh Iósaef, Bóthar Mhaigh Chromtha, D17 DY60 |

## 3. Contae Bhaile Átha Cliath: Díothacht Shóisialta

Cúig thoghroinn (TR) a catagóiríodh mar faoi mhíbhuntáiste, faoi mhíbhuntáiste mór nó faoi mhíbhuntáiste ollmhór de réir Innéacs HP Pobal.

| Toghroinn | | Dáilcheantar | Catagóir Innéacs Pobal | Stáisiún Vótála |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Tamhlacht-Cill an Ardáin | Baile Átha Cliath Thiar Theas | Faoi Mhíbhuntáiste Mór | Scoil Shinsearach Chnoc Mhuire, D24 TF65 |
| 2 | Cluain Dolcáin-Rualach | Baile Átha Cliath Thiar-Meán | Faoi Mhíbhuntáiste Mór | S.N. Rualaí, [S.N.S Mhuire] D22 H504 |
| 3 | Tamhlacht-Abhainn Bheag | Baile Átha Cliath Thiar Theas | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N. Pháirc an tSléibhe, [S.N. San Doiminic] D24 P7XC |
| 4 | Carna | Baile Átha Cliath Theas-Lár | Faoi Mhíbhuntáiste | Ionad Cathartha Pobail Bhaile Formaid, D10 T042 |
| 5 | Cluain Dolcáin-An Cheapach Mhór | Baile Átha Cliath Thiar-Meán | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N.S. Thrócaire Dé, K78 A393 |

## 4. Ar fud na tíre: Innéacs Pobal

25 TR, TR amháin ó gach contae taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, a catagóiríodh mar faoi mhíbhuntáiste, faoi mhíbhuntáiste mór nó faoi mhíbhuntáiste ollmhór de réir Innéacs HP Pobal.

| Toghroinn | | Dáilcheantar (Contae) | Catagóir Innéacs Pobal | Stáisiún Vótála (*nár tugadh cuairt air cheanna – bunaithe ar Scéimeanna Vótála an Mheithimh) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | An Ghallmhóin B | Cathair Luimnigh | Faoi Mhíbhuntáiste Ollmhór | S.N. Le Chéile [Bóthar Bhaile an Róistigh], V94 X2TR |
| 2 | Cnoc na hAoine | Corcaigh Thuaidh-Lár | Faoi Mhíbhuntáiste Mór | Scoil Mhuire ar Chnoc na hAoine, T23 AH26 |
| 3 | Leitir Bric | Maigh Eo | Faoi Mhíbhuntáiste Mór | S.N. Leathardáin, F26 XV34 |
| 4 | Larchville/Lios Dúgáin | Port Láirge | Faoi Mhíbhuntáiste Mór | S.N. Bhuachaillí Naomh Pól, X91 YX80 |

| | Toghroinn | Dáilcheantar (Contae) | Catagóir Innéacs Pobal | Stáisiún Vótála (*nár tugadh cuairt air cheanna – bunaithe ar Scéimeanna Vótála an Mheithimh) |
|---|---|---|---|---|
| 5 | Carn an Bhua | Cill Mhantáin-Loch Garman (Cill Mhantáin) | Faoi Mhíbhuntáiste | Scoil Aodán Naofa 'S.N. Charn an Bhua', Wool Green, Carn an Bhua, Co. Chill Mhantáin, Y14 XR62 |
| 6 | Maighean Rátha | Laois | Faoi Mhíbhuntáiste | Halla Naomh Fionntán Maighean Rátha, R32 X309 |
| 7 | Muine Bheag (Uirbeach) | Ceatharlach-Cill Chainnigh (Ceatharlach) | Faoi Mhíbhuntáiste | Halla Cuimhneacháin McGrath, R21 WR66 |
| 8 | An Muileann gCearr Thuaidh (Uirbeach) | An Longfort-An Iarmhí (An Iarmhí) | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N. na mBráithre Críostaí, an Muileann gCearr, N91 HE22 |
| 9 | Ráth Mhic Curcaí | Sligeach-Liatroim (Sligeach) | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N. Chill Ghlas, an Baile Glas, Inis Crabhann, Co. Shligigh, F26 E682 |
| 10 | TR: Garrán an Dásanaigh<br><br>Ceantar Beag: Buíochar | An Cabhán-Muineachán (Muineachán) | TR: Beagáinín Faoi Bhun an Mheáin<br><br>Ceantar Beag: Faoi Mhíbhuntáiste | TR: Garrán an Dásanaigh<br><br>Ceantar Beag: Buíochar<br><br>Stáisiún Vótála: S.N. Eaglais na hÉireann i mBuíochar, H18 FD93 |
| 11 | Inis (Uimh.2 Uirbeach) | An Clár | Faoi Mhíbhuntáiste | Comhairle Baile na hInse, V95 N1NR |
| 12 | An Dúchoraidh | Dún na nGall | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N. na Dúchoradh, F94 YP28 |
| 13 | An Choill Mhór | Gaillimh Thoir | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N. Chluain Tuaiscirt, H53 X568 |
| 14 | An Doirín | Ciarraí | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N. Scairteach an Ghlinne, V93 Y443 |
| 15 | Baile Átha Í Thiar (Uirbeach) | Cill Dara Theas | Faoi Mhíbhuntáiste | Eaglais na hÉireann i mBaile Átha Í, R14 HX26 |
| 16 | Coillte Clochair | Sligeach-Liatroim (Liatroim) | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N. Choillte Clochair, F91 NF72 |
| 17 | An Lios Liath | An Longfort-An Iarmhí (An Longfort) | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N. Bhéal Átha na Lao, N39 HY57 |
| 18 | Dún Dealgan (Uirbeach Uimh.2) | Lú | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N.C. Chaisleán Dhún Dealgan, A91 P957 |

| | Toghroinn | Dáilcheantar (Contae) | Catagóir Innéacs Pobal | Stáisiún Vótála (*nár tugadh cuairt air cheanna – bunaithe ar Scéimeanna Vótála an Mheithimh) |
|---|---|---|---|---|
| 19 | Ceanannas (Uirbeach) | An Mhí Thoir | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N. Cholmcille [Ceanannas], A82 FF86 |
| 20 | Mainistir na Búille (Uirbeach) | Ros Comáin-Gaillimg (Ros Comáin) | Faoi Mhíbhuntáiste | Bunscoil Mhainistir na Búille, F52 KT52 |
| 21 | An Baile Beag | Tiobraid Árann Thuaidh | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N. an Bhaile Bhig, E41 VW24 |
| 22 | Inis Córthaidh (Uirbeach) | Loch Garman | Faoi Mhíbhuntáiste | Bunscoil Naomh Aodáin, Y21 WD30 |
| 23 | Béal Tairbirt | An Cabhán-Muineachán (An Cabhán) | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N.B. Scoil Mhuire, H14 WA46 |
| 24 | An tSraith | Uíbh Fhailí | Faoi Mhíbhuntáiste | S.N. Phollaigh, R35 K521 |
| 25 | Áth na nUrlainn | Tiobraid Árann Thuaidh (Cill Chainnigh) | Faoi Mhíbhuntáiste | Cumann CLG Emeralds, R35 K521 |

## 5. Toghthóirí idir 18–24 Bliain d'Aois

29 toghroinn (TR) a sainaithníodh i sonraí Dhaonáireamh 2022 mar na TRanna ag a bhfuil an dlús is airde de dhaoine atá 18-24 bliain d'aois.

| | Toghroinn | Dáilcheantar | Stáisiún Vótála |
|---|---|---|---|
| 1 | Ceapach an Bhile | An Clár | S.N. Chluain Lára, V94 FP92 |
| 2 | Mainistir Ghiolla Aodha C | Corcaigh Theas-Lár | S.N. Fhionnbarra Naofa, Ardán Mhainistir Ghiolla Aodha, T12 CH96 |
| 3 | Mainistir Ghiolla Aodha A | Corcaigh Theas-Lár | Scoil Naomh Muire an Oileáin, Sráid an Easpaig, T12 DW99 |
| 4 | An Daingean | Gaillimh Thiar | S.N. Pháirc na Sceach, H91 AF57 |
| 5 | An Mhuirdíog | Corcaigh Theas-Lár | S.N. Naomh Iósaef, an Mhuirdíog, T12 YY07 |
| 6 | Sligeach Thuaidh | Sligeach-Liatroim (Sligeach) | Scoil Naomh Breandán, Céide Luí na Gréine, an Cartún, Sligeach, F91 YTK2 |
| 7 | Poleberry | Port Láirge | S.N. Waterpark, Bóthar na Páirce, X91 D540 |
| 8 | An Loch | Corcaigh Theas-Lár | S.N. an Chnocáin Ghlais, T12 HE14 |

| | Toghroinn | Dáilcheantar | Stáisiún Vótála |
|---|---|---|---|
| 9 | An Caisleán Nua | Gaillimh Thiar | Ionad Pobail Westside, Bóthar Shéamais Uí Chuirc, H91 C1KX |
| 10 | Móinéar an Rí | Port Láirge | Scoil Speisialta Naomh Iósaef, Sráid Parnell, X91 E030 |
| 11 | An Duga D | Cathair Luimnigh | Scoil Mháthair Dé, an Cuarbhóthar Theas, Béal Átha na Cora (Bowman), Luimneach, V94 VR64 |
| 12 | Béal Átha Síomoin | Cathair Luimnigh | S.N. Dhomhnach Mór, V94 X051 |
| 13 | An Bóthar Ard | Gaillimh Thiar | S.N. na nDoiminiceach, an Bóthar Ard, H91 C573 |
| 14 | Béal Átha an Ghaorthaidh | Corcaigh Thiar Thuaidh | S.N. Fhionnbarra, Béal Átha an Ghaorthaidh, P12 PC04 |
| 15 | Ros Chorca Mrua | Uíbh Fhailí | S.N. Ros Chorca Mrua, an Bheitheach, Ros Cré, E53 TY38 |
| 16 | Toghroinn Uí Dhíomasaigh | Uíbh Fhailí | Scoil Mhuire, Cluain na nGamhan, Co. Uíbh Fhailí, R35 NP58 |
| 17 | An Charraig Dhubh-Gleann na Míne | Dún Laoghaire | Scoil Mhuire na Trócaire, Co. Bhaile Átha Cliath, A94 V656 |
| 18 | An Duga Thuaidh B | Baile Átha Cliath Láir | Ionad Pobail Sheáin Uí Chathasaigh, an Port Thuaidh, Co. Bhaile Átha Cliath, D03 AY74 |
| 19 | Drom Laoinn | An Clár | S.N. na Cluana Muiní, V95 AH94 |
| 20 | Cé Árann A | Baile Átha Cliath Láir | Teach Biocáire na Naomh, Baile Phib, Co. Bhaile Átha Cliath, D07 Y9T3 |
| 21 | An Halla Bán A | Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh | Coláiste Plunket, BOOCBÁC, Bóthar Shoird, D09 C94K |
| 22 | An Móta | Gaillimh Thoir | S.N. Chill Íomair, H53 DP95 |
| 23 | Maigh Nuad | Cill Dara Thuaidh | S.N.B. Mhaigh Nuad (S.N.B. Mhuire), Moyglare Rd, Co. Chill Dara, W23 Y598 |
| 24 | Gleann Buí | Sligeach-Liatroim (Liatroim) | S.N. Naomh Micheál, Gleann Fearna, Co. Liatroma, F91 YW25 |
| 25 | TR Bhaile an Ghaill | Cill Mhantáin | Halla Ráth Daingin, W91 F897 |

| | Toghroinn | Dáilcheantar | Stáisiún Vótála |
|---|---|---|---|
| 26 | Seantalamh | Gaillimh Thiar | Scoil Bhríde Sheantalaimh, Bóthar Sheantalaimh, Gaillimh, H91 VW59 |
| 27 | Cluain Sceach-Na Glasáin | Baile Átha Cliath-Ráth an Dúin | S.N. Gharrán Mhuire, Bóthar Bhaile na nGabhar, Fearann na mBráthar, D14 Y993 |
| 28 | Corr an Fhleá | Sligeach-Liatroim (Liatroim) | S.N. Naomh Mhuire, an Droim Liath, Carraig Álainn, Co. Liatroma, H12 P596 |
| 29 | Muirbheach | Gaillimh Thiar | Bunscoil Choillte Mhuirlinne, H91 D7VH |

## 6. Cás-staidéar: Toghthóirí faoi Mhíchumas

Cúig stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu i dteannta Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA) agus rogha toghthóirí faoi mhíchumas i gContae Mhaigh Eo.

| | Stáisiún Vótála | Seoladh |
|---|---|---|
| 1 | Áisleann Bhéal an Mhuirthead | Sráid na hEaglaise, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo, F26 W5H0 |
| 2 | Scoil Náisiúnta Achaidh an Ghlaisín | Achadh Ghlaisín, Co. Mhaigh Eo, F26 X763 |
| 3 | S.N. na Corrchloiche | Scoil Náisiúnta na Corrchloiche, an Chorrchloch, Co. Mhaigh Eo, F26 RW94 |
| 4 | S.N. an Gheata Mhóir | An Geata Mór, Co. Mhaigh Eo, F26 TX06 |
| 5 | S.N. na hEachléime (Scoil Bhreandáin) | Scoil Bhreandáin, an Eachléim, an Fód Dubh, Co. Mhaigh Eo, F26 P704 |

## 7. Rannpháirtíocht an Phobail

Sé stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu de bharr ceisteanna a tharraing an pobal anuas.

| | Suíomh | Dáilcheantar (Contae) | Seoladh |
|---|---|---|---|
| 1 | Halla Baile an Chóibh, Co. Chorcaí | Corcaigh Thoir | Halla an Bhaile, Teach na Carraige, an Cóbh, P24 CH02 |

| | Suíomh | Dáilcheantar (Contae) | Seoladh |
|---|---|---|---|
| 2 | S.N. Ravenswell | Dún Laoghaire | S.N. Ravenswell, Ravenswell, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Bré, Cill Mhantáin, A98 X8X7 |
| 3 | S.N. Bhaile Chláir | Gaillimh Thiar | S.N. Bhaile Chláir, Droim na Gaoithe, Baile Chláir, Gaillimh, H91 C6D0 |
| 4 | S.N. an Rois (S.N. Réalt na Mara) | Sligeach-Liatroim (Sligeach) | S.N. Réalt na Mara, na Rosa Uachtaracha, an Rois, Sligeach, F91 TR29 |
| 5 | S.N. Chrochta na Gréine (S.N. Bhríde) | Cill Dara Theas | S.N. Bhríde, Crochta na Gréine, an Currach, Cill Dara, R56 NR27 |
| 6 | Scoil Chuimhneacháin JFK | Cathair Luimnigh | Scoil Chuimhneacháin JFK, Bóthar na hInse, V94 P9E8 |

## 8. Dáileadh Tíreolaíoch

Seacht stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu chun a chinntiú go ndearnadh dóthain ionadaíochta ar cheantair uirbeacha agus oileáin amach ón gcósta.

| | Stáisiún Vótála agus Seoladh | Dáilcheantar |
|---|---|---|
| 1 | S.N.B. Cholmcille, Lána an tSéipéil, Garrán Ashley, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, K67 WP65 | Baile Átha Cliath-Fine Gall Thoir |
| 2 | Ionad Pobail Dhomhnach Bat, Bóthar Phort Reachrann, Domhnach Bat, Co. Bhaile Átha Cliath, K36 F598 | Baile Átha Cliath-Fine Gall Thoir |
| 3 | S.N.S. Lusca, Bóthar an tSéipéil, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath, K45 CX43 | Baile Átha Cliath-Fine Gall Thiar |
| 4 | S.N. an Rois, Bóthar an Chainéil, an Ros, Co. Bhaile Átha Cliath, K56 VK88 | Baile Átha Cliath-Fine Gall Thiar |
| 5 | Ionad Pobail na Sceirí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath, K34 K377 | Baile Átha Cliath-Fine Gall Thiar |
| 6 | Oifig Phobail Inis Arcáin, Inis Arcáin, P81 AE02 | Corcaigh Thiar Theas |
| 7 | Scoil Náisiúnta Árainn Mhór (An Leadhb Gharbh), Oileán Árainn Mhór, Dún na nGall, F92 Y978 | Dún na nGall |

# Aguisín 3 – Anailís Staitistiúil ar Sheicliosta PEER

| Ceist Sheicliosta PEER | √ | X | % √ | % X | N/B |
|---|---|---|---|---|---|
| D1.1 Comharthaíocht (Treochomharthaíocht) | 33 | 54 | 38% | 62% | 0 |
| D1.2 Comharthaíocht (Fógra) | 75 | 10 | 88% | 12% | 2 |
| D2.1 Canbhasáil (Póstaeir) | 17 | 68 | 20% | 80% | 2 |
| D2.2 Canbhasáil (Eile) | 0 | 86 | 0 | 100% | 1 |
| D3.1 Páirceáil (Ginearálta ar Fáil) | 80 | 7 | 92% | 8% | 0 |
| D3.2 Páirceáil (Páirceáil do Dhaoine faoi Mhíchumas ar Fáil) | 47 | 34 | 58% | 42% | 6 |
| E1.1 Leagan Amach (Leordhóthanach) | 87 | 0 | 100% | 0% | 0 |
| E1.2 Leagan Amach (Fabhrach) | 85 | 2 | 98% | 2% | 0 |
| E1.3 Leagan Amach (Slándáil) | 87 | 0 | 100% | 0% | 0 |
| E1.4 Leagan Amach (Rúndacht) | 87 | 0 | 100% | 0% | 0 |
| E2. Foireann (Inaitheanta) | 86 | 1 | 99% | 0% | 0 |
| E3.1 Bealach Éalaithe Éigeandála (Ar Fáil) | 80 | 4 | 95% | 5% | 3 |
| E3.2 Bealach Éalaithe Éigeandála (Comharthaíocht) | 72 | 2 | 97% | 3% | 13 |
| E4.1 Póstaeir (Cionta agus Céannacht) | 83 | 2 | 98% | 2% | 2 |
| E4.2 Póstaeir (Páipéar Ballóide i gCló Mór) | 84 | 1 | 99% | 1% | 2 |
| E5. Ábhair | 12 | 73 | 14% | 86% | 2 |
| F1. Aitheantas | 50 | 29 | 63% | 37% | 8 |
| F2.1 Páipéar Ballóide (Stampáilte) | 84 | 0 | 100% | 0% | 3 |
| F2.2 Páipéar Ballóide (Clár Marcáilte) | 84 | 0 | 100% | 0% | 3 |
| F3.1 Vótáil (Rúndacht Urrainne) | 86 | 1 | 99% | 1% | 0 |
| F3.2 Vótáil (Toghthóir Amháin san Urrann) | 82 | 4 | 95% | 5% | 1 |
| F3.3 Vótáil (Grianghraif) | 2 | 85 | 2% | 98% | 0 |
| G1.1 Guaiseacha (Céimeanna) | 22 | 65 | 25% | 75% | 0 |
| G1.2 Guaiseacha (Eile) | 8 | 76 | 10% | 90% | 3 |
| G2. Leagan Amach (Úsáid Daoine faoi Mhíchumas) | 77 | 5 | 94% | 6% | 5 |
| G3.1 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Príomhbhealach Isteach) | 65 | 22 | 75% | 25% | 0 |
| G3.2 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Comharthaíocht) | 39 | 32 | 55% | 45% | 16 |
| G3.3.1 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Rampa Ar Fáil) | 52 | 11 | 83% | 17% | 24 |

| Ceist Sheicliosta PEER | √ | X | % √ | % X | N/B |
|---|---|---|---|---|---|
| G3.3.2 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Rampa Buan) | 44 | 7 | 86% | 14% | 36 |
| G3.3.3 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Rampa Sealadach) | 9 | 12 | 43% | 57% | 66 |
| G3.4 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Bealach Isteach Eile) | 17 | 9 | 65% | 35% | 61 |
| G4.1 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Leagan Amach do Chathaoireacha Rothaí) | 83 | 3 | 97% | 3% | 1 |
| G4.2.1 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Spás Íseal-leibhéil) | 81 | 6 | 93% | 7% | 0 |
| G4.2.2 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Bothán Íseal-leibhéil) | 74 | 6 | 93% | 7% | 7 |
| G4.2.3 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Deasc Íseal-leibhéil) | 38 | 20 | 66% | 34% | 29 |
| G4.3 Úsáid Cathaoireach Rothaí (Bosca Ballóide) | 76 | 10 | 88% | 12% | 1 |
| G4.4.1 Lagú Amhairc (Teimpléad Páipéir Ballóide ar Fáil) | 79 | 3 | 96% | 4% | 5 |
| G4.4.2 Lagú Amhairc (Fadhbanna le Teimpléad Páipéir Ballóide) | 2 | 80 | 2% | 98% | 5 |
| G4.4.3 Lagú Amhairc (Saorghlao) | 1 | 82 | 1% | 99% | 4 |
| G5. Bodhar/Allaíre (Lúb) | 2 | 84 | 2% | 98% | 1 |
| G6. Míchumais Neamhfhisiciúla (Cúnamh) | 4 | 83 | 5% | 95% | 0 |
| G7.1 Compánach Vótála (Cúnamh) | 11 | 75 | 13% | 87% | 1 |
| G7.2 Compánach Vótála (Mionn) | 0 | 7 | 0% | 100% | 80 |
| H2.1 Daoine Údaraithe (Pearsanaíocht) | 1 | 86 | 1% | 99% | 0 |
| H2.2 Daoine Údaraithe (Fadhbanna) | 0 | 87 | 0% | 100% | 0 |

# Aguisín 4 – Comhfhreagras leis an Aire James Browne

An tUasal James Browne,
An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta,
Teach an Chustaim,
Baile Átha Cliath 1.

21 Feabhra 2025

A Aire, a chara,

Ag a chruinniú an tseachtain seo caite, d'aontaigh an Coimisiún Toghcháin gur cheart dom scríobh chugat faoi ábhar a imríonn tionchar ar chomhionannas agus inrochtaineacht an phróisis vótála do dhaoine faoi mhíchumas. Tarraingíodh aird air sin san *Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin*[46] a d'fhoilsigh an Coimisiún le haghaidh reifrinn an Mhárta in 2024, agus iarrann an Coimisiún ort a chinntiú go dtugtar aghaidh air sin roimh an toghcháin Uachtaráin i bhfómhar 2025.

Mar is eol duit, féadfaidh daoine nach bhfuil in ann vóta a chaitheamh i láthair go pearsanta ag a stáisiún vótála áitiúil mar gheall ar thinneas nó míchumas clárú le haghaidh vóta poist. Teastaíonn teastas leighis dó sin, agus d'fhéadfaí táille a ghearradh air sin. Cé gur fáiltíodh roimh an athrú chun feabhais a tugadh isteach leis an Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 gur féidir teastas dá leithéid a fháil uair amháin anois, seachas go dteastaíonn sé go bliantúil, tá sé fós dochosanta go bhfuil catagóir áirithe toghthóirí a chaithfidh íoc chun leas a bhaint as a gceart vótála. Measann an Coimisiún go bhfuil na nósanna imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh teastais leighis ag cruthú costas breise le haghaidh go leor iarratasóirí, agus gur ionann sin agus bacainn éagórach ar rannpháirteachas. Níor cheart go mbeadh aon chostas airgeadais ar iarratasóir as iarratas a dhéanamh ar phostvótáil sa chás go dteastaíonn teastas leighis.

Tugtar tiomantas in Clár Taighde 2024–2026 ón gCoimisiún do thaighde ar cheist na postvótála, le haghaidh toghthóirí faoi mhíchumas freisin, ach is é tátal an Choimisiúin go bhfuil dóthain foras agus fianaise ann chun tacú le deireadh a chur leis an táille seo láithreach.

Mar shampla, léirigh sonraí a bailíodh mar chuid dár Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) le haghaidh thoghcháin áitiúla agus Eorpacha an Mheithimh gur luaigh 23% de na vótálaithe faoi mhíchumas nár chaith vóta a dtinneas/míchumas mar chúis leis sin.

Chuala an Comhchoiste Oireachtais um na nithe a bhaineann le Míchumas fianaise dá leithéid ar an 25 Deireadh Fómhair 2023 ar thionchar na táille seo agus an tseachtain seo féin, fuair mé litir ó úsáideoir cathaoireach rothaí ar an gceist inar dúradh:

> *"Ba cheart go mbeadh tuilleadh eolais ar fáil faoin bpostvótáil agus spreagadh le cur isteach uirthi, is féidir leis an ngá atá le teastas leighis fadhbanna a chruthú agus a bheith costasach… Nuair a bhaintear mo cheart vótála díom mar gheall ar mo mhíchumas, ionsaítear mo chearta daonna i dtaobh mo chumais ghníomhaíoch agus rochtana féin."*

Bheadh an Coimisiún buíoch mar sin dá gcinnteofá nach n-iarrtar an táille seo níos mó ionas nach mbeidh sé ina chonstaic ag vótálaithe faoi mhíchumas a dteastaíonn uathu clárú le haghaidh vóta poist roimh an toghchán Uachtaráin i bhfómhar 2025.

Is mise, le meas,

Art O'Leary
Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin Toghcháin

# Aguisín 5 – Tuarascáil Toghcháin Shamplach

**Tuarascáil Toghcháin**

Toghchán Dála – 29 Samhain 2024

| | |
|---|---|
| 1 | **Postvótálaithe agus Vótálaithe Speisialta** |
| A | An líon páipéir bhallóide a eisíodh do phostvótálaithe |
| B | An líon páipéir bhallóide a eisíodh do vótálaithe speisialta |
| C | An líon clúdaigh postvótálaithe a seoladh ar ais mar neamhsheachadta, clúdaigh ar chuir an ceann comhairimh seoladh nua orthu agus a atheisíodh dá réir ina measc |
| D | An líon forchlúdach a fuarthas ó phostvótálaithe roimh chríochnú na vótála |
| E | An líon forchlúdach a fuarthas ó vótálaithe speisialta roimh chríochnú na vótála |
| F | Iomlán [D + E] |
| G | An líon páipéir bhallóide phoist agus speisialta ar diúltaíodh dóibh ar oscailt an bhosca ballóide (admháil nach raibh páipéar ballóide ina dteannta ina measc) |
| H | An líon páipéir bhallóide phoist agus speisialta a cuireadh i mbosca ballóide chun cuntais páipéar ballóide a dheimhniú ina dhiaidh sin |
| I | An líon páipéir bhallóide phoist agus speisialta a fuarthas i mbosca ballóide chun cuntais páipéar ballóide a dheimhniú ina dhiaidh sin |
| J | An líon forchlúdach a fuarthas ó phostvótálaithe tar éis chríochnú na vótála |
| 2 | **An líon forchlúdach a fuarthas ó phostvótálaithe tar éis chríochnú na vótála** |
| A | An líon iomlán páipéir bhallóide a taifeadadh mar pháipéir a cuireadh i mboscaí ballóide stáisiúin vótála (.i. gan bosca ballóide poist san áireamh) |
| B | An líon iomlán páipéir bhallóide a fuarthas i mboscaí ballóide stáisiúin vótála (.i. gan bosca ballóide postvótálaithe san áireamh) |
| 3 | **Páipéir Bhallóide Neamhbhailí** |
| A | Cheal marc oifigiúil |
| B | Níor taispeánadh príomhrogha go soiléir, páipéir bhallóide gan mharc ina measc |
| C | Taifeadadh go soiléir príomhrogha do níos mó ná iarrthóir amháin |
| D | Scríobh nó marc lena bhféadfaí an vótálaí a aithint |
| E | An líon iomlán ar diúltaíodh dóibh |

____________________________ ______/______/______

Ceann Comhairimh Dáta

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Bealtaine 2025
ISBN: 978-1-911722-12-0

**An Coimisiún Toghcháin,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2,
D02 X8X8.**

@ElecCommIRL